An Roinn Iompair
Department of Transport

zevi Zero Emission Vehicles Ireland

Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2026-2028



Table of Contents

Acrainmneacha agus Sainmhínithe 8

Réamhrá an Aire 13

Achoimre Fheidhmeach 16

Réamhrá 23

Riachtanais Úsáideoirí 24

1. Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 28

1.1 Forléargas 28

1.2 Comhthéacs Beartais na hEorpa 28

1.2.1 An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR), (Rialachán (AE) 2023/1804). 29

1.2.2 Treoir AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle). 33

1.2.3 Treoir AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED) (Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) 33

1.2.4 Caighdeáin Feidhmíochta Astaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin phaisinéirí nua agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua (Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialacháin (AE) 2023/85) 34

1.2.5 Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh 2024 (Treoir(AE) 2024/1275) 35

1.2.6 An Treoir maidir le Feithiclí Glana (CVD) 36

1.3 Comhthéacs Beartais Náisiúnta 36

1.3.1 Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 36

1.3.2 Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 37

1.3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 37

1.3.4 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta 38

1.3.5 Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh (SFÉ) 38

1.3.6 Clár an Rialtais 39

1.3.7 Luchtú Traschosáin 40

1.3.8 Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022-2031 40

1.3.9 An Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 41

1.3.10 Ag Bogadh le Chéile: Cur Chuige Comhoibríoch i ndáil le hAthrú Córas san Iompar 41

1.3.11 Beartas maidir le Hidrigin agus roghanna breosla malartacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann 42

2. Bunphrionsabail 44

2.1 Prionsabal 1: Beidh bonneagar feithiclí leictreacha ina chuid de líonra iompair inbhuanaithe níos leithne 45

2.2 Prionsabal 2: Oibreoidh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha do gach duine, beag beann ar aois, sláinte, ioncam nó riachtanais eile 45

2.3 Prionsabal 3: Maidir le formhór na n-úsáideoirí feithiclí leictreacha, is é luchtú baile an príomhréiteach luchtaithe a bheidh ann fós 46

2.4 Prionsabal 4: Cuirfear roghanna malartacha luchtaithe ar fáil dóibh siúd nach féidir leo luchtú a dhéanamh sa bhaile 46

2.5 Prionsabal 5: Ar fud an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha, beidh córais luchtaithe feithiclí leictreacha idir-inoibritheach agus chomh simplí agus is féidir le húsáid 47

3. Éiceachóras Feithiclí Leictreacha Reatha na hÉireann: Dúshláin agus Deiseanna ar an mBóthar Romhainn 49

3.1 Stádas Reatha Glactha Feithiclí Leictreacha in Éirinn 49

3.2 Sprioc Leictriúcháin 50

3.2.1 Leictriú Feithiclí ar Mhéid Paisinéirí **50**

3.2.2 Leictriú Veaineanna Tráchtála **51**

3.2.3 Leictriú Feithiclí Tromshaothair **52**

3.3 Bonneagar Luchtaithe atá ann cheana 53

3.3.1 An Líonra Luchtaithe Phoiblí a Fhás **54**

3.3.2 Infhaighteacht Luchtaithe Phoiblí d'Fheithiclí Tromshaothair **57**

3.3.3 Príomhghníomhaithe agus Dinimic an Mhargaidh sa Líonra Luchtaithe Phoiblí **58**

3.4 Dúshláin agus Deiseanna ar an mBóthar Romhainn 59

3.4.1 Spriocanna Líonra a Bhaint Amach **59**

3.4.2 Dáileadh Forleathan **60**

3.4.3 Éileamh Náisiúnta ar Leictreachas, Acmhainneacht Eangaí agus Naisc **60**

3.4.4 Praghsanna ar Luchtú Poiblí **61**

3.4.5 Eispéireas Úsáideora **62**

3.5 Achoimre ar Éiceachóras Feithiclí Leictreacha na hÉireann 62

4. Feithiclí Saothair Éadroim: Spriocanna Líonra agus Straitéis Chur chun Feidhme 66

4.1 Riachtanais Úsáideoirí LDVanna 66

4.1.1 Ag Freastal ar Riachtanais Ilúsáideoirí **68**

4.2 Cur chun feidhme an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta 68

4.2.1 LDV1: Luchtú Ardchumhachta Mótarbhealaí agus in aice le Mótarbhealaí **70**

4.2.2 LDV2: Luchtú ar an mBealach ar Ghréasán Carrbhealaí Singile TEN-T **72**

4.2.3 LDV3: Luchtú Ardchumhachta agus Tapa ar fud an Phríomhghréasáin Bóithre **74**

4.3 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha na hÉireann 76

4.4 Conas a Bhainfear Spriocanna Bonneagair Luchtaithe Phoiblí Feithiclí Leictreonacha Amach 77

4.5 Chur chun feidhme an Phlean Réigiúnaigh agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 79

4.5.1 Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte **79**

4.5.2 Réitigh Luchtaithe Comharsanachta **81**

4.5.3 Luchtú Cinn Scríbe **85**

4.6 Tacaíocht a thabhairt d'Fhás an Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 88

4.6.1 Amchlár agus Céimniú **88**

4.6.2 Athbhreithniú Meántéarma **92**

5. Bonneagar Luchtaithe HDVanna 94

5.1 Spriocanna Bonneagair Leictrithe agus Luchtaithe HDVanna na hÉireann 94

5.1.1 Spriocanna Leictrithe HDVanna na hÉireann **94**

5.1.2 Spriocanna Éigeantacha maidir le Bonneagar Luchtaithe HDVanna **96**

5.2 Staid Reatha agus Treochtaí 98

5.2.1 Grúpa Oibre um Chonair Leictrithe HDVanna **99**

5.3 Freastal ar Riachtanais Luchtaithe Úsáideoirí 101

5.3.1 Luchtú Iosta **101**

5.3.2 Luchtú ar an mBealach ar Ghréasán Bóithre Náisiúnta **103**

6.	**Éileamh ar an Líonra Leictreachais a Bhainistiú**	**110**
6.1	**Éileamh ar Fhuinneamh Feithiclí Leictreacha go dtí 2030/2035**	**110**
6.2	**Infheistíocht Líonraí ESB**	**111**
6.3	**Luchtú Cliste**	**112**
6.3.1	Ag Breathnú Chun Cinn	**114**
6.4	**Cineálacha Bonneagair Luchtaithe agus Comhtháthú Eangaí**	**115**
6.4.1	Luchtú Cónaithe	**115**
6.4.2	Luchtú san Ionad Oibre	**116**
6.4.3	Luchtú Cinn Scríbe	**116**
6.4.4	Luchtú ar an mBealach	**116**
6.5	**Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS)**	**117**
6.6	**Treoirscéimeanna Solúbtha maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha a Dhearadh**	**118**
7.	**Bonneagar a Sheachadadh**	**122**
7.1	**Rochtain agus Úsáid Chothrom a Fheabhsú**	**124**
7.2	**Rialacháin agus Reachtaíocht a mbeidh tionchar acu ar Sholáthar Bonneagair**	**126**
7.2.1	Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)	**126**
7.2.2	Luchtú Traschosáin	**126**
7.2.3	Ceadanna	**127**
7.2.4	Athbhreithniú Rialála	**128**
7.3	**Scéimeanna maidir le Bonneagar Luchtaithe**	**129**
7.3.1	Scéimeanna atá á Soláthar	**129**
7.3.2	Scéimeanna Oscailte d'Iarratais	**129**
7.4	**Forfheidhmiú AFIR**	**132**
7.5	**Rioscaí agus Spleáchais**	**133**
Aguisín A / Riachtanais Úsáideoirí		**135**



Acrainmneacha agus Sainmhínithe

Acrainm	Sainmhíniú
SA	Sruth Ailtéarnach
AFIR	An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha
BESS	Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí
BEV	Feithicil Cheallra-Leictreach
CAF	Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide
CAP	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
CCS	Comhchóras Luchtaithe
CPO	Oibreoir Pointe Luchtaithe
CRF	An Coimisiún um Rialáil Fóntais
SD	Sruth Díreach
RI	An Roinn Iompair
DXP	Ardán Malartaithe Sonraí
ESBN	Líonraí Bhord an tSoláthair Leictreachais
eSPSV	Feithicil Bheag Seirbhíse Poiblí Leictreach
AE	An tAontas Eorpach
EV	Feithicil Leictreach
HGV/HDV	Feithicil Earraí Troma/Feithicil tromshaothair
ICE	Inneall Dócháin Inmheánaigh
LDV	Feithicil Saothair Éadroim
SNÉF	Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
PHEV	Feithicil Leictreach Hibrideach Inluchtaithe
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
UTAEnna	Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnálacha
TEN-T	An Gréasán Tras-Eorpach Iompair
BIÉ	Bonneagar Iompair Éireann
UDGanna	Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch
V2G	Ó Fheithicil go hEangach
V2H	Ó Fheithicil go Teach
ZEVI	Zero Emission Vehicles Ireland
ZEHDV	Scéim Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha

Cur Chuige 'Seachain, Aistrigh, Feabhsaigh'

Leis an gcur chuige 'Seachain, Aistrigh' Feabhsaigh', cuirtear creat i láthair chun bearta beartais a struchtúrú. Tá an cur chuige spreagtha ag prionsabail na hinbhuanaitheachta, agus féachtar leis laghduithe suntasacha ar astaíochtaí carbóin, laghdú ar ídiú fuinnimh agus níos lú brú tráchta a bhaint amach, agus is é an cuspóir deiridh pobail níos ináitrithe a chruthú. Tá trí cholún i gceist leis an gcur chuige:

- **Seachain:**
  Tagraíonn sé sin don ghá le héifeachtúlacht an chórais iompair a fheabhsú. Trí phleanáil chomhtháite talamhúsáide agus bainistíocht an éilimh iompair, féadfar fad an turais (agus fiú an gá le taisteal ar chor ar bith) a laghdú.
- **Aistrigh:**
  Féachtar le 'aistrigh' le héifeachtúlacht taistil a fheabhsú. Tá sé an-inmhianaithe go n-aistreofaí ón modh iompair uirbigh is mó a ídíonn fuinneamh (i.e. carranna) i dtreo modhanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol
  (amhail taisteal gníomhach nó iompar poiblí).
- **Feabhsaigh:**
  Dírítear an chomhpháirt 'feabhsaigh' ar éifeachtúlacht feithiclí agus breosla chomh maith le bharrfheabhsú agus nuálaíocht bonneagair iompair. Tá sé mar aidhm leis éifeachtúlacht
  fuinnimh modhanna iompair agus teicneolaíocht feithiclí ghaolmhar a fheabhsú.
  Ina theannta sin, admhaítear leis acmhainneacht úsáid fuinnimh mhalartaigh.

Pointe Luchtaithe

Is comhéadan seasta nó soghluaiste é pointe luchtaithe lena n-éascaítear aistriú leictreachais chuig feithicil leictreach. Ní féidir leis ach feithicil leictreach amháin a luchtú ag an am céanna, cé go bhféadfadh asraonta iomadúla a bheith ann chun freastal ar chineálacha éagsúla nascóirí.

Catagóir	Fochatagóir	Aschur Cumhachta Uasta
SA	Pointe luchtaithe SA mall, aon phas	P < 7.4kW
	Pointe luchtaithe SA meánluais, trí phas	7.4kW ≤ P ≤ 22kW
	Pointe luchtaithe SA thapa, trí phas	P > 22kW
SD	Pointe luchtaithe SA mhall, trí phas	P < 50kW
	Pointe luchtaithe SD thapa, trí phas	50kW ≤ P < 150kW
	Pointe luchtaithe SD Ardchumhachta (HPC)	P > 150kW

Comhthiomsú Luchtaithe (nó mol luchtaithe)

Is éard atá i gcomhthiomsú luchtaithe ná stáisiún luchtaithe amháin nó níos mó ag suíomh ar leith, lena n-áirítear (i gcásanna áirithe) na spásanna páirceála tiomnaithe cóngarach dóibh. D'fhéadfadh roinnt CPOnna a bheith i láthair ag ionad luchtaithe.

Stáisiún Luchtaithe


Is é stáisiún luchtaithe an tsuiteáil fhisiceach le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha. Tá aschur uasta teoiriciúil cumhachta ag gach stáisiún, arna shloinneadh in kW. Tá pointe luchtaithe amháin ar a laghad ag gach stáisiún nach féidir leis freastal ach ar fheithicil amháin ag an am. Is le líon na bpointí luchtaithe ag stáisiún luchtaithe a shocraítear líon na bhfeithiclí is féidir a athluchtú ag an stáisiún sin ag aon am áirithe. I gcás ina ndéantar níos mó ná feithicil amháin a athluchtú ag an stáisiún luchtaithe sin ag am áirithe, déantar an t-aschur cumhachta uasta a dháileadh ar na pointí luchtaithe éagsúla, a mhéid is go mbeidh an chumhacht a sholáthraítear ag gach pointe luchtaithe aonair níos ísle ná aschur cumhachta an stáisiúin sin.

Nascóir

Tagraíonn Nascóir Feithiclí Leictreacha don chomhéadan fisiceach idir an pointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe agus an fheithicil trína ndéantar an breosla nó an fuinneamh leictreach a mhalartú.

Luchtú Traschosáin

Is éard is luchtú traschosáin ann ná córais dhílseánaigh atá deartha chun cáblaí luchtaithe a choinneáil i gcosán ar bhonn sealadach agus feithicil á luchtú. Ciallaíonn sé sin gur féidir le daoine nach bhfuil páirceáil eas-sráide acu a bhfeithiclí leictreacha a luchtú ar an tsráid, gan cáblaí luchtaithe a tharraingt trasna an chosáin. Baintear an cábla nuair a bheidh an luchtú críochnaithe.



Aistriú Cóir

Coincheap is ea an tAistriú Cóir a bhfuil sé mar aidhm leis aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh inbhuanaithe gan pobail ná oibrithe leochaileacha a fhágáil ina ndiaidh. Cinntítear leis ceart agus cóir, cothroime agus cuimsiú trí thacaíocht agus deiseanna a sholáthar d'oibrithe agus do phobail lena mbaineann, trí thús áite a thabhairt d'idirphlé sóisialta agus d'aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus leas sóisialta á chur san áireamh. Trí fhreagracht chomhshaoil a chomhcheangal le cothrom sóisialta, féachtar le chur chuige maidir le haistriú cóir todhchaí inbhuanaithe a chruthú a rachaidh chun tairbhe do chách, lena laghdófar suaitheadh eacnamaíoch agus lena gcumhachtaítear iad siúd a bhfuil an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin ag dul i gcion orthu.

Stáisiún Luchtaithe atá Inrochtana don Phobal

Tá 'bonneagar breoslaí malartacha atá inrochtana don phobal' ar fáil do gach tiománaí feithicle leictrí. De réir an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a foilsíodh in 2023, is éard is bonneagar luchtaithe atá inrochtana don phobal ná ceann atá 'suite ag suíomh nó áitreabh atá oscailte don phobal i gcoitinne, beag beann ar an bhfuil an bonneagar breoslaí malartacha suite ar mhaoin phoiblí nó phríobháideach, an bhfuil teorainneacha nó coinníollacha i bhfeidhm maidir le rochtain ar an suíomh nó ar an áitreabh agus beag beann ar na coinníollacha úsáide is infheidhme maidir leis an mbonneagar breoslaí malartacha.'

Áirítear leis sin, mar shampla, pointí luchtaithe príobháideacha a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu atá suite ar mhaoin phoiblí nó phríobháideach, amhail carrchlóis phoiblí nó carrchlóis ollmhargaí. Níor cheart pointí luchtaithe do scéimeanna comhroinnte carranna a mheas mar phointí atá inrochtana don phobal ach amháin má cheadaíonn siad rochtain go sainráite d'úsáideoirí tríú páirtí. Ní mheastar go bhfuil rochtain phoiblí ar phointí luchtaithe atá suite ar mhaoin phríobháideach, atá teoranta do ghrúpa cinnte daoine, amhail carrchlós i bhfoirgnimh oifige nach bhfuil rochtain ach ag fostaithe nó daoine údaraithe orthu.

Dearadh Uilíoch

Is éard is Dearadh Uilíoch ann ná próiseas ina ndéantar timpeallacht a dhearadh agus a chumadh ionas gur féidir le gach duine rochtain a fháil uirthi, í a thuiscint agus í a úsáid a mhéid is féidir, beag beann ar a n-aois, a méid, a gcumas nó a míchumas. Áirítear leis sin áiteanna poiblí sa timpeallacht thógtha amhail foirgnimh, sráideanna nó spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu; táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil sna háiteanna sin; agus córais atá ar fáil lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

Is éard is stáisiún luchtaithe atá deartha go huilíoch ann ná ceann atá deartha lena chinntiú gur féidir gach uile dhuine é a úsáid go héasca, go sábháilte agus go compordach, gan aon bhacainní fisiceacha, cognaíocha ná teicneolaíocha.

Idir-inoibritheacht

Is éard is idir-inoibritheacht ann, sa chiall is leithne den fhocal, ná cumas córas ríomhaireachta nó bogearraí faisnéis a mhalartú agus a úsáid. I gcás bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, ciallaíonn éiceachóras idir-inoibritheach a bhaint amach gur féidir le haon úsáideoir aon mhúnla feithicle leictrí a luchtú go héasca ag aon stáisiún luchtaithe leis an eolas agus na roghanna íocaíochta atá ar fáil.

Luchtú Sráide/Eas-sráide

Ciallaíonn luchtú sráide bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáiltear ar bhóithre poiblí nó ar shráideanna, i bhfoirm stáisiún luchtaithe cois bóthair, de ghnáth, Is éard is luchtú eas-sráide ann, ar an láimh eile, ná bonneagar luchtaithe atá suite i limistéar ar amhail carrchlóis nó garáistí.

Gréasán TEN-T

Is gréasán bóithre, iarnród, calafort agus aerfort uile-Eorpach é an gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T). Ceanglaítear go gcuirfear an bonneagar iompair ar an gCroíghréasán TEN-T i gcrích de réir na gcaighdeán a leagtar amach sa Rialachán faoi 2030. Is líonra níos leithne é an Líonra Cuimsitheach a chaithfear a chríochnú faoi 2050.

Leagtar amach sa rialachán freisin 'Conairí Iompair Eorpacha' ardtosaíochta – lena nasctar gréasáin iompair paisinéirí agus lastais ar fud na hEorpa. Cuimsítear Éire in dhá cheann díobh sin - Conair an Atlantaigh agus Conair na Mara Thuaidh-na Réine-na Meánmhara.

Feithiclí Tromshaothair (HDVanna)

Baineann catagóir leathan le Feithiclí Tromshaothair (HDVanna) ina gcuimsítear aon fheithiclí a bhfuil a n-ollmheáchan feithicle níos mó ná 3.5 tona. I measc na samplaí tá trucailí lastais nó feithiclí iompair paisinéirí ina bhfuil níos mó ná 8 suíochán (busanna agus cóistí).

Feithiclí Earraí Troma (HGVanna)

Is fochatagóir de HDVanna iad Feithiclí Earraí Troma (HGVanna), a thagraíonn go sonrach d'fheithiclí lastais tráchtála a bhfuil a n-ollmheáchan feithicle os cionn 3.5 tona méadrach. Ní áirítear feithiclí iompair paisinéirí amhail busanna agus cóistí i gcatagóiriú na bhfeithiclí troma.

Réamhrá an Aire

Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2026-2028

Tá an-áthas orm Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2026-2028 a chur i láthair, ina n-athdhearbhaítear tiomantas na Roinne Iompair do líonra feithiclí leictreacha na hÉireann a leathnú agus a nuachóiriú. Is príomhchumasóir den aistriú chuig iompar astaíochtaí nialasacha é an straitéis seo agus tacaíonn sí lenár sprioc náisiúnta 30% den fhlít gluaisteán príobháideach a aistriú go feithiclí leictreacha faoi 2030.

Tá leictriú flíteanna ar cheann de na gníomhaíochtaí maolaithe is mó tionchar a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus soláthrófar an sciar is mó de laghduithe ar astaíochtaí iompair faoi 2030 leis. Agus Éire ag leanúint leis an earnáil iompair a dhícharbónú, tá an t-éileamh ar fheithiclí leictreacha ag fás go seasta. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcoinneofar ár mbonneagar luchtaithe suas leis an bhfás sin, agus a chinntiú go bhfuil sé inrochtana, iontaofa agus go seasfaidh sé an aimsir do gach úsáideoir.

Tógann an straitéis seo ar na boinn rathúla a leagadh síos le Straitéis 2022-2025 na Roinne agus léirítear léi uaillmhian leanúnach an Rialtais coinneáil chun tosaigh ar an éileamh, ceanglais an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) a chomhlíonadh agus bonneagar a sheachadadh a chomhlíonann riachtanais úsáideoirí feithiclí leictreacha atá ag athrú.

I ndiaidh Straitéis 2022-2025 a fhoilsiú, forbraíodh agus foilsíodh na Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch i mí na Bealtaine 2024. Soláthraítear leis na treoirlínte sin creat soiléir le haghaidh rolladh amach bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha inrochtana agus éifeachtúil ar fud na tíre. Forbraíodh na treoirlínte i gcomhar le saineolaithe tionscail, comhghleacaithe rialtais, eagraíochtaí míchumais agus grúpaí úsáideoirí, agus cinntítear leo go bhfuil an bonneagar luchtaithe cuimsitheach do chách agus go gcuireann dea-chleachtas idirnáisiúnta bonn eolais faoi.

Leagtar amach sa Phlean Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta, a foilsíodh in 2024 freisin, na ceanglais maidir le bonneagar luchtaithe atá inrochtana ag an bpobal. Tá sé mar aidhm leis bonneagar luchtaithe ardchumhachta, tapa agus áisiúil a sheachadadh ar fud na tíre. Tá méadú ar an acmhainn luchtaithe ar ár mbóithre náisiúnta á fheiceáil agam cheanna, rud a thugann dearbhú do thiománaithe feithiclí leictreacha gur féidir leo luchtú pé áit agus am is gá dóibh.

Seoladh Scéimeanna Deontais um Bóithre Náisiúnta maidir le Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha LVD de chuid ZEVI i mí Dheireadh Fómhair 2024, a dhírigh ar os cionn 3,000km de bhóithre náisiúnta. Tá na scéimeanna LDV1 (Mótarbhealaí), LDV2 (Príomhbhóithre Náisiúnta) agus LDV3 (Bóithre Náisiúnta den Dara Grád) deartha chun ceanglais cumhachta AFIR a chomhlíonadh agus a shárú. Le chéile, tá sé mar aidhm ag na scéimeanna sin go gcuirfí 162 mol luchtaithe breise (nó ionad luchtaithe) agus 516 pointe luchtaithe ardchumhachta tapa leis an líonra luchtaithe náisiúnta. Go dtí seo, tá €11 mhilliún geallta do LDV1 agus LDV2

in 2026, agus táthar ag súil le €8.8 milliún eile do LDV3. Tá stáisiúin athluchtaithe tiomnaithe d'Fheithiclí Tromshaothair (HDVanna) éigeantach freisin faoi AFIR, agus €0.5 milliún leithdháilte do 2026 agus €2 mhilliún do 2027.

Tá scéimeanna ceann scríbe faoi bhealach i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath chomh maith, agus 30 luchtaire á suiteáil ag 15 shuíomh comharsanachta agus cinn scríbe i Luimneach agus 200 pointe luchtaithe ag 50 suíomh ar fud na gceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath. Tá na tionscadail sin i gcéimeanna an deartha mionsonraithe nó na tógála faoi láthair, agus tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl leis an ESBN. Tá na húdaráis áitiúla eile go léir ag cur Straitéisí Bonneagair Feithiclí Leictreacha réigiúnacha i gcrích, agus tá cláir phíolótacha á soláthar faoi láthair i 15 cinn acu agus táthar ag súil go dtosóidh cur chun feidhme na straitéisí iomlána níos déanaí sa bhliain 2027.

Cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfar os cionn 80% de luchtú feithiclí leictreacha sa bhaile, tá líonra luchtaithe phoiblí láidir saoráideach riachtanach, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile. Bhí ról lárnach ag infheistíocht ón earnáil phríobháideach sa réimse sin, agus líon na bpointí luchtaithe atá ar fáil go poiblí ag méadú ó 1,700 i mí Mheán Fómhair 2022 go 3,237 in 2025.

Chomh maith leis an dul chun cinn sin ó 2022, feicfimid seachadadh suntasach ó bhonneagar atá maoinithe ag an rialtas in 2026:

- Tá tús curtha leis an obair thógála ar chur i gcrích 162 mol luchtaithe nua ar an mbealach d'fheithiclí leictreacha agus 516 pointe athluchtaithe ardchumhachta ar fud na hÉireann.
- Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte a sholáthraíonn luchtú tapa ag Clubanna Spóirt ar fud an oileáin

Ina theannta sin, i mí Mheán Fómhair 2026, thionóil mo Roinn grúpa fócais náisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar na réitigh agus na próisis chumasúcháin atá ar fáil chun go mbeidh tiománaithe feithiclí leictreacha nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile ábalta luchtú ag suíomhanna sráide lena gcábla luchtaithe féin. Nuair a chuirfear an méid sin i gcrích, tabharfaidh ZEVI scéim um maoiniú dreasaithe le haghaidh réitigh luchtaithe traschosáin chun cinn chun tacú leis an tionscnamh sin.

Táim bródúil as a fhógairt go bhfuil garsprioc bainte amach ag Éirinn san aistriú chuig iompar leictreach le nach mór 272,971 feithicil leictreach cláraithe ar Bhóithre na hÉireann anois. Léirítear leis sin méadú de bhreis agus 76,000 clárú feithiclí leictreacha ó mhí Mheán Fómhair 2025. Agus an móiminteam sin ag leanúint ar aghaidh, tá sé ríthábhachtach go bhfásfaidh ár mbonneagar luchtaithe náisiúnta agus ár n-acmhainneacht eangaí i gcomhar le chéile chun tacú leis an aistriú sin agus muinín a thabhairt do thiománaithe feithicle leictrí reatha agus ionchasacha.

Le chéile, cruthaítear leis na gníomhaíochtaí agus na hinfheistíochtaí sin straitéis chuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach a thacóidh le haistriú na hÉireann chuig córas iompair níos glaine agus níos inbhuanaithe a oibreoidh do chách. Táimid tiomanta fós dár gcur chuige a

oiriúnú mar fhreagairt ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, nuálaíochtaí ceallraí agus riachtanais úsáideoirí atá ag athrú i gcónaí. Tá nuálaíocht agus comhoibriú lárnach dár straitéis, ag spreagadh dul chun cinn agus ag cinntiú go mbainfear aistriú cóir cuimsitheach chuig iompar leictrithe amach.



Darragh O'Brien
An tAire Iompair

Achoimre Fheidhmeach

Tá Éire lántiomanta fós dá spriocanna aeráide a bhaint amach agus iompar a dhícharbónú trí aistriú mórscála chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha. Faoi mhí Mheán Fómhair 2026, bhí breis agus
270,000 feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann.

Tá sé ríthábhachtach go soláthrófaí bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha leordhóthanach chun muinín a chothú i measc úsáideoirí reatha agus ionchasacha feithiclí leictreacha agus chun coinneáil suas leis an éileamh. Leagtar amach sa Straitéis
um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2026-2028 an chonair náisiúnta do sholáthar leanúnach líonra luchtaithe iontaofa, inrochtana a sheasfaidh an aimsir. Tógann an Straitéis ar an dul chun cinn ó Straitéis 2022-2025 agus tá sé mar aidhm aici teacht leis an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) agus le sprioc Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann go mbeidh 30%
de fhlít na gcarranna príobháideacha leictreach faoin mbliain 2030.

Glacann an Straitéis sin cur chuige pleanáilte céimnithe maidir le soláthar trí na blianta 2026-2028. Cé go mbeidh luchtú baile mar an príomhréiteach i gcónaí d'fhormhór na n-úsáideoirí, tugann an Straitéis tús áite do ghréasán luchtaithe poiblí láidir – comharsanacht, ceann scríbe agus ar an mbealach – chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais uile na n-úsáideoirí agus nach mbeidh na daoine a bhfuil rochtain acu ar luchtú baile faoi mhíbhuntáiste.

Dul chun cinn ó thús Straitéis 2022-2025

Ó foilsíodh Straitéis 2022-2025, rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí seo a leanas:

- **Maoiniú chun bonneagar luchtaithe phoiblí ardchumhachta a leathnú feadh ghréasán bóithre náisiúnta na hÉireann** Seoladh Scéimeanna Deontas um Bóithre Náisiúnta ZEVI/BIÉ (LDV1, LDV2 agus LDV3) den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tá siad fós á gcur i bhfeidhm, ina ndírítear ar bhreis agus 3,000 km de bhóithre náisiúnta, agus iad deartha chun ceanglais AFIR a bhaint amach agus chun na ceanglais sin a shárú. Tá tús curtha leis an obair thógála ar chur i gcrích 162 mol luchtaithe nua ar an mbealach d'fheithiclí leictreacha agus 516 pointe athluchtaithe ardchumhachta ar fud na hÉireann.
- **Tacú le bonneagar luchtaithe inrochtana do gach úsáideoir**Forbraíodh agus foilsíodh Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Bhonneagar Luchtaithe feithiclí leictreacha i mí na Bealtaine 2024 agus rinneadh iad a nuashonrú sa bhliain 2026 chun tacú le feidhmiú céimneach ionchuimsitheach agus soláimhsithe.
- **Foilsiú Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta chun cur i bhfeidhm bhonneagar luchtaithe uile na tíre a chomhordú**Bhí an plean náisiúnta sin déanta suas de dhá chuid, foilsíodh an chéad cheann acu, an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta, sa bhliain 2023, inar leagadh amach na ceanglais maidir le saoráidí luchtaithe atá inrochtana ag an bpobal ar bhóithre náisiúnta. Tháinig an Plean Réigiúnach

agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha chun cinn ina dhiaidh sin, a foilsíodh sa bhliain 2024, agus soláthraítear leis conair chun soláthar bonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a luathú ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, i gceantair cinn scríbe agus i gceantair chomharsanachta.

- **Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte** A sholáthraíonn luchtú tapa (50&100kW) ag clubanna Spóirt ar fud na hÉireann.
- **Cuireann an Scéim ZEHDV** deontais ar fáil chun an bhearna i gcostas idir feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus roghanna malartacha a úsáideann díosal a laghdú. Le maoiniú ón Roinn Iompair agus á riar ag BIÉ, tacaíonn sé le dícharbónú earnáil iompair na hÉireann agus maoiníonn sé feithiclí tromshaothair ceallra-leictreacha, feithiclí a úsáideann cealla breosla hidrigine, agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe incháilithe, chomh maith le bonneagar luchtaithe iosta gaolmhar.

Úsáideoirí Feithiclí Leictreacha a bhFreastalaítear Orthu: Pearsana agus Turais Úsáideoirí

Tá an bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha go léir ann sa deireadh chun freastal ar úsáideoirí feithiclí leictreacha. Déanann an Straitéis athnuachan ar na seacht bpearsa bunaidh ó Straitéis 2022-2025, agus cuireann sí beirt bhreise leis chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar chineálacha feithiclí nua. Cuireann na pearsana sin eolas ar fáil do phleanáil bonneagair trí aird a tharraingt ar an am, an áit agus an chaoi a mbíonn ar úsáideoirí éagsúla a gcuid feithiclí a luchtú.

I measc na bpearsana i Straitéis 2026-2028 tá:

- Anna, an Cíosaí Árasáin
- Caroline, an Carr-roinnteoir
- Rachel, an Cónaitheoir Uirbeach ar Scor
- Ruairí, an Comaitéir Tuaithe
- Mike, an Tiománaí HDV (nuashonraithe ó phearsa HGV)
- Tara, an Tiománaí Tacsaí
- Clann Jackson, an Teaghlach Turasóireachta
- Ronan, an Tiománaí Veain Tráchtála (nua)
- Johanna, Bainisteoir Flít Busanna Meánmhéide (nua)

Comhthéacs Beartais

Ó foilsíodh Straitéis 2022-2025, tháinig athrú suntasach ar an gcomhthéacs beartais a bhaineann le bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Neartaíonn na forbairtí sin cinnteacht rialála, tugann siad oibleagáidí ceangailteachta isteach do na Ballstáit, agus leagann siad níos mó béime ar inrochtaineacht, ar idir-inoibritheacht agus ar chomhtháthú na gcóras.

Ar leibhéal an Aontais, léiríonn tabhairt isteach an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) sa bhliain
2023 athrú suntasach ar an gcreat beartais do luchtú feithiclí leictreacha. Cuireann AFIR ceanglais shainordaitheacha in áit spriocanna níos luaithe nach raibh ceangailteach a bhaineann le scála, le dáileadh geografach agus le feidhmíocht theicniúil bonneagair luchtaithe atá inrochtana ag an bpobal. Tugann sé ceanglais chumhachta luchtaithe isteach bunaithe ar achar agus ar fhlít, tugann sé sainordú do phraghsáil thrédhearcach agus roghanna íocaíochta ad hoc, agus leagann sé síos caighdeáin
theicniúla chomhchoiteanna chun idir-inoibritheacht agus eispéireas an úsáideora a fheabhsú ar fud na mBallstát.

Áirítear le reachtaíocht nua eile a chuireann eolas ar fáil d'fhorbairt bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann, tá Treoir an Aontais maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus an Rialachán maidir le
Caighdeáin Feidhmíochta Astaíochta CO_2.

Ar an leibhéal náisiúnta, cuireann an Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh, a foilsíodh sa bhliain 2024, solúbthacht ó thaobh an éilimh de i gcroílár aistriú na hÉireann i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin,
aithníonn sí feithiclí leictreacha mar phríomhfhoinse den tsolúbthacht sin amach anseo, trí luchtú cliste agus
teicneolaíochtaí ó fheithicil go heangach.

Ag an am céanna, tugann an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2024) ceanglais neartaithe isteach maidir le hullmhacht luchtaithe feithiclí leictreacha i bhfoirgnimh nua agus i gcinn atá ann cheana féin, rud a thacaíonn
le leathnú fadtéarmach luchtaithe phríobháidigh agus luchtaithe san áit oibre araon. Tá solúbthacht ó thaobh an éilimh de i gcroílár aistriú na hÉireann i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin, aithníonn sí feithiclí leictreacha mar phríomhfhoinse den tsolúbthacht sin amach anseo, trí mheán an luchtaithe chliste agus dhéthreoch agus teicneolaíochtaí ó fheithicil go heangach.

I Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022-2031, a leagann amach creat 10 mbliana chun an tionscadal a nuachóiriú agus a dhícharbónú, aithnítear an leictriú mar an teicneolaíocht
is fearr chun flít feithiclí HDVanna a dhícharbónú.

Bunphrionsabail

Bunaíodh an Straitéis ar chúig treoirphrionsabal a thagann leis an Straitéis roimhe sin, agus tacaíonn léargas nuashonraithe leo a léiríonn tírdhreach na bhfeithiclí leictreacha atá ag síorathrú.



Uaillmhian Straitéiseach

Is é uaillmhian na Straitéise sin leanúint de líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar a chomhlíonann
riachtanais úsáideoirí feithiclí leictreacha agus a fhanann chun tosaigh orthu, a thacaíonn le spriocanna leictrithe 2030 agus a chomhlíonann ceanglais
AFIR maidir le clúdach, cumhacht agus eispéireas an úsáideora.

Faoin mbliain 2030, is í an sprioc ná 712GW de chumas luchtaithe LDVanna atá inrochtana ag an bpobal a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta.

Feithiclí Soláthair Éadroma (LDVanna): Líonra luchtaithe Náisiúnta a sholáthar atá dírithe ar an Úsáideoir

Leanfaidh feithiclí saothair éadroma lena n-áirítear gluaisteáin paisinéirí agus veaineanna tráchtála éadroma – le bheith freagrach as formhór na bhfeithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann le linn thréimhse na Straitéise sin, agus spreagfar an sciar is mó den éileamh ar bhonneagar luchtaithe phoiblí leo. Cé go mbeidh luchtú baile mar an príomhréiteach i gcónaí d'fhormhór na dtiománaithe feithiclí leictreacha, tá an tacaíocht do leictriú luathaithe na hearnála sin trí líonra luchtaithe phoiblí iontaofa dea-dháilte fós ríthábhachtach chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí iompair na hÉireann a bhaint amach agus chun muinín a chothabháil i measc úsáideoirí reatha agus ionchasacha feithiclí leictreacha.

Tá sé mar aidhm le forbairtí le déanaí, lena n-áirítear gníomhaíocht Rialtais chun luchtú traschosáin a éascú, tacú le réitigh nua luchtaithe atá cóngarach do thithe le haghaidh go leor teaghlaigh bhreise nach bhfuil rochtain acu ar pháirceáil eas-sráide, rud a chabhróidh le háisiúlacht a fheabhsú agus an spleáchas ar luchtú poiblí níos daoire a laghdú do níos mó úsáideoirí LDVanna.

Leagtar amach sa Straitéis cur chuige pleanáilte agus comhordaithe maidir le bonneagar luchtaithe LDVanna a sholáthar, trí bhogadh ó mhúnla luath atá faoi stiúir an mhargaidh go dtí feidhmiú níos struchtúrtha atá faoi stiúir an éilimh.

Feithiclí Tromshaothair (HDVanna): Tógáil na mBonn

Tá dícharbónú iompair thromshaothair níos casta ach is fiú é mar gheall ar an méid a chuireann an earnáil sin le hastaíochtaí. Tacaíonn an Straitéis le céimeanna tosaigh an leictrithe HDV trí chur chuige comhordaithe náisiúnta maidir le pleanáil riachtanas bonneagair athluchtaithe HDVanna na hÉireann, rud a thagann le ceanglais AFIR atá bunaithe ar achar ar ghréasán TEN-T agus ar nóid uirbeacha.

Níl aon mhol luchtaithe tiomnaithe ar fáil go poiblí in Éirinn faoi láthair do HDVanna ar an mbealach. Teastaíonn bonneagar tiomnaithe ó HDVanna i dtéarmaí leagan amach, acmhainn cumhachta, rochtana agus saoráidí, ag moil lóistíochta nó feadh conairí lasta go minic. Táthar ag súil gurb é luchtú iosta
an bhunchloch don leictriú luath, le tacaíocht ó scéimeanna deontas bonneagair ZEHDV. Forbrófar conair spriocdhírithe le haghaidh bonneagar poiblí le haghaidh HDVanna, d'fhonn oibriú i dtreo chomhlíonadh oibleagáidí AFIR agus glacadh níos forleithne a éascú, agus é tacaithe ag an nGrúpa Oibre um Chonair Leictrithe HDVanna, a bhunaigh ZEVI sa bhliain 2025.

Éileamh ar an Líonra Leictreachais a Bhainistiú

De réir mar a mhéadóidh leictriú an iompair, cuirfidh luchtú feithiclí leictreacha brú breise ar an eangach leictreachais. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach an t-éileamh breise sin a bhainistiú ar bhealach cliste agus comhordaithe chun a chinntiú gur féidir leis an mbonneagar luchtaithe leanúint de bheith ag leathnú agus ag méadú gan iontaofacht agus inacmhainneacht an chórais a chur i mbaol.

Beidh luchtú cliste, praghsáil ar am úsáide, agus caighdeáin theicniúla chomhchoiteanna ar nós ISO 15118 lárnach maidir le bainistiú a dhéanamh ar an éileamh ar luchtú feithiclí leictreacha. Cuireann córais stórála fuinnimh ceallraí acmhainneacht shuntasach ar fáil freisin chun cabhrú le srianta ar an eangach a mhaolú ag moil luchtaithe ardchumhachta, tríd an mbuaicéilimh a mhaolú agus trí riachtanais nascachta a laghdú. Braithfidh cur i bhfeidhm an chur chuige sin ar chomhordú dlúth ar fud na n-earnálacha iompair agus fuinnimh.

Ag Breathnú Chun Cinn

Is céim ríthábhachtach í an tréimhse idir 2026 agus 2028 maidir le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar in Éirinn, agus infheistíocht le tacaíocht ón Rialtas á méadú chun fanacht chun tosaigh ar an éileamh agus chun tacú leis an bhfás leanúnach ar ghlacadh feithiclí leictreacha. Chun tacú le cur i bhfeidhm na scéimeanna bonneagair a fógraíodh sa bhliain 2025, tá méadú 20% ar mhaoiniú leithdháilte don bhliain 2026, agus tá méadú breise 16% i gceist don bhliain 2027, faoi na codanna a bhaineann le Gréasáin Bóithre agus Sábháilteacht ar Bhóithre den Phlean Infheistíochta Earnála Iompair (Mí na Samhna 2025). Le méaduithe suntasacha bliantúla breise thar na cúig bliana amach romhainn, éascófar riachtanais infheistíochta méadaithe.
Úsáidfear an maoiniú sin chun tacaíochtaí a mhaoiniú a dhíreoidh ar bhearnaí a sainaithníodh i margadh an bhonneagair feithiclí leictreacha agus tabharfaidh siad aghaidh orthu.

Díreofar ar an soláthar ar mheascán cothrom de luchtú baile, comharsanachta, cinn scríbe agus ar an mbealach, agus aitheantas á thabhairt do réitigh éagsúla a theastaíonn ó úsáideoirí éagsúla agus go bhfuil gá fós le hidirghabháil Rialtais i gcás nach féidir leis an margadh príobháideach leis féin bonneagar a sholáthar ar an scála, ar an luas nó ar an leathadh geografach a theastaíonn.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí fócais maidir le seachadadh bonneagair thar an tréimhse 2026–2028:

- **Luchtú Baile agus Traschosáin**Beidh luchtú baile ina phríomh-mhodh luchtaithe i gcónaí d'fhormhór úsáideoirí feithiclí leictreacha in Éirinn. Tabharfaidh ZEVI tús áite do chur i bhfeidhm córais luchtaithe traschosáin, i gcásanna ina bhfuil sé iomchuí, dóibh siúd nach bhfuil páirceáil thiomnaithe eas-sráide acu, do shuiteáil leanúnach luchtairí baile cliste – a chomhlíonann an caighdeán ISO-15118, agus do chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí V2G i gcásanna inar féidir é sin a dhéanamh.

- **Luchtú comharsanachta**Teastaíonn luchtú comharsanachta ó dhaoine nach bhfuil rochtain thiomnaithe acu ar pháirceáil eas-sráide. Tá ZEVI ag obair le gach údarás áitiúil ar fud na hÉireann chun straitéisí réigiúnacha a fhorbairt agus cláir a reáchtáil ar bhonn píolótach d'fhonn réitigh luchtaithe áitiúla agus chomharsanachta a sholáthar d'úinéirí feithiclí leictreacha nach bhfuil rochtain acu ar pháirceáil eas-sráide.
- **Luchtú ar an mBealach**Soláthrófar luchtú ar an mbealach feadh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta trí shraith trí scéim LDVanna arna seoladh ag ZEVI agus BIÉ cheana féin. Nuair a chuirtear le chéile iad,
cruthaíonn na trí chéim de scéim LDV clár soláthair atá comhtháite agus comhlántach ar an leibhéal náisiúnta.
- **Luchtú cinn scríbe**Díreofar soláthar luchtaithe cinn scríbe ar láithreáin a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí iomadúla agus ar láithreáin a bhfuil tábhacht straitéiseach réigiúnach ag baint leo agus príomhchinn scríbe turasóireachta. Sainaithneofar an t-éileamh iomlán i straitéisí na n-údarás áitiúil, agus beidh an bonneagar á sheachadadh go príomha ag údaráis áitiúla ar láithreáin na n-údarás áitiúil, chomh maith le láithreáin faoi úinéireacht phoiblí i gcás ina mbeidh sé sin comhaontaithe.
- **Luchtú HDVanna** Oibreoidh ZEVI go dlúth le BIÉ agus le páirtithe leasmhara an tionscail chun scéimeanna luchtaithe phoiblí luaith HDVanna a chur chun feidhme chun úsáid níos leithne HDVanna a spreagadh agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le bonneagair luchtaithe HDVanna amach anseo.

Beidh cur chuige pleanáilte, dírithe ar an úsáideoir, mar threoir ag feidhmiú an bhonneagair, agus beidh straitéisí Údaráis Áitiúil, treoirthionscadail agus sonraí úsáide mar bhonn leis, agus déanfar aistriú i dtreo soláthair faoi stiúir an éilimh de réir mar a aibeofar an margadh. Tacóidh creataí rialála láidre, infheistíocht leanúnach san eangach agus comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le hinrochtaineacht, idir-inoibritheacht agus trédhearcacht leis an soláthar, agus déanfar athbhreithniú orthu sa bhliain 2027. Cinnteoidh sé sin, faoi dheireadh thréimhse na Straitéise, go mbeidh líonra luchtaithe ag Éirinn atá níos fairsinge, níos athléimní agus níos cothroime, chun tacú le leathnú leanúnach go dtí an bhliain 2030.



Réamhrá

Leagtar amach sa Straitéis seo an conair náisiúnta chun leanúint le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann a sheachadadh. Tacaíonn sé le sprioc an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, is é sin go mbeidh 30% de fhlít na ngluaisteán príobháideach leictreach faoi 2030, agus cinntítear leis go mbeidh an soláthar bonneagair luchtaithe phoiblí chun tosaigh ar an éileamh atá ag fás i gcónaí. Agus glacadh feithiclí leictreacha ag luathú, leagtar amach sa Straitéis seo na bearta is gá chun infhaighteacht luchtaithe a leathnú, ullmhacht an chórais a neartú agus muinín a thabhairt do gach úsáideoir feithicle leictrí reatha agus ionchasach.

Tá aistriú na hÉireann chuig iompar íseal-astaíochtaí ag tarlú laistigh den fhreagairt idirnáisiúnta níos leithne don athrú aeráide. Chun aistriú straitéiseach agus cóir a bhaint amach, teastaíonn réitigh luchtaithe a fhreastalóidh ar riachtanais éagsúla pobal uirbeach agus tuaithe. Aithnítear sa Straitéis an brú atá ag méadú a chuireann leictriú ar líonraí leictreachais, na riachtanais éagsúla luchtaithe i measc cineálacha feithiclí agus an gá atá le pleanáil chomhordaithe agus níos mó daoine ag aistriú i dtreo soghluaisteacht leictreach.

Leagtar amach sa Straitéis seo cur chuige pleanáilte agus céimnithe maidir le líonra náisiúnta cuimsitheach luchtaithe a sholáthar go dtí 2030, agus dírítear ar ghníomhaíochtaí mionsonraithe ar an tréimhse go dtí 2028. Tá sí ag teacht le ceanglais an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, reachtaíocht náisiúnta aeráide agus an gá le rolladh amach cothromaithe, cothrom agus úsáideoirlárnach. Tacaíonn an Straitéis freisin le forbairt leanúnach treorach, caighdeán agus reachtaíochta cumasúcháin. Cé go mbeidh luchtú baile ina phríomh-mhodh luchtaithe fós d'fhormhór na n-úsáideoirí feithicle leictrí do LVDanna, beidh an t-éileamh ar líonra luchtaithe phoiblí iontaofa saoráideach ag fás i gcónaí. Dá bhrí sin, tugtar tús áite sa Straitéis do bhonneagar luchtaithe phoiblí a sheachadadh, lena n-áirítear réitigh chomharsanachta, cinn scríbe agus ar an mbealach, lena chinntiú nach gcuirfear tiománaithe nach féidir leo luchtú sa bhaile faoi mhíbhuntáiste.

Tá luas na nuálaíochta i dteicneolaíochtaí na bhfeithiclí leictreacha ag luathú i gcónaí. Tá tionchar á imirt ag feabhsuithe ar fheidhmíocht ceallraí, teacht chun cinn aicmí nua feithiclí agus dul chun cinn i gcórais luchtaithe ar an tírdhreacha d'fheithiclí éadroma agus tromshaothair araon. Comhtháthaítear leis an Straitéis seo teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ina creat seachadta, agus aithnítear léi, cé go bhfuil treo na treo an taistil soiléir, go leanfaidh na réitigh theicniúla bheachta atá ar fáil faoi dheireadh na ndeich mbliana seo ag forbairt.

Tacófar le cur i gcrích na Straitéise seo trí infheistíocht leanúnach ón Rialtas agus comhoibriú láidir le húdaráis áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann, ESB Networks agus comhpháirtithe tionscail. Leanfaidh Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann leis an gcur chun feidhme a chomhordú agus maoirseacht a dhéanamh air. In athbhreithniú meántéarma faoina dtabharfar in 2027, déanfar measúnú ar an dul chun cinn, sainaithneofar bearnaí agus beachtófar gníomhaíochtaí bunaithe ar fhorbairtí teicneolaíocha, feidhmíocht bonneagair agus riachtanais úsáideoirí.

Tógfar an méid a chuirfear i gcrích ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin. Tá acmhainn luchtaithe leathnaithe ag Éirinn ar fud an ghréasáin bóithre náisiúnta agus tá luchtú cinn scríbe curtha chun ag príomhshuíomhanna. Leis an Straitéis seo, neartaítear na boinn sin agus leagtar amach plean soiléir maidir le líonra luchtaithe cóir, inrochtana a sheasfaidh an aimsir a sholáthar a thacóidh le saoránaigh, gnólachtaí agus pobail le linn an aistrithe chuig soghluaisteacht leictreach.

Riachtanais Úsáideoirí

Tá tuiscint ar eispéireas an úsáideora ríthábhachtach i bhforbairt na straitéise seo agus tá sé fós ina chuid lárnach den chéim chur chun feidhme. Chun úsáideoirí a chur i gcroílár na pleanála do bhonneagar feithiclí leictreacha, rinneamar na seacht bpearsa bhunaidh a forbraíodh don straitéis bhunaidh 2022-25 a athnuachan agus chruthaíomar dhá phearsa eile. Léiríonn na pearsana sin agus a dturais úsáideora conas a d'fhéadfadh daoine idirghníomhú leis an líonra luchtaithe phoiblí reatha d'fheithiclí leictreacha. Scrúdaíonn na próifílí riachtanais shonracha na n-úsáideoirí agus an dóigh a gcaithfear soláthar luchtaithe feithiclí leictreacha a fhorbairt sna blianta atá amach romhainn chun freagairt do chomhthéacs, scála agus deis. Tá grinn-iniúchadh ar phríomhthréimshí agus ar thuras úsáideora gach pearsan le fáil mar aguisín.
Is é seo forléargas gairid ar gach ceann acu:

Anna, *an Cíosaí Árasáin*

Nuair is mian le Anna a carr a luchtú in aice lena bloc árasán, is mian léi rochtain a bheith aici ar luchtaire atá ar fáil (nó fios a bheith aici cá huair a bheidh siad ar fáil go héasca). B'fhearr léi dá mbeadh rochtain aici ar a luchtaire féin ina spás páirceála tiomnaithe san fhoirgneamh, nó, mura bhfuil, ar luchtóirí iomadúla i spásanna atá oscailte do gach cónaitheoir a d'fhéadfadh sí a chur in áirithe roimh ré más gá.

Caroline, *an Carr-roinnteoir*

Nuair a fhaigheann Caroline feithicil leictreach ar cíos ó aip charr-roinnte ag an deireadh seachtaine, ba mhaith léi a chinntiú go bhfuil an carr a dóthain luchtaithe nuair a bhailíonn sí é agus nuair a thugann sí ar ais é, ag baint úsáid as saoráidí mearluchtaithe ar an mbealach nó ag a ceann scríbe.

Rachel, *an Cónaitheoir Uirbeach ar Scor*

Nuair a luchtaíonn Rachel an carr agus í ag taisteal, ba mhaith léi a bheith ábalta a sheiceáil roimh ré an mbeidh go mbeidh fáil aige ar an luchtaire. Tá soghluaisteacht Rachel teoranta, mar sin ba mhaith léi a fháil amach an mbeidh an luchtaire a roghnaigh sí oiriúnach dá riachtanais.

Ruairí, *an Comaitéir Tuaithe*

Nuair a thaistealaíonn Ruairí chun na hoibre nó nuair a dhéanann sé teachtaireachtaí dá iníon, caithfidh rochtain a bheith aige ar luchtairí ar an mbealach nó ag a cheann scríbe. Gan bhealach oiriúnach chun luchtú baile a fháil, braitheann sé go mór ar roghanna malartacha inacmhainne.

Mike, *an Tiománaí HDV*

Nuair a bhíonn Mike ag tiomáint trasna na tíre ina HDV, caithfidh sé go mbeidh sé ábalta ceallraí HDV a athluchtú go tapa agus é ar an mbealach. Caithfidh sé sin a bheith in áit shábháilte ionas gur féidir leis a shos caighdeánach a ghlacadh agus a HDV á luchtú.

Tara, *an Tiománaí Tacsaí*

Nuair a bhíonn Tara ag obair mar thiománaí tacsaí, ba mhaith léi a bheith cinnte go bhfuil dóthain cumhachta aici chun a seal a chríochnú. Ní maith léi am a chur amú ag cuardach luchtaire tapa atá ar fáil.

Clann Jackson, *an Teaghlach Turasóireachta*

Nuair a thaistealaíonn clann Jackson in Éirinn, ba mhaith leo eispéireas gan stró a bheith acu ar fheithicil leictreach. Ba mhaith leo a bheith ábalta feithicil leictreach a fháil ar cíos agus saoráidí luchtaithe a bheith ar fáil ag gach ceann dá gcinn scríbe (lena n-áirítear cinn iargúlta). Níl siad ag iarraidh a bheith buartha faoi bheith sáinnithe ar a laethanta saoire in Éirinn.

Ronan, *an Tiománaí Veain Trách tála*

Nuair a bhíonn Ronan ag tiomáint a veain chun freastal ar imeachtaí, ba mhaith leis a bheith cinnte gur féidir leis luchtaire a fháil gasta go leor agus ina bhfuil go leor spáis chun a veain a luchtú agus é ag taisteal. B'fhearr leis gan bheith air dul san iomaíocht le feithiclí paisinéirí le haghaidh spás luchtaithe.

Johanna, *Bainisteoir Flít Busanna*

Nuair a bhíonn Johanna ag bainistiú fhlít busanna na cuideachta turas, caithfidh sí fios a bheith aici go bhfuil roghanna eile ann chun na feithiclí a luchtú feadh a mbealaí. Tá imní uirthi go rachaidh an bonneagar luchtaithe teoranta atá ar fáil san iosta i gcion ar líon na bhfeithiclí is féidir léi a luchtú thar oíche agus a úsáid le haghaidh turas an lá dár gcionn.

Caibidil 1 /

Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta



1. Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha ina cholún lárnach maidir le huaillmhianta aeráide agus athrú iompair na hÉireann. Agus glacadh feithiclí leictreacha ag luathú, tá sé ríthábhachtach go mbreithneofaí an creat 'seachain, aistrigh, feabhsaigh', lena dtreoraítear straitéisí soghluaisteachta inbhuanaithe ar fud an domhain. Leis an gcreat sin, spreagtar go seachnófaí turais neamhriachtanacha, aistriú taistil chuig modhanna níos inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus feabhas a chur ar theicneolaíochtaí feithiclí agus breosla, rud a léirítear leis an aistriú chuig feithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha agus breoslaí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha.

I gcomhthéacs na hÉireann, níl leathnú bhonneagar luchtaithe na bhfeithiclí leictreacha ag tarlú ina aonar, ach mar chuid d'iarracht níos leithne maidir le hiompar a dhícharbónú, spleáchas ar charranna phríobháideacha a laghdú más féidir agus a chinntiú go ndéanfar turais riachtanacha ar an mbealach is glaine atá ar fáil.


1.1 Forléargas

Ba é Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025 an chéad phlean cuimsitheach de chuid na hÉireann chun líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a fhorbairt ar fud na tíre. Leagadh amach ann infheistíocht dar luach €100 milliún thar thréimhse trí bliana chun tacú leis an aistriú chuig feithiclí leictreacha trí leathnú an líonra luchtaithe phoiblí, lena n-áirítear treochlár soláthair a dhíríonn ar dhearadh úsáideoirlárnach agus ar ról na n-údarás áitiúil.

Tacaíonn an Straitéis le roinnt beartais Eorpacha agus náisiúnta, go háirithe reachtaíocht an Aontais 'Oiriúnach do 55', Clár an Rialtais agus an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide. Féachtar leis an Straitéis nuashonraithe seo do 2026-2028 le tógáil ar an gcreat atá ann cheana féin do 2022-2025 trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus trí dhul chun cinn i dtreo spriocanna aeráide 2030 na hÉireann a luathú.

1.2 Comhthéacs Beartais na hEorpa

Tá ceanglais maidir le bonneagar feithiclí leictreacha á rialú leis an bpacáiste reachtaíochta 'Oiriúnach do 55', arb é creat reachtaíochta an Aontais é chun laghdú 55% ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 1990). Is colún lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip é agus cuimsítear leis athchóirithe sna réimsí fuinnimh, iompair, foirgneamh agus tionsclaíochta. Tá na treoracha agus na rialacháin shonracha a bhaineann le spriocanna agus riachtanais bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha mionsonraithe i bhFíor 1.




Fíor 1. **Reachtaíocht a eascraítear as an Reachtaíocht 'Oiriúnach do 55'**

1.2.1 An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR), (Rialachán (AE) 2023/1804).

Mar chuid de phacáiste 'Oiriúnach do 55' an Aontais, tá sé mar aidhm le AFIR infhaighteacht, inrochtaineacht agus idir-inoibritheacht fhorleathan bonneagair do bhreoslaí malartacha a chinntiú ar fud mhodhanna uile dearnáil iompair an Aontais.[1] Tháinig sé i bhfeidhm in 2024 agus tá sé deartha chun tacú leis an aistriú chuig iompar glan agus spriocanna an Aontais a bhaint amach trí líonra luchtaithe agus athbhreoslaithe comhsheasmhach, inrochtana agus so-úsáidte a sholáthar ar fud na hEorpa.

Le AFIR, leagtar síos spriocanna náisiúnta ceangailteacha do na Ballstáit uile lena chinntiú go ndéanfar bonneagar breosla malartach a imscaradh go leordhóthanach do na hearnálacha bóithre, iarnróid, muirí agus eitlíochta. Sainítear leis freisin caighdeáin theicniúla aontaithe agus ceanglais maidir le rochtain úsáideoirí, comhroinnt sonraí agus córais íocaíochta chun comhsheasmhacht agus idir-inoibritheacht a chinntiú ar fud an Aontais. Áirítear leis na ceanglais an t-aschur íosta cumhachta agus an t-achar uasta incheadaithe idir comhthiomsuithe athluchtaithe stáisiún athluchtaithe amháin nó níos mó in aon suíomh amháin).

1 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R1804



Fíor 2. Scéim Deontais um Bóithre Náisiúnta maidir le Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Éadroma (LDV) LDV 1-3 ZEVI BIÉ

Faoi 2027, ní mór comhthiomsuithe luchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana go poiblí do charranna agus veaineanna a shuiteáil gach 60km ar a laghad feadh an chroíghréasáin TEN-T. Ní mór do gach suíomh acmhainn iomlán íosta de 600kW a sholáthar, lena n-áirítear dhá phointe luchtaithe ar a laghad a sholáthraíonn 150kW an ceann. Faoi 2035, beidh feidhm ag na ceanglais sin sa ghréasán cuimsitheach TEN-T ar fad freisin.

Maidir le HDVanna, teastaíonn pointí luchtaithe 2800kW gach 60km i ngach treo, agus ní mór dhá stáisiún a bhfuil aschur 350kW acu a bheith ann. Ní mór stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a bheith suite i ngach nód uirbeach agus iad a bheith scartha gach 200km seachas sin. Is éard is nóid uirbeacha ann príomhlimistéir chathracha Eorpacha ainmnithe laistigh den mhórghréasán TEN-T a fheidhmíonn mar mhoil ilmhódacha ríthábhachtacha lena nasctar iompar áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta do phaisinéirí agus do lastas. Beidh sé dúshlánach gnéithe HDV den AFIR a sholáthar laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha, ach tá cosán á fhorbairt chun freastal ar riachtanais athluchtaithe agus athbhreoslaithe HDVanna.

Ní mór do gach Ballstát a chinntiú go soláthróidh a bhonneagar luchtaithe phoiblí feithiclí leictreacha

leibhéal íosta aschuir cumhachta bunaithe ar líon na bhfeithiclí leictreacha cláraithe

sa tír sin. Maidir le feithiclí ceallra-leictreacha (BEVanna), ciallaíonn sé sin go gcaithfidh 1.3 cileavata (kW) ar a laghad d'acmhainn luchtaithe phoiblí a bheith ar fáil in aghaidh gach feithicle. I gcás feithiclí leictreacha hibrideacha inluchtaithe (PHEVanna), is é 0.8kW in aghaidh an fheithicil an t-íosmhéid.

Lena chois sin, chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora, ní mór do gach luchtaire ar an ngréasán TEN-T glacadh le híocaíochtaí cárta ad hoc faoi 2027, rud a chiallaíonn nach mbeidh aip ná síntiús ar leith ag teastáil ó thiománaithe le híoc. Ina theannta sin, ní mór praghsáil shoiléir a thaispeáint agus ní mór d'Oibreoirí Pointe Luchtaithe (CPOnna) sonraí dinimiciúla a roinnt maidir le hinfhaighteacht stáisiúin luchtaithe, cineál agus luas an naisc agus an suíomh. Caithfidh gach bonneagar luchtaithe tacú le monatóireacht chianda, bainistiú lóid agus cumais ó fheithicil go heangach (V2G).

Maolú AFIR

Déantar foráil in AFIR maidir le maolú teoranta ó na ceanglais aschuir cumhachta athluchtaithe phoiblí bunaithe ar fhlít le haghaidh feithiclí leictreacha éadroma i mBallstáit ina bhfuil leibhéil arda glactha feithiclí ceallra-leictreacha (BEV). I gcás ina bhfuil feithiclí leictreacha freagrach as 15 faoin gcéad ar a laghad d'iomlán an fhlít feithiclí saothair éadroma, féadfaidh Ballstát iarratas réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh chun ceanglais maidir le haschur cumhachta iomlán níos ísle a chur i bhfeidhm, nó scor de na ceanglais sin a chur i bhfeidhm, i gcás nach bhfuil údar maith a thuilleadh lena gcur i bhfeidhm leanúnach agus go léirítear go mbaineann éifeachtaí díobhálacha leo, amhail díspreagadh infheistíochta príobháidí. Tá aon iarratas den sórt sin faoi réir measúnú agus faomhadh ag an gCoimisiún Eorpach de réir an cháis agus ní mór cinneadh a dhéanamh laistigh de shé mhí. Ní bhaineann an maolú sin ach leis na ceanglais maidir le cumhachta luchtaithe flít-bhunaithe agus ní dhéanann sé difear d'oibleagáidí bonneagair acharbhunaithe ná do cheanglais maidir le catagóirí eile feithiclí.

Ós rud é go bhfuil an margadh do bhreoslaí malartacha agus breoslaí astaíochtaí nialasacha fós sna céimeanna luatha forbartha, tá athbhreithniú ar AFIR le déanamh faoin 31 Nollaig 2026, lena n-áirítear measúnú ar spriocanna agus ar mhaoluithe. Déanfar athbhreithnithe eile gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

Achoimre ar Thrédhearcacht Praghsála AFIR

Ceanglaítear le AFIR, i gcás luchtú poiblí feithiclí leictreacha, go gcaithfidh na praghsanna uile a bheith réasúnta, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus ar taispeáint go soiléir. Tá na ceanglais sin maidir le híocaíocht ad-hoc,
trédhearcacht phraghsála agus idir-inoibritheacht ríthábhachtach chun dul i ngleic le hábhair imní úsáideoirí faoi eispéiris luchtaithe neamhleanúnacha i measc oibreoirí éagsúla. Tugtar sainordú leis an Rialachán go mbeidh úsáideoirí in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí luchtaithe gan gá síntiúis ná feidhmchláir iomadúla a bheith acu, agus go mbeidh an phraghsáil léirithe go soiléir agus go hinchomparáide i measc soláthraithe. Tá sé mar aidhm leis na forálacha sin eispéireas luchtaithe atá comhsheasmhach agus éasca le húsáid a chinntiú ar fud an ghréasáin luchtaithe náisiúnta agus Eorpaigh. Áirítear leis na ceanglais AFIR maidir le híocaíocht ad-hoc, trédhearcacht praghsála agus idir-inoibritheacht na nithe seo a leanas:

- **Praghsáil Shoiléir Tosaigh:**
  Ní mór do CPOnna na costais uile a bhaineann le luchtuithe (in aghaidh an kWh, in aghaidh an nóiméid, in aghaidh an tseisiúin) a thaispeáint sula dtosófar an luchtú.
- **Praghsáil Bunaithe ar kWh do Mhearluchtairí:**
  Caithfidh stáisiúin ag a bhfuil ≥50 kW praghas a ghearradh bunaithe ar an leictreachas a sholáthraítear (in aghaidh an kWh).
- **Táillí Áitíochta:**
  Ceadaítear táillí chun rófhanacht a chosc ach ní mór dóibh a bheith bunaithe ar nóiméid agus iad a thaispeáint d'úsáideoirí roimh ré.
- **Praghsáil Chóir, Thrédhearcach:**
  Ní mór do na CPOnna agus soláthraithe Seirbhísí Ríomhshoghluaisteachta Leictrí (r-MSPanna) praghsanna réasúnta, neamh-idirdhealaitheacha a chinntiú; ní cheadaítear táille i bhfad níos mó a ghearradh ar úsáideoirí ad hoc ná mar a ghearrtar ar úsáideoirí conartha.
- **Taispeántas Praghsanna ar an Láthair:**
  Maidir le luchtairí ≥50kW, ní mór an phraghsáil a bheith le feiceáil ag an stáisiún (scáileán, cód QR, nó teirminéal).
- **Nochtadh Praghsanna MSP:**
  Ní mór do MSPanna úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na costais uile a bhaineann leis an seisiún (lena n-áirítear fánaíocht), trí uirlisí digiteacha sula dtosófar an luchtú.
- **Gan aon Táillí Folaithe:**
  Ní mór gach táille, lena n-áirítear fánaíocht, a mhiondealú agus a chur i láthair go soiléir don úsáideoir.
- **Íocaíochtaí Ad-Hoc:**
  Caithfidh gach stáisiún luchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana ag an bpobal glacadh le híocaíochtaí ad-hoc trí chárta dochair nó creidmheasa.

Ceanglais Sonraí AFIR

Éilítear le AFIR freisin ar Oibreoirí Pointí Luchtaithe sonraí dinimiciúla, nach mór fíor-am a roinnt maidir le hinfhaighteacht luchtaire, stádas, cineál an nascóra agus aschur cumhachta trí chainéil sonraí oscailte. Tá an oibleagáid sin ríthábhachtach chun dul i ngleic le hábhair imní maidir le hiontaofacht, ós rud é go gcuireann sí ar chumas tiománaithe a fheiceáil roimh ré an bhfuil stáisiún luchtaithe ag feidhmiú agus ar fáil, agus go dtacaíonn sí le forbairt uirlisí tríú páirtí agus le feidhmchláir pleanála bealaigh a neartaíonn muinín sa líonra poiblí luchtaithe.

1.2.2 Treoir AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

Tá Treoir athbhreithnithe AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) i bhfeidhm ó bhí mhí Dheireadh Fómhair 2023 ann agus b'éigean í a thrasuíomh sa dlí náisiúnta faoin 11 Deireadh Fómhair 2025. [2] Leagtar síos leis an Treoir sprioc cheangailteach maidir le hídiú fuinnimh deiridh an Aontais a laghdú 11.7 faoin gcéad faoi 2030 agus leabaítear go foirmiúil léi "bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh" i gcinntí móra beartais agus infheistíochta. Ardófar na ceanglais bhliantúla maidir le spáráil fuinnimh de réir a chéile, agus sroichfidh siad 1.9% faoi 2028, agus ní mór don earnáil phoiblí ráta athchóirithe bliantúil 3% d'fhoirgnimh os cionn 250m a chomhlíonadh. Cuimsítear sásraí nuashonraithe "líonta bearnaí" freisin, a bhfuil feidhm acu i gcás nach sroichfidh na Ballstáit a rannchuidiú náisiúnta táscach. Tá feithiclí leictreacha ríthábhachtach chun iompar a dhéanamh níos éifeachtaí, toisc go bhfuil siad dhá oiread go ceithre oiread níos éifeachtaí ná feithiclí reatha le hinneall dócháin inmheánaigh.[3] Tacaíonn forálacha atá dírithe ar thomhaltóirí, lena n-áirítear trédhearcacht fheabhsaithe billeála agus cosaintí do theaghlaigh leochaileacha agus fuinneamhbhochta, le hinacmhainneacht agus costais leictreachais chobhsaí freisin, rud a éascaíonn luchtú baile inrochtana d'úsáideoirí feithiclí leictreacha.

Colún lárnach de phacáiste reachtaíochta an Aontais 'Oiriúnach do 55' is ea an Treoir, lena dtacaítear le dícharbónú níos tapúla, lena laghdaítear spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, lena bhfeabhsaítear torthaí sláinte poiblí, agus lena n-íslítear costais fuinnimh ar fud an gheilleagair.

1.2.3 Treoir AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED) (Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)

Is í an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite príomhchreat dlíthiúil an Aontais chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha uile.[4] Tá sé mar aidhm léi an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan a luathú agus cuidiú le spriocanna aeráide an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach. Tá an Treoir lárnach chun spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú, astaíochtaí a ghearradh agus slándáil agus iomaíochas fuinnimh a threisiú. Tá sprioc cheangailteach inti trína gcaithfidh 42.5% ar a laghad den ídiú fuinnimh san Aontas teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030, agus tá sé mar aidhm bhreise sciar 45% a bhaint amach laistigh den tréimhse chéanna.

2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023L1791

3 https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2211467X19300082?via%3Dihub

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0631

Leagtar amach sa Treoir sprioc shonrach iompair maidir le laghdú 14.5% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó úsáid fuinnimh in-athnuaite de 29% san earnáil fuinnimh iompair. Tá bearta tábhachtacha amhail próisis formheasta a shimpliú, limistéir luathaithe foinsí in-athnuaite a chruthú agus tacaíocht do chodanna atá deacair a dhícharbónú leagtha amach mar bhearta chun tacú leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Le RED III, ceadaítear do leictreachas in-athnuaite trí phointí luchtaithe poiblí creidmheas a fháil i dtreo na sprice do sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an iompair faoin mbliain 2030. Le reachtaíocht náisiúnta, le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, éascaítear dámhachtain deimhnithe don Oibleagáid um Breosla Iompair In-athnuaite le haghaidh ídiú leictreachais in-athnuaite fíoraithe in iompar de bhóthar ag pointí luchtaithe phoiblí, rud a sholáthraíonn dreasacht chun iompar de bhóthar a leictriú trí shruth ioncaim breise do CPOnna le haghaidh imscaradh pointí luchtaithe.

1.2.4 Caighdeáin Feidhmíochta Astaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin phaisinéirí nua agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua (Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialacháin (AE) 2023/85)

Le Rialachán (AE) 2019/631, bunaítear teorainneacha ceangailteacha astaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin phaisinéirí agus veaineanna nua a dhíoltar san Aontas.[5] Tá sé ina bunchloch de bheartas aeráide an Aontais, a dhírítear ar astaíochtaí iompair a laghdú agus ar thacú leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Tugadh isteach Rialachán (AE) 2023/851 in 2023 chun na bunchaighdeáin a neartú, rud a ghéaraigh caighdeáin astaíochtaí CO_2 go sonrach don earnáil iompair. Leagadh síos le rialacháin 2023 spriocanna laghdaithe de 55% do ghluaisteáin agus 50% do veaineanna faoi 2030, ag sroicheadh 100% faoi 2035, rud a cheanglaíonn go bunúsach ar gach feithicil nua a bheith saor ó astaíochtaí.

I mí Aibreáin 2025, mhol an Coimisiún Eorpach beart solúbthachta spriocdhírithe lena gcuirfí ar chumas monaróirí gluaisteán agus veaineanna spriocanna CO_2 2025 - 2027 a bhaint amach thar mheán trí bliana seachas go bliantúil. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an leasú sin i mí an Mheithimh 2025 mar Rialachán (AE) 2025/1214. Leagtar amach i bPacáiste Mótarfheithiclí an Choimisiúin Eorpaigh, a foilsíodh i mí na Nollag 2025, creat beartais a bhfuil sé beartaithe leis tacú leis an aistriú chuig soghluaisteacht ghlan agus iomaíochas tionsclaíoch á choinneáil laistigh den Aontas Eorpach.

Tá an leasú atá beartaithe ar na caighdeáin astaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin phaisinéirí agus veaineanna nua ina gné lárnach sa phacáiste. Leis an togra sin, atá fós faoi chaibidil tráth a fhoilsithe, dhéanfaí coigeartú ar sprioc 2035 ó dheireadh a chur leis go hiomlán de réir a chéile go laghdú 90% ar astaíochtaí ar fud an fhlít uile, agus bheadh an 10% eile ceadaithe trí chreidmheasanna uasteorannaithe le haghaidh cruach ísealcharbóin, breoslaí in-athnuaite agus teicneolaíochtaí comhlíontacha eile.

Áirítear leis an togra freisin sprioc athbhreithnithe do veaineanna do 2030 , rud a laghdóidh an laghdú CO_2 riachtanach ó 50% go 40%. Tugtar isteach leis solúbthachtaí breise maidir le comhlíontacht, lena n-áirítear creidmheasanna astaíochta agus sárchreidmheasanna a

5 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0631

shaothrú agus a fháil ar iasacht d'fheithiclí leictreacha beaga inacmhainne a tháirgtear san Aontas. Ar deireadh, moltar leis leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar na caighdeáin astaíochtaí CO_2 d'fheithiclí tromshaothair le solúbthacht lena n-éascaítear comhlíonadh spriocanna 2030.

	Rialachán Reatha	Leasú atá Beartaithe
	Laghduithe ar Astaíochtaí CO_2 i gcomparáid le Bonnlíne 2021	
2025–2029	Laghdú 15% do ghluaisteáin agus veaineanna	Gan aon athrú ar an rialachán reatha
2030–2034	Laghdú 55% do ghluaisteáin laghdú 50% do veaineanna	Gan aon athrú ar an rialachán do ghluaisteáin Laghdú 40% do veaineanna
Ó 2035	Laghdú 100% do ghluaisteáin agus veaineanna (gan aon astaíochtaí sceithphíopa)	Laghdú 90% do ghluaisteáin agus veaineanna, sásra cúitimh don 10% eile

Tábla 1. Laghduithe Astaíochtaí CO_2 - Gluaisteáin agus Veaineanna – Rialachán Reatha agus Rialachán atá Beartaithe

Mar aon leis an athbhreithniú ar na caighdeáin astaíochtaí CO_2, áirítear sa phacáiste bearta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Flíteanna corparáideacha a dhícharbónú trí spriocanna náisiúnta éigeantacha a thabhairt isteach maidir le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle i gcuideachtaí móra;
- Tionscal ceallraí na hEorpa féin a neartú tríd an Straitéis um Threisiú leis an Tionscal Ceallraí dar luach €1.8 billiún;
- Spreagadh a thabhairt don éileamh ar fheithiclím leictreacha beaga a dhéantar san Aontas trí chatagóir nua feithicle a thabhairt isteach d'fheithiclí leictreacha suas le 4.2 méadar ar fad;
- Rialachán a chuíchóiriú agus costais tionscail a laghdú tríd an Ollchlár Mótarfheithiclí; agus
- Rialacha maidir le lipéadú gluaisteán a nuashonrú agus a chomhchuibhiú.

Le chéile, léirítear leis na bearta atá leagtha amach sa Phacáiste Mótarfheithiclí go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún cothromaíocht a fháil idir uaillmhian na haeráide agus neodracht theicneolaíoch agus athléimneacht thionsclaíoch, agus coigeartuithe féideartha amach anseo ar an timpeallacht rialála á léiriú aige a mbeidh tionchar acu ar ráta agus ar threocht ghlacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ar fud na mBallstát.

1.2.5 Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh 2024 (Treoir(AE) 2024/1275)

Cuirtear Treoir (AE) 2024/1275 in ionad Threoir 2010/31/AE, ar a dtugtar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) freisin, agus is cuid dhílis í de phacáiste 'Oiriúnach do 55' an Aontais.[6] Tacaíonn sí go hindíreach le himscaradh feithiclí leictreacha trí thograí reachtacha nua agus moltaí spriocdhírithe a thabhairt isteach agus tagraítear inti do bhearta

6 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401275

cánachais chun an t-aistriú chuig fuinneamh glas a spreagadh agus tacú leis agus ídiú breoslaí iontaise a laghdú.

Leagtar amach sa treoir "go bhfuiltear ag súil go mbeidh ról ríthábhachtach ag feithiclí leictreacha i ndícharbónú agus in éifeachtúlacht an chórais leictreachais, is é sin trí sheirbhísí solúbthachta, cothromaithe agus stórála a sholáthar, go háirithe trí chomhiomlánú." Sonraítear inti "gur cheart leas iomlán a bhaint as" an acmhainneacht maidir le feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais, rud a chuirfeadh le héifeachtúlacht an chórais agus le hionsú leictreachais in-athnuaite."

Tá Airteagal 14, Bonneagar le haghaidh Soghluaisteacht Inbhuanaithe, thar a bheith ábhartha mar go leagtar amach ann treoracha a bhfuil na Ballstáit le cloí trí bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus ceanglais tógála. Ní mór do Bhallstáit, lena n-áirítear Éire, a chinntiú go gcomhlíonann foirgnimh nua agus athchóirithe lena bhfuil carrchlóis in aice láimhe nó inmheánacha na ceanglais íosta maidir le bonneagar feithiclí leictreacha, lena n-áirítear pointí luchtaithe, réamhcháblú, duchtú agus páirceáil rothar, agus cóimheasa pointe luchtaithe níos doichte i gcás foirgnimh oifige. Ní mór d'fhoirgnimh neamhchónaithe atá ann cheana ina bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála cloí le ceanglais shonracha faoi spriocdhátaí 2027 agus 2033, agus ní mór do gach foirgneamh nósanna imeachta maidir le pointí luchtaithe a shuiteáil a chuíchóiriú.

1.2.6 An Treoir maidir le Feithiclí Glana (CVD)

Leis an Treoir maidir le Feithiclí Glana (Treoir 2019/1161/AE), lena leasaítear Treoir (2009/33/CE) arna trasuí le I.R. Uimh. 381/2021, cuirtear réitigh soghluaisteachta glaine chun cinn i dtairiscintí soláthair phoiblí agus comhlánaítear sainordú na hearnála poiblí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Tá sé mar aidhm leis an CVD athbhreithnithe sin éileamh a threisiú agus feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a imscaradh níos mó.

Tá feidhm ag an Treoir maidir le gluaisteáin, veaineanna, trucailí agus busanna (gan cóistí san áireamh), nuair a fhaightear iad trí chonarthaí ceannaigh, léasa, cíosa nó fruilcheannaigh. Tá feidhm aici freisin maidir le conarthaí seirbhíse poiblí chun seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar a sholáthar agus conarthaí seirbhíse le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí de bhóthar, seirbhísí sainchuspóireacha iompair paisinéirí de bhóthar, iompar paisinéirí neamhsceidealaithe, seirbhísí bailithe dramhaíola, iompar agus seachadadh poist agus beartán. Sainítear leis an Treoir feithiclí glana agus leagtar síos léir spriocanna íosta maidir lena soláthar poiblí.

1.3 Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Tá an comhthéacs beartais náisiúnta bunaithe ar na spriocanna agus na ceanglais atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais. Tá sonraí faoi phríomhbheartais agus reachtaíocht sna fo-ailt seo a leanas.

1.3.1 Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Tá sé geallta sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 go ndéanfar infheistíocht mhór san iompar, agus tugtar tús áite d'iompar poiblí inbhuanaithe amhail Metro Link, Leathnú DART

agus BusConnects i bpríomhchathracha, mar aon le bealaí nua siúil agus rothaíochta chun tacú le taisteal ísealcharbóin.[7] Maoiníodh leis freisin uasghráduithe ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun príomhnaisc a chríochnú, brú trách ta a mhaolú agus sábháilteacht a fheabhsú.

Leagadh béim sa phlean ar an ngá le líonra leictreachais níos athléimní agus níos nua-aimseartha, agus táthar ag súil go ndéanfaidh comhlachtaí tráchtála Stáit infheistíocht shuntasach i gcórais tarchurtha agus dáileacháin a neartú, tacú le méadrú cliste, agus feabhas a chur ar an eangach ionas gur féidir léi níos mó fuinneamh in-athnuaite a iompar agus idirnascacht le tíortha eile a neartú. Tríd is tríd, bhí sé mar aidhm leis an bplean tacú le taisteal níos glaine, níos éifeachtaí agus le líonra fuinnimh níos láidre agus rochtain ar fud na tíre á feabhsú.

1.3.2 Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta

Ag tógáil ar na tosaíochtaí sin, leagtar síos san Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) ina dhiaidh sin treochlár níos uaillmhianaí fós amach chun bonneagar na hÉireann a neartú.[8] Foilsíodh an plean i mí Iúil 2025, agus déantar soláthar ann don infheistíocht chaipitiúil is mó riamh i mbonneagar agus i bhforbairt na hÉireann. Infheisteofar suas le €3.5 billiún i gcothromas nua i mbonneagar eangaí leictreachais le linn thréimhse an PR6, ó 2026 go 2030, lena n-áirítear €2 bhilliún do EirGrid agus €1.5 billiún do ESB Networks chun leathnú mór ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin a éascú. Tá infheistíocht san eangach leictreachais riachtanach chun leictreachas a sholáthar go hiontaofa agus go leordhóthanach i bhfianaise an fháis a bhfuiltear ag súil leis ar an éileamh ar leictreachas, fás a chuideoidh bonneagar luchtaithe leis.

1.3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) ionstraim bheartais lárnach na hÉireann maidir le spriocanna aeráide náisiúnta agus AE a bhaint amach. Leagtar amach ann bearta bliantúla chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar fud na n-earnálacha uile agus tá sé ag teacht leis na gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí de faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin lena ngealltar go ndéanfar astaíochtaí a laghdú faoina leath faoi 2030 agus glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050. Leagtar amach sna pleananna sin gníomhaíochtaí sonracha do ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí, agus tá hamlínte ama sainithe maidir lena soláthar.

Tógann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 ar leaganacha roimhe seo, agus tugtar isteach leis uasteorainneacha astaíochtaí earnála agus bearta spriocdhírithe sna réimsí fuinnimh, foirgneamh, iompair, talmhaíochta agus talamhúsáide.[9]

7 https://assets.gov.ie/static/documents/national-development-plan-2018-2027-4648929a-319f-4297-83f6-4350b6f76913.pdf

8 https://assets.gov.ie/static/documents/NDP_Review_document_-_updated_in_use.pdf

9 https://assets.gov.ie/static/documents/c491032e/DECC_Climate_Action_Plan_2025_Main_Report_-_Final_Web.pdf

1.3.4 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta

Tá an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí a ardaíodh sa Phlean Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022 - 2025. Tá an Plean comhdhéanta de dhá chuid – ceann ina gcumhdaítear na bóithre náisiúnta agus an ceann eile ina gcumhdaítear bóithre agus ceantair réigiúnacha agus áitiúla.

Leis an bPlean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta, soláthraítear treochlár maidir le himscaradh luchtaithe ar an ngréasán mótarbhealaí agus ar an ngréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád, lena n-áirítear TEN-T agus mótarbhealaí, bonneagar luchtaithe SD thapa/ ardchumhachta, agus feithiclí earraí éadroma agus troma.[10] Aithnítear leis an bPlean um Líonra Luchtaithe ar Bhóithre Náisiúnta go gcuirfear ar chumas an bhonneagair an aimsir a sheasamh le sonraí cliste mar aon le luchtú cliste.

Is é an Plean Réigiúnach agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an dara cuid den Phlean ina leagtar amach an bealach chun soláthar líonraí réigiúnacha agus áitiúla de bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha poiblí i sráidbhailte, i mbailte agus i gcathracha a luathú. [11]

Sa Phlean Náisiúnta um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha agus sa chéad Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, aithníodh an gá le hidirghabháil an Rialtais chun tacú le margadh an bhonneagair feithiclí leictreacha atá ag teacht chun cinn chun freastal ar riachtanais úsáideoirí, cinnteacht a chruthú dóibh siúd ar mian leo aistriú go feithiclí leictreacha, agus spriocanna an Aontais a chomhlíonadh. Léiríodh i sonraí maidir le soláthar bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha go dtí 2022 nach soláthródh an margadh príobháideach, gan infheistíocht ón Rialtas, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha leordhóthanach ar an dlús agus an acmhainn chuí ar fud na tíre chun cuspóirí náisiúnta agus Eorpacha a bhaint amach.

1.3.5 Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh (SFÉ)

Ba é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) a d'fhoilsigh an chéad Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh i mí Iúil 2024.[12] Tá sé mar aidhm leis an straitéis:

- A chinntiú go bhfuil an t-éileamh ar leictreachas agus gás ag teacht le buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála na hÉireann.
- Solúbthacht éilimh a chur chun cinn, ag díriú ar réitigh neamh-bhreosla iontaise agus tionscnaimh freagartha éilimh atá leagtha amach in CAP23.
- Spriocanna CAP23 a bhaint amach, is é sin 15-20% de sholúbthacht ar thaobh an éilimh faoi 2025 agus 20-30% faoi 2030.
- Tacú le haistriú na hÉireann chuig astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050.

10 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta
11 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
12 Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh

Dírítear sa Straitéis ar thionscnaimh a chur chun cinn a fhéadfaidh cur le solúbthacht éilimh sa ghearrthéarma, chomh maith leis an treo straitéiseach fadtéarmach a leagan amach. Sainaithnítear inti an tsolúbthacht fhéideartha a d'fhéadfadh feithiclí ceallra-leictreacha (BEVanna) a chur ar fáil don eangach leictreachais, ag leagan amach go bhféadfadh feithiclí leictreacha leo féin suas le 4,420MWh de sholúbthacht in aghaidh an lae a sholáthar faoi 2030. De réir SNÉF, tá solúbthacht theoranta ag Éirinn faoi láthair maidir le héileamh ag thart ar 5% den éileamh laethúil. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23) sprioc 15-20% maidir le solúbthacht éilimh faoi 2025 agus 20–30% faoi 2030.

1.3.6 Clár an Rialtais

Foilsíodh Clár an Rialtais i mí Eanáir 2025 agus leagtar amach ann clár uaillmhianach agus inchreidte atá le cur i gcrích ag an Rialtas thar na cúig bliana atá amach romhainn. [13] Rinne an Rialtas roinnt gealltanais laistigh den Chlár sin maidir leis an aistriú chuig iompar leictreach agus inbhuanaithe a luathú. Ina measc sin tá:

- Straitéis Náisiúnta nua Bonneagair Feithiclí Leictreacha a fhorbairt lena gcinnteofar go bhfuil luchtú feithiclí leictreacha chun tosaigh ar an éileamh agus i gcomhréir le hoibleagáidí sainordaithe an Aontais, lena n-áirítear luchtú comharsanachta dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile agus luchtú trasna na bpríomhbhealaí iompair;
- Líon na bpointí luchtaithe feithiclí leictreacha atá ar fáil go poiblí a mhéadú go suntasach, rud a chinnteoidh go mbeidh clúdach níos fearr ar fud na tíre, agus an meánachar idir pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a laghdú;
- A chinntiú go leithdháilfidh na húdaráis áitiúla spás do luchtairí feithiclí leictreacha i bpleananna bailte agus go n-ordóidh siad go soláthrófar luchtairí feithiclí leictreacha i gcarrchlóis tráchtála nua ;
- Straitéis sonraí náisiúnta maidir le bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha a sheoladh chun go mbeidh sonraí fíor-ama ar fáil ar ghléasanna móibíleacha maidir le suíomh agus infhaighteacht gach suímh luchtaithe feithiclí leictreacha ar fud ár ngréasáin bóithre;
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcóras deontas reatha i gcomhair feithiclí leictreacha agus dreasachtaí breise a thabhairt isteach d'fhonn glacadh feithiclí leictreacha a mhéadú agus feithiclí níos sine agus truaillithe a athsholáthar.

Dearadh Scéim Traipisithe ICE2EV 2026 chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha a bhaineann le hastaíochtaí i bhflít na ngluaisteán príobháideach, ina bhfuil úsáid leanúnach á baint as feithiclí ICE níos sine a scaoileann méideanna móra astaíochtaí, go háirithe i gcás teaghlach a bhfuil bacainní airgeadais rompu maidir le haistriú go feithiclí leictreacha.

Táirgeann feithiclí innill dócháin inmheánaigh (ICE) níos sine astaíochtaí atá ard go díréireach agus cuireann siad go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus le droch-chaighdeán aeir araon, i gcomparáid lena macasamhail feithiclí leictreacha. Dearadh an scéim chun éifeachtacht na scéime traipisithe a thástáil mar uirlis chun glacadh feithiclí leictreacha a spreagadh i measc daoine nach n-aistreodh go luath murach sin, ina raibh sé mar sprioc dheiridh laghduithe breise

13 https://assets.gov.ie/static/documents/programme-for-government-securing-irelands-future.pdf

ar astaíochtaí a bhaint amach, rud a bhí riachtanach chun spriocanna aeráide na hÉireann a chomhlíonadh.

Fógraíodh an scéim mar threoirthionscadal a raibh uasteorainn leis, agus í á riar ar bhonn 'tiocfaidh do sheal mar a thiocfaidh tú féin,' inar leithdháileadh 65% den mhaoiniú ar iarratasóirí tuaithe agus 35% ar iarratasóirí uirbeacha. Bhí sé mar aidhm leis an gcur chuige sin tús áite a thabhairt do thacaíocht do theaghlaigh i gceantair ina bhfuil níos lú roghanna iompair phoiblí agus níos mó spleáchais ar fheithiclí príobháideacha, fad a choimeádtar dearadh scéime simplí agus éifeachtúil.

Tacaíodh leis an scéim, a bhí á riar ag an SEAI, i bhfoirm maoinithe dar luach €17 milliún ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide faoin Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Bunaíodh an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide sa bhliain 2018 chun cúnamh agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail a chabhróidh le hÉirinn a cuid spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach, agus soláthraíodh an scéim laistigh de theorainneacha an mhaoinithe a bhí ar fáil.

Faoin scéim, fuair iarratasóirí incháilithe íocaíocht traipisithe €5,000 as feithicil innill dócháin inmheánaigh a bhí níos sine ná 13 bliana a chur de láimh go buan. Bhí an íocaíocht sin anuas ar an deontas reatha dar luach €3,500 do cheannach feithicle leictrí, rud a chuir tacaíocht suas le €8,500 ar fáil chun BEV nua nó incháilithe a cheannach. Cuireadh an scéim ar fáil ar an 1 Iúil agus cláraíodh go hiomlán í.

1.3.7 Luchtú Traschosáin

I mí Iúil 2025, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Ráiteas Beartais maidir le Sreanga Príobháideacha.[14] Leanann an beartas nua samplaí idirnáisiúnta agus éascaítear leis suiteáil agus oibriú sreang leictreachais príobháideacha ar an gcladach i gcúinsí áirithe ina bhfuil sé soiléir go bhfuil sé chun leasa an phobail.

Dá réir sin, tá reachtaíocht phríomhúil curtha faoi bhráid an Oireachtais ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) chun na hAchtanna um Rialáil Leictreachais a leasú. Tá tuilleadh eolais faoin mbeartas sin agus faoin reachtaíocht ghaolmhar le fáil i gCaibidil 7.

1.3.8 Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022-2031

De réir Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022–2031, bhí astaíochtaí ó HGVanna freagrach as 20% de na hastaíochtaí iompair iomlána, agus bhí astaíochtaí ó fheithiclí earraí éadroma (LGVanna) freagrach as 18% de na hastaíochtaí iomlána.[15] Is í sin an chéad straitéis náisiúnta atá tiomnaithe don earnáil lastais agus tarlú bóthair, ina leagtar amach creat 10 mbliana chun an tionscal a nuachóiriú agus a dhícharbónú ag tacú lena inmharthanacht fhadtéarmach ag an am céanna. Tá an straitéis deartha timpeall ar sheacht dtéama straitéiseacha, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, sábháilteacht ar bhóithre, forbairt an mhargaidh saothair agus pleanáil chomhtháite iompair.

14 https://assets.gov.ie/static/documents/Private_Wires_Policy_Statement.pdf

15 Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022-2031

1.3.9 An Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe

Leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe (BNSI) creat straitéiseach na hÉireann maidir le taisteal gníomhach agus iompar poiblí go dtí 2030, agus tá sé mar aidhm leis tacú le laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin ón earnáil iompair faoi dheireadh na deich mbliana seo.[16]

Ba é an Roinn Iompair a d'fhoilsigh é in 2022, agus gabhann sé ionad beartais níos luaithe amhail Taisteal Níos Cliste (2009) agus tá sé ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, ina gcuirtear glacadh feithiclí leictreacha agus breoslaí in-athnuaite chun cinn freisin. Is é an príomhfhócas sa bheartas an t-aistriú córa iompair i dtreo siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a spreagadh, ach aithnítear ann go mbeidh turais i gcarranna príobháideacha mar an modh iompair is mó i gceantair áirithe fós. Sna ceantair sin, moltar aistriú chuig feithiclí íseal-astaíochtaí agus astaíochtaí nialasacha i gcás turais i gcarranna príobháideacha. I gcomhthéacs an BNSI, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhonneagar luchtaithe sna ceantair sin a mheastar nach féidir aistriú córa iompair chuig iompar gníomhach agus poiblí a dhéanamh iontu.

1.3.10 Ag Bogadh le Chéile: Cur Chuige Comhoibríoch i ndáil le hAthrú Córas san Iompar

Creat náisiúnta nua is ea an Straitéis seo, atá á tabhairt chun críche faoi láthair lena ceadú ag an Rialtas, chun an t-éileamh ar iompar a laghdú trí oibriú i gcomhar le chéile ar fud an rialtais, an gheilleagair agus pobal chun na réitigh is gá le haghaidh córas iompair níos cothromaithe agus níos cothroime a chruthú. Dírítear sa Straitéis ar athrú sistéamach agus ar bhealaí a iniúchadh chun na dálaí riachtanacha don athrú sin a fheabhsú trí réimse leathan bearta féideartha, iad uile deartha chun taisteal inbhuanaithe a dhéanamh níos mealltaí agus níos inrochtana san fhadtéarma. Léiríonn cuspóirí na Straitéise cur chuige ilghnéitheach an Rialtais maidir le hathrú iompraíochta a chur chun cinn, agus é mar aidhm ciliméadair feithiclí a laghdú, agus tacú le timpeallacht níos sábháilte agus níos sláintiúla do chách. Tá os cionn 30 moladh sa Straitéis agus cuimsítear inti bearta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí atá ann cheana chun glacadh feithiclí leictreacha agus aistriú chucu a spreagadh. Meastar go gcríochnófar an straitéis agus go gceadóidh an Rialtas í in R1 2026.

Tá an Straitéis ag teacht go dlúth leis an réimse fairsing infheistíochta agus tacaíochtaí Rialtais atá i bhfeidhm cheana nó atá beartaithe le haghaidh iompar poiblí, siúil, rothaíochta agus feithiclí leictreacha. Dírítear inti ar athruithe fiúntacha de réir a chéile ar nósanna taistil agus aithnítear léi an gá leanúint le tacaíocht a thabhairt do leictriú agus feabhas a chur ar an mbonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar fud na hÉireann. Aithnítear sa Straitéis Ag Bogadh le Chéile nach mbainfear spriocanna aeráide ceangailteacha dlí na hÉireann amach trí bhearta bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm astu féin, lena n-áirítear laghdú 50% ar astaíochtaí iompair faoi 2030. Dá bhrí sin, neartaítear leis an Straitéis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2026-2028 agus an Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe chun tacú leis an uaillmhian fhoriomlán maidir le hiompar a dhícharbónú agus tacú le gealltanais aeráide na hÉireann.

16 https://assets.gov.ie/static/documents/sustainable-mobility-policy.pdf

1.3.11 Beartas maidir le Hidrigin agus roghanna breosla malartacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann

Tá bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha ríthábhachtach, ach ní hé an t-aon bhealach chuig iompar saor ó astaíochtaí. Cé go meastar gurb é leictriú díreach feithiclí an bealach is éifeachtaí agus is aibí chun ár bhflít feithiclí a dhícharbónú, aithníonn an Rialtas freisin an gá le tacú le réimse roghanna, go háirithe i gcás nach mbeadh leictriú díreach indéanta nó inmharthana i gcásanna úsáide áirithe. Aithnítear infhaighteacht agus soláthar bonneagair breoslaí malartacha san iompar mar phríomhthacaíocht agus mar shásra cumasúcháin le haghaidh dhícharbónú níos leithne na hearnála. Ar an gcúis sin, tá an obair ar Chreat Beartais Náisiúnta (CBN) do Bhonneagar Breoslaí Malartacha d'Iompar faoi lánseol, lena n-áirítear conairí féideartha éagsúla. Cumhdaítear gach modh iompair sa CBN.

Sa chomhthéacs sin, aithníonn AFIR hidrigin mar phríomhbhreosla malartach. Mar atá leagtha síos faoi láthair, leagtar síos in AFIR spriocanna an-uaillmhianach maidir le bonneagar athbhreoslaithe hidrigine i mballstáit an Aontais. Le teicneolaíochtaí hidrigine, cuirtear roinnt buntáistí ar fáil don earnáil iompair, lena n-áirítear sna hearnálacha muirí agus eitlíochta agus ról comhlántach d'iompar tromshaothair i gcásanna úsáide áirithe. Áirítear leo sin dlús cumhachta (tá dlús cumhachta agus fuinnimh ardsonrach ag teicneolaíocht breosla-chille hidrigine), luas athbhreoslaithe, réimse iomaíoch agus tionchair ar cháilíocht an aeir. Tá an acmhainneacht ag teicneolaíocht hidrigine cur le leictriú san earnáil iompair agus cinntítear léi éagsúlú agus athléimneacht níos fearr i dtéarmaí foinsí fuinnimh amach anseo.

Agus é sin á chur san áireamh, tá "Conair Hidrigine Glaise an Oirthir | Tionscadal Taispeána" á fhorbairt, atá maoinithe ag an Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Cuideoidh sé sin le réimse cuir chuige soláthair a mheas agus a iniúchadh chun tacú le forbairt an mhargaidh do bhreoslaí malartacha (go háirithe hidrigin ghlas), lena n-áirítear imscaradh an bhonneagair riachtanaigh. I gcomhréir le ceanglais AFIR, bhunaigh an Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann agus Aonad an Oileáin Chomhroinnte i Roinn an Taoisigh cur chuige comhoibríoch, agus rinne an Roinn Iompair staidéar féidearthachta ina ndearnadh iniúchadh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí stáisiún athbhreoslaithe hidrigine glaise a imscaradh ar chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Dearbhaíodh leis an staidéar féidearthachta shroich teicneolaíocht bonneagair athbhreoslaithe hidrigine dóthain aibíochta teicniúla chun tacú le treoirthionscadal tráchtála.

Tacóidh an tionscadal sin freisin le himscaradh tosaigh líonra bonneagair athbhreoslaithe hidrigine a bheidh inrochtana go poiblí ar bhonn uile-oileáin. Bhog an Roinn Iompair agus comhpháirtithe sa Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann ar aghaidh go Céim III chun Réamhchás Gnó agus straitéis soláthair a fhorbairt do dhá HRS taispeána feadh chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.

Meastar go mbeidh ról lárnach ag hidrigin ghlas mar bhreosla iompair astaíochtaí nialasacha d'Éirinn sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.


Caibidil 2 /

Bunphrionsabail



2. Bunphrionsabail

Bunaíodh bunphrionsabail sa straitéis roimhe seo lena gcuirtear taca faoi chur i bhfeidhm an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha le deich mbliana anuas. Tá na prionsabail sin fós i bhfeidhm go daingean agus tá siad tugtha cothrom le dáta anois le léargas athnuachana lena léirítear tírdhreach na bhfeithiclí leictreacha atá ag teacht chun cinn agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a thógann ar an dul chun cinn go dtí seo.



Fíor 3. Na Cúig Threoirphrionsabal

2.1 Prionsabal 1: Beidh bonneagar feithiclí leictreacha ina chuid de líonra iompair inbhuanaithe níos leithne

Ní tharlóidh an méadú réamh-mheasta ar líon na bhfeithiclí leictreacha agus ar an mbonneagar gaolmhar as féin. Tarlóidh sé mar chuid d'aistriú níos leithne trína bhfeicfear níos mó daoine ag siúl agus ag rothaíocht chuig a gceann scríbe.

Beidh sé tábhachtach go ndéanfar pleanáil agus infheistíocht i mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha ar bhealach lena gcuirfear an córas iompair inbhuanaithe níos leithne san áireamh. Baineann iompar inbhuanaithe le daoine agus áiteanna a nascadh ar bhealach lena n-éascaítear turais shábháilte, inrochtana, compordacha, inacmhainne agus atá éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar é sin trí roghanna iompair níos glaine a chur chun cinn agus trí aistriú ó charranna príobháideacha go taisteal gníomhach agus poiblí a spreagadh.[17]

2.2 Prionsabal 2: Oibreoidh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha do gach duine, beag beann ar aois, sláinte, ioncam nó riachtanais eile

Le haistriú cóir agus cothroime chuig úsáid feithiclí leictreacha ar scála mór , teastaíonn líonra luchtaithe a oibríonn do chách. Chun rochtain a éascú do gach saoránach, tá Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch forbartha ag ZEVI. Agus ceisteanna inrochtaineachta á gcur san áireamh i ndearadh stáisiún luchtaithe, dearadh agus inrochtaineacht láithreáin agus faisnéis agus cumarsáid, tá sé mar aidhm leis na treoirlínte sin tacú leis na prionsabail rochtana uilíche a chur chun feidhme ag gach céim d'fhorbairt bonneagair feithiclí leictreacha - idir phleanáil agus dearadh agus oibriú agus úsáid.

Is coinníoll é comhlíonadh na UDGanna maidir le maoiniú poiblí do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthraítear faoin straitéis sin. Beidh ZEVI i dteagmháil go díreach le hEagraíochtaí Ionadaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPROnna) agus le grúpa abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas chun a chinntiú go léiríonn ceanglais inrochtaineachta taithí saoil, go bhforbróidh siad i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí, agus gur leabófar iad i ndearadh agus i bhfeidhmiú an bhonneagair a mhaoinítear go poiblí araon.

Chomh maith le húsáid na luchtairí féin, tacóidh suíomh straitéiseach pointí luchtaithe feithiclí leictreacha tuaithe leis an aistriú chuig úsáid feithiclí leictreacha i gceantair ina bhfuil dlús íseal daonra, áit nach bhfuil roghanna malartacha taistil seachas an carr ann. Tabharfar aird ar leith freisin ar bhonneagar iontaofa feithiclí leictreacha chun tacú leis an tionscal turasóireachta níos leithne.

17 https://assets.gov.ie/static/documents/sustainable-mobility-policy.pdf

2.3 Prionsabal 3: Maidir le formhór na n-úsáideoirí feithiclí leictreacha, is é luchtú baile an príomhréiteach luchtaithe a bheidh ann fós

Is é luchtú baile an bealach is cost-éifeachtaí agus is áisiúla chun feithiclí leictreacha a luchtú in Éirinn. Is é an fhoirm luchtaithe is coitianta é agus tá rochtain ag thart ar 80% d'úinéirí cairr na hÉireann ar pháirceáil phríobháideach eas-sráide agus tá an rogha ann pointí luchtaithe a shuiteáil ar féidir iad a nascadh le soláthairtí leictreachais tí.[18] Le luchtú baile is féidir feithiclí leictreacha a pháirceáil, a phlugáil isteach agus a fhágáil thar oíche lena luchtú, rud a thugann an áisiúlacht is mó agus an fhéidearthacht leas a bhaint as taraifí oíche níos ísle agus taraifí cliste eile.

De réir mar a luathaíonn glacadh feithiclí leictreacha in Éirinn, is é luchtú baile an cineál luchtaithe is coitianta agus is áisiúla d'fhormhór na dtiománaithe feithiclí LDVanna. Leanfar le forálacha speisialta a dhéanamh do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mbloic chónaithe ard-dlúis (amhail árasáin) chomh maith le daoine i bhforbairtí cónaithe a bhfuil saoráidí páirceála comhroinnte acu. Tá ZEVI ag obair leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil chomh maith chun reachtaíocht a thabhairt isteach lena gceadófar
réiteach traschosáin a úsáid chun rochtain a fháil ar luchtaire baile.

Feidhmíonn luchtú iosta do veaineanna agus trucailí leictreacha mar choibhéis tráchtála an luchtaithe baile. Mar an gcéanna le luchtú baile d'fheithiclí leictreacha neamhthráchtála, beidh luchtú príobháideach in iostaí ar an gcineál luchtaithe is cost-éifeachtaí agus is coitianta fós.

2.4 Prionsabal 4: Cuirfear roghanna malartacha luchtaithe ar fáil dóibh siúd nach féidir leo luchtú a dhéanamh sa bhaile

I gcás mionlach suntasach tiománaithe feithiclí leictreacha, ní bheidh luchtú sa bhaile ina rogha. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear réitigh luchtaithe ar fáil do na tiománaithe sin lena mbaineann na buntáistí céanna a bhaineann le rogha luchtaithe baile. Ba chóir go mbeadh pointí luchtaithe cónaithe ábalta, a mhéid is féidir, patrún luchtaithe baile a leanúint maidir le feithiclí a luchtú san oíche, le linn uaireanta seachbhuaice agus ar chostas níos ísle.

I measc na roghanna luchtaithe dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtú eas-sráide (sa bhaile) tá:

- Freastalóidh moil luchtaithe comharsanachta áitiúla ar dhaoine nach bhfuil rochtain acu ar pháirceáil phríobháideach eas-sráide.
- Is féidir le réitigh luchtaithe comhroinnte, trínar féidir le húinéirí feithiclí leictreacha úsáid a bpointe luchtaithe pearsanta baile a fháil ar cíos, réiteach luchtaithe ar chostas íseal, éasca a sholáthar a chur ar fáil d'úinéirí feithiclí leictreacha nach bhfuil rochtain acu ar chabhsa.

18 https://assets.gov.ie/static/documents/draft-national-policy-framework-for-alternative-fuels-infrastructure.pdf

- Le pointí luchtaithe cinn scríbe, beidh úsáideoirí feithiclí leictreacha ábalta luchtú ag ionaid phoiblí.
- A bhuí le pointí luchtaithe ar an mbealach, is féidir athluchtú a dhéanamh go gasta feadh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, rud a éascaíonn taisteal fad-achair ar fud na hÉireann i bhfeithicil leictreach.
- Moil luchtaithe thapa tacsaithe, a éascaíonn luchtú tapa do thacsaithe leictreacha.

2.5 Prionsabal 5: Ar fud an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha, beidh córais luchtaithe feithiclí leictreacha idir-inoibritheach agus chomh simplí agus is féidir le húsáid

Tá sé ina chuid ríthábhachtach de líonra luchtaithe iontaofa agus éasca a úsáid idir-inoibritheacht agus comhéadain luchtaithe simplí a chinntiú. Ar leibhéal an Aontais, tacaíonn AFIR leis an bprionsabal sin, agus leagtar síos ann sonraíochtaí agus ceanglais theicniúla chomhchoiteanna maidir le faisnéis thrédhearcach d'úsáideoirí, soláthar agus comhroinnt sonraí agus ceanglais íocaíochta ad hoc.

Dá shimplí agus dá éasca na córais sin a úsáid, is ea is mó daoine a bheidh ábalta iad a úsáid. Mar sin, beidh idir-inoibritheacht ina riachtanas lárnach i gcónaí i rolladh amach bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha ar feadh shaolré na straitéise seo agus ina dhiaidh sin.

Caibidil 3 /

Éiceachóras Feithiclí Leictreacha Reatha na hÉireann: Dúshláin agus Deiseanna ar



3. Éiceachóras Feithiclí Leictreacha Reatha na hÉireann: Dúshláin agus Deiseanna ar an mBóthar Romhainn

Tá ról lárnach ag glacadh feithiclí leictreacha san aistriú ó bhreoslaí iontaise allmhairithe ar mór a lorg carbóin i dtreo soláthar leictreachais atá ag éirí níos glaise i gcónaí, agus tá an buntáiste breise leis go laghdófar truailleáin aeir dhíobhálacha. Cé go bhfuil glacadh feithiclí leictreacha in Éirinn ag méadú agus gur baineadh amach sprioc 2025, beidh dul chun cinn leanúnach ag teastáil chun spriocanna gníomhaithe aeráide 2030 a bhaint amach chun an bonneagar luchtaithe a fhorbairt is gá chun muinín a thabhairt do thiománaithe an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha a dhéanamh. Is cuidiú é measúnú a dhéanamh ar leibhéil reatha glactha feithiclí leictreacha leis na príomhdhúshláin a shainaithint agus cuirtear bonn eolais leis faoi na gníomhaíochtaí is gá chun líonra luchtaithe ar fud na tíre a sholáthar a bheidh inrochtana, cothrom agus a fhreastalóidh ar riachtanais gach úsáideora.

Tugtar forléargas cuimsitheach sa chaibidil seo ar éiceachóras feithiclí leictreacha reatha na hÉireann, agus leagtar amach inti an dul chun cinn go dtí seo agus tugtar aird inti ar na dúshláin atá fós ann maidir le spriocanna aeráide agus bonneagair 2030 a bhaint amach. Déantar athbhreithniú inti ar threochtaí glactha feithiclí leictreacha maidir le gluaisteáin paisinéirí, veaineanna tráchtála agus feithiclí tromshaothair, agus scrúdaítear leathnú bhonneagar luchtaithe na hÉireann, lena n-áirítear luchtú baile, luchtú poiblí, luchtú cinn scríbe agus luchtú ar an mbealach.

3.1 Stádas Reatha Glactha Feithiclí Leictreacha in Éirinn

Is é iompar agus an dara foinse is mó d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn agus breis agus 11.6 milliún tona gás ceaptha teasa astaithe in 2024 ar bhain 21.7% d'iomlán na n-astaíochtaí leo.[19] Is é an earnáil iompair a bhfuil an t-ardú foriomlán is mó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa léirithe aige le méadú 113.7% ó 1990 i leith. De réir Straitéis Tarlú Bóthair na hÉireann 2022-2031, bhí astaíochtaí ó HGVanna freagrach as 20% de na hastaíochtaí iompair iomlána, agus bhí astaíochtaí ó fheithiclí earraí éadroma (LGVanna) freagrach as 18% de na hastaíochtaí iomlána iompair. Meastar go soláthróidh leictriú flít an sciar is mó de laghdú astaíochtaí sa ghearrthéarma, agus sprioc de 30% ann maidir le sciar leictreach na bhfeithiclí paisinéirí uile ar an mbóthar faoi 2030.

19 https://www.seai.ie/data-and-insights/seai-statistics/transport

3.2 Sprioc Leictriúcháin

Tá uaillmhian náisiúnta na hÉireann maidir le haistriú i dtreo feithiclí leictreacha fréamhaithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Leagtar síos leis sin spriocanna uaillmhianacha leictriúcháin do 2025 agus 2030 araon maidir le feithiclí paisinéirí, veaineanna agus feithiclí earraí troma a oibrítear go príobháideach (féach Tábla 2), lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha (BEV) agus feithiclí leictreacha hibrideacha in-luchtaithe (PHEV). Is cuid ríthábhachtach den sprioc iad na spriocanna sin maidir le laghdú 50% a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018.

	Sprioc 2025	Sprioc 2030
	175,000 paisinéir feithiclí leictreacha	Sciar 30% de fhlít iomlán na bhfeithiclí leictreacha paisinéirí
	20,000 veain tráchtála	Sciar 20% de fhlít iomlán na veaineanna tráchtála
	700 HGV íseal-astaíochtaí	Tá 30% de na clárúcháin nua HDVanna leictreach
	300 bus leictreach	1,500 bus leictreach
Sprioc Laghdaithe (i gcomparáid le 2018)	1.96 $MtCO_2eq$	4.74 $MtCO_2eq$

Tábla 2. **Príomhspriocanna CAP maidir le Leictriú Feithiclí atá faoi Úinéireacht Phríobháideach agus Tráchtála**

Chun scála an aistrithe sin a thuiscint, is fiú scrúdú a dhéanamh ar ghlacadh feithiclí leictreacha sna príomh-earnálacha iompair bóithre go dtí seo. Leagtar amach sna hailt seo a leanas an dearcadh straitéiseach maidir le feithiclí leictreacha paisinéirí, veaineanna tráchtála éadroma agus feithiclí tromshaothair (HDVanna), a bhfuil ról ar leith ag gach ceann acu maidir le spriocanna dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach.

3.2.1 Leictriú Feithiclí ar Mhéid Paisinéirí

Ós rud é go bhfuil feithiclí ar mhéid paisinéirí freagrach as 77% den fhlít feithiclí iomlán agus thart ar 49% de na hastaíochtaí uile ó iompar de bhóthar in Éirinn, tá ról suntasach ag a leictriú maidir le spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach.

Tá os cionn méadú faoi dhó tagtha ar ghlacadh feithiclí leictreacha paisinéirí ó bunaíodh spriocanna CAP 2023. De réir na faisnéise a bailíodh ó thuarascálacha ón gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, mar a léirítear go ginearálta i dTábla 3, bhí thart ar 205,000 feithicil leictreach phríobháideach ar bhóithre na hÉireann faoi dheireadh mhí na Nollag 2025.

Tá méadú tagtha ar ghlacadh feithiclí leictreacha mar gheall ar roinnt tosca lena bhfeabhsaítear tarraingteacht agus inmharthanacht ceannachán feithiclí leictreacha, an costas iomlán úinéireachta agus áisiúlacht úsáide. Le teicneolaíocht ceallraí feabhsaithe, réimse méadaithe, níos mó samhlacha feithiclí leictreacha agus dreasachtaí rialtais spriocdhírithe, amhail deontais cheannaigh, faoiseamh VRT agus lascainí cánach, cuirtear borradh faoi

ghlacadh feithiclí leictreacha trí chostais a laghdú, rogha a mhéadú agus úinéireacht a dhéanamh níos tarraingtí.

Tá feabhas tagtha ar tharraingteacht feithiclí leictreacha freisin mar gheall ar an líonra luchtaithe phoiblí atá ag leathnú agus gur féidir le formhór na dtiománaithe luchtú sa bhaile. Le costais reatha agus cothabhála níos ísle, feabhsaítear tarraingteacht an chostais úinéireachta iomláin tuilleadh, rud a fhágann go bhfuil feithiclí leictreacha ina rogha níos inmharthana ó thaobh airgeadais de agus níos tarraingtí ó thaobh an chomhshaoil de do go leor tiománaithe.

	Deireadh Nollag 21	Deireadh Nollag 22	Deireadh Nollag 23	Deireadh Nollag 24	Deireadh Nollag 25
BEV	23,333	39,280	62,484	82,409	110,213
PHEV	24,388	34,294	47,858	66,554	94,661
TOTAL	47,721	73,574	110,342	148,963	204,874

Tábla 3. **Glacadh bliantúil BEVanna agus PHEVanna in Éirinn**

3.2.2 Leictriú Veaineanna Tráchtála

Cé nach bhfuil ach thart ar 12% den fhlít feithiclí iomlán ina veaineanna tráchtála, tá siad freagrach as 22% díréireach d'astaíochtaí iompair de bhóthar. Mar sin féin, i gcomparáid leis an bhfás atá le feiceáil ar fheithiclí leictreacha ar mhéid paisinéirí, tá an fás san earnáil veaineanna tráchtála ag titim ar gcúl. Ó R43 2025 i leith, tá díreach os cionn 7,475 veain tráchtála BEV agus PHEV cláraithe in Éirinn.

Braitheann trácht tráchtála, nó tionscail a sholáthraíonn seirbhísí amhail soláthar earraí nó a théann chuig suíomhanna chun seirbhís a sholáthar, go príomha ar fheithiclí N1 - veaineanna cathrach, painéil agus bosca. Toisc go bhfuil baint ag veaineanna tráchtála le gníomhaíocht ghnó, ciallaíonn fás eacnamaíoch go méadaíonn úsáid veaineanna tráchtála, rud a fhágann go bhfuil an bhéim ar an earnáil seo a aistriú go leictriú thar a bheith tábhachtach chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach. Go háirithe i suíomhanna uirbeacha, tá veaineanna tráchtála éadroma leictreacha ina mbuntáiste i gcomparáid le veaineanna díosail agus peitril mar gheall ar na luasteorainneacha níos ísle, stadanna iomadúla eile agus coscánú athghiniúnach.

Tá comhdhéanamh an fhlít tráchtála éagsúla, idir earnálacha lena n-áirítear grúpaí soláthair earraí, seirbhísí lónadóireachta, agus cuideachtaí fóntais. Mar gheall ar an éagsúlacht sin, chun an sciar den mhargadh atá ag feithiclí leictreacha a mhéadú, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith idir na dreasachtaí a theastaíonn chun na bacainní sin a shárú. Ag brath ar riachtanais úsáide feithiclí

, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith idir na bacainní maidir le haistriú ó ICEVanna go BEVanna ó chineál flít amháin go flít eile. Cé go bhfuil praghas ceannaigh BEVanna ina bhac láidir ar leictriú, airítear le bacainní eile comhoiriúnacht feithicle (is é sin infhaighteacht múnlaí feithiclí oiriúnacha), oiriúnacht raonta ceallraí le riachtanais tiomána agus acmhainn ualaigh feithiclí leictreacha.

I bhfianaise na mbacainní éagsúla atá roimh chineálacha éagsúla flíteanna in Éirinn, tá gá le meascán de bhearta beartais. I láthair na huaire tá roinnt dreasachtaí (Tábla 4) i bhfeidhm in Éirinn chun leictriú flít a spreagadh, a dhíríonn ar fheasacht réamhcheannaigh agus tarraingteacht feithiclí leictreacha, cumhacht ceannaigh agus úsáid saolré na feithicle. Díríonn formhór na ndreasachtaí ar bhacainní a bhaineann le costas tosaigh feithiclí a cheannach. Mar sin féin, le himeacht ama, b'fhéidir go mbeadh bearta a dhíríonn ar éascaíocht agus ar chostas úsáide feithiclí flít níos oiriúnaí de réir mar a athraíonn próifíl um dhul i bhfód BEVanna in Éirinn ó ghlacadh luath go dtí an margadh tromlaigh.

Catagóir	Dreasachtaí	Bacainn Spriocdhírithe
Ceannach	Deontas Ceannaigh Feithicle	Caipiteal tosaigh
	Cáin Cláraithe Feithiclí	Caipiteal tosaigh
	Liúntas Caipitil Luathaithe	Caipiteal tosaigh
	Scéim Traipisithe ICE2EV	Caipiteal tosaigh
Bonneagar	Scéimeanna maidir le Bonneagar Luchtaithe	Imní raoin/luchta
	Deontas Luchtaithe do Thithe agus Árasáin	Costas/áisiúlacht athluchtaithe
	Rialachán maidir le ceanglais luchtaithe tógála nua	Costas/áisiúlacht athluchtaithe

Tábla 4. **Dreasachtaí i gcomhair leictriú feithiclí atá ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn**

3.2.3 Leictriú Feithiclí Tromshaothair

Beidh an t-aistriú chuig HDVanna ríthábhachtach chun an earnáil iompair a dhícharbónú. Agus beagán os cionn 2% den fhlít iomlán feithiclí iad ach os cionn 29% d'astaíochtaí iompair de bhóthar in Éirinn ag baint le HDVanna, cuireann siad go díréireach le hastaíochtaí i bhfianaise a míleáiste aird.[20] [21] Ón R3 2025 i leith, tá díreach faoi bhun 370 HDV leictreonach cláraithe in Éirinn, ina bhfuil thart ar 70 feithicil HGV leictreonach agus 300 Bus leictreonach.[22] Tá sé sin giota maith faoi bhun sprioc CAP de 700 r-HGV, ach ar an mbóthar ceart le sprioc CAP de 300 bus leictreach.

20 https://epawebapp.epa.ie/ebooks/soe2024/303/

21 https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/EPA-1990-2022-GHG-Report-Final.pdf

22 https://alternative-fuels-observatory.ec.europa.eu/transport-mode/road/ireland/vehicles-and-fleet

Léirítear leis na heasnaimh roinnt bacainní leanúnacha, lena n-áirítear costais tosaigh arda ar fheithicil i gcomparáid le roghanna díosail, easpa múnlaí feithiclí inmharthana ar fáil, bacainní ar luchtú iosta phríobháidigh leordhóthanach a shuiteáil lena n-áirítear acmhainn eangaí teoranta, tréimhsí inseolaithe naisc, easpa bonneagar luchtaithe ar an mbealach agus ábhair imní maidir leis
an réimse feithiclí agus iontaofacht oibríochtúil. Chun na bacainní sin a mhaolú, leathnaíodh an Scéim Deontais um Cheannach Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí
Nialasacha (ZEHDV) ag tús 2025 chun maoiniú a áireamh ní hamháin d'fheithiclí tromshaothair leictreacha ach do bhonneagar luchtaithe mol iosta agus lóistíochta chomh maith.

Tá sé tuartha go leanfaidh an t-aistriú cur chuige de réir a chéile: tosófar le gluaisteáin paisinéirí, veaineanna ina dhiaidh sin, agus HDVanna ar deireadh, rud a léiríonn na bacainní coibhneasta atá roimh ghlacadh sna codanna sin. De réir mar a rachaidh an teicneolaíocht chun cinn, a laghdóidh na costais ar bhonneagar luchtaithe, agus a thiocfaidh múnlaí feithiclí níos inacmhainne agus níos comhoiriúnaí isteach sa mhargadh, meastar go luathóidh leictriú na HDVanna.

Chun an t-aistriú sin a threorú, thionóil ZEVI Grúpa Oibre ilpháirtithe leasmhara um Chonair Leictrithe HDVanna chun bacainní a scrúdú, ceachtanna a roinnt agus treochlár fadtéarmach go dtí 2040 a fhorbairt. Le hanailís luath, tugtar le fios go bhféadfadh HDVanna thart ar 10% de thrucailí éadroma agus 4% de thrucailí troma a bhaint amach faoi 2030, agus go spreagfaidh ceanglais rialála tuilleadh glactha. Pléifear cuid d'obair na meithle sin tuilleadh i gcaibidil thiomnaithe ar leictriú HDVanna i gCaibidil 5.

3.3 Bonneagar Luchtaithe atá ann cheana

Toisc ríthábhachtach is ea forbairt líonra luchtaithe phoiblí atá láidir agus iontaofa chun go nglacfar go forleathan le feithiclí leictreacha i ngach earnáil agus grúpa úsáideoirí. Is é luchtú baile an bealach is coitianta a úsáideann tiománaithe lena gcuid feithiclí a chumhachtú, agus meastar go bhfanfaidh sé amhlaidh. Tá gá le líonra luchtaithe phoiblí dea-dháilte, áfach, chun tacú le glacadh níos leithne feithiclí leictreacha agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoi raon agus rochtain ar luchtú.

Tá go leor teaghlach ann nach bhfuil rochtain acu ar chabhsáin phríobháideacha ná ar spásanna páirceála tiomnaithe inar féidir pointe luchtaithe baile a shuiteáil. Tá sé sin thar a bheith ábhartha i gceantair uirbeacha ina bhfuil daoine ina gcónaí in árasáin nó i dtithe ag a bhfuil páirceáil chomhroinnte nó páirceáil sráide. Sna cásanna seo, tá rochtain ar luchtú comharsanachta áisiúil agus iontaofa riachtanach. Cuidíonn luchtú poiblí lena chinntiú nach gcuirfear daoine nach féidir leo luchtú sa bhaile faoi mhíbhuntáiste agus gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh san aistriú chuig soghluaisteacht leictreach fós.

Níl aon tacar sonraí náisiúnta láidir ann faoi láthair maidir leis an gcion cruinn d'áiteanna cónaithe Éireannacha ag a bhfuil páirceáil eas-sráide nó acmhainneacht iontaofa luchtaithe tí,

rud a léiríonn bearna shuntasach fianaise. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé tuiscint a fháil ar cé mhéad teaghlach ar féidir leo pointe luchtaithe baile a shuiteáil go réadúil agus cé mhéad nach féidir, cuirfidh feabhas ar bhailiú sonraí sa réimse go mór le pleanáil le haghaidh rochtain chothrom ar luchtú feithiclí leictreacha.

Tá líonra láidir luchtaithe phoiblí ríthábhachtach freisin le haghaidh réimse úsáidí eile. Bíonn rochtain ar luchtú poiblí ag teastáil ó fhlíteanna tráchtála go minic, lena n-áirítear feithiclí seachadta, tacsaithe agus soláthraithe seirbhíse eile, i rith an lae oibre chun oibríochtaí a choinneáil ar bun. Braitheann taisteal fadraoin freisin ar líonra éifeachtach luchtairí ardchumhachta atá suite ar bhealaí náisiúnta agus réigiúnacha.

Amhail mí na Nollag 2025, measadh go raibh thart ar 3,237 pointe luchtaithe idir 142–195MW ar fud na tíre. Is dul chun cinn suntasach é sin ó foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta um Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreonacha in 2022. Beidh leathnú leanúnach agus pleanáil chúramach tábhachtach lena chinntiú go gcoinneoidh an líonra suas leis an éileamh atá ag fás agus go mbeidh sé inrochtana, iontaofa agus oiriúnach do chineálacha éagsúla úsáideoirí i gcónaí.

3.3.1 An Líonra Luchtaithe Phoiblí a Fhás

Ó 2025 i leith, tá acmhainn an líonra muirir dúbailte ó 2023 i leith. Tá cuid mhór den bhonneagar sin á shuiteáil i lárionaid uirbeacha agus i gcinn scríbe a bhfuil tóir orthu, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do thiománaithe luchtú san áit a bhfuil cónaí orthu, ina n-oibríonn siad agus ina ndéanann siad a gcuid siopadóireachta. Beidh tacaíocht agus infheistíocht ón Státchiste ríthábhachtach lena chinntiú go gcuirfear bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha ar fáil ar fud na tíre a fhreastalóidh ar riachtanais éagsúla úsáideoirí, lena n-áirítear in áiteanna nach mbeadh chomh tarraingteach ó thaobh tráchtála de b'fhéidir agus nach ndéanfadh an earnáil phríobháideach infheistíocht iontu ar bhonn neamhspleách.

I gcomhréir le ceanglais AFIR do chonairí TEN-T, sna míonna atá amach romhainn agus le linn 2026, suiteálfar moil luchtaithe agus bonneagar luchtaithe nua ag eatraimh rialta feadh bóithre náisiúnta, rud a thacóidh le turais níos faide agus taisteal idirchontae.

I gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha, thacaigh ZEVI le luchtú poiblí a leathnú trí scéimeanna iomadúla um maoiniú le blianta beaga anuas. Tugtar forléarga i dTábla 5 ar na scéimeanna um maoiniú reatha.



Ainm na Scéime	Méid an Mhaoinithe	Cuspóir	Suíomhanna ar Díríodh Orthu
Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide agus ESB	€10 milliún	Rinneadh luchtú feithiclí leictreacha in Éirinn a uasghrádú agus a leathnú, ag soláthar breis agus 55 mol luchtaithe, ag uasghrádú 100 pointe luchtaithe go luasanna níos airde, agus ag athsholáthar beagnach 500 pointe luchtaithe atá ann cheana féin – críochnaithe anois.	Ar fud na tíre
Scéim Deontais um Bonneagar Luchtaithe LDVanna ar an mBealach de chuid EV ZEVI BIÉ – Céim 1 (LDV1)	€9.2 milliún	Maoinítear leis 149 pointe luchtaithe thapa agus ardchumhachta ar fud 19 gcomhthiomsú luchtaithe feadh na mótarbhealaí náisiúnta ar an ngréasán bóithre náisiúnta, ag limistéir seirbhíse agus ag saoráidí miondíola laistigh de 3km ó bhealaí amach mótarbhealaí.	Gréasán Bóithre Náisiúnta
Scéim Deontais um Bonneagar Luchtaithe LDVanna ar an mBealach de chuid EV ZEVI BIÉ – Céim 2 (LDV2)	€13 milliún	Maoinítear leis 175 pointe luchtaithe thapa agus ardchumhachta ar fud 53 comhthiomsú luchtaithe feadh bóithre carrbhealaigh shingil ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Beidh luchtóirí iomadúla 150–350kW ar gach láithreán, suite ag stáisiúin seirbhíse, óstáin agus carrchlóis mhiondíola atá ann cheana féin.	Gréasán Bóithre Náisiúnta
Scéim Deontais um Bonneagar Luchtaithe LDVanna ar an mBealach de chuid EV ZEVI BIÉ – Céim 3 (LDV3)	€9.9 milliún	Leantar le leathnú an bhonneagair luchtaithe thapa ina bhfuil 192 pointe luchtaithe ar fud 90 ionad ar an mbealach feadh na bpríomhbhóithre agus na mbóithre den dara grád eile ar an ngréasán bóithre náisiúnta lasmuigh de Ghréasán TEN-T chun luchtairí a sholáthar feadh conairí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.	Gréasán Bóithre Náisiúnta
Scéim Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Chlubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte	€15 milliún	Maoinítear leis luchtairí tapa atá inrochtana go poiblí ag clubanna spóirt ar fud na hÉireann agus ar fud Thuaisceart Éireann. Táthar ag súil go dtosóidh suiteálacha tosaigh luchtaire feithiclí leictreacha ag clubanna spóirt in R1 2026, agus go mbeidh an chuid is mó acu críochnaithe in 2026, ag feitheamh ceaduithe agus soláthar eangaí.	Clubanna spóirt ar fud an oileáin
Scéim um Luchtú Baile	Suas le €300 in aghaidh an teaghlaigh	Fóirdheonaítear leis suiteáil luchtairí baile SA (7kW de ghnáth) d'úinéirí príobháideacha feithicle leictrí. Baineann sé le tithe agus le réadmhaoine atá réidh do chuairteoirí. Tacaíodh leis na céadta míle ó bhí 2018 ann.	Tithe príobháideacha
Deontas do Luchtú Árasán	Athraíonn sé	Tacaíonn sé le luchtairí comhroinnte nó aonair do chónaitheoirí árasán agus coimpléasc tithíochta, chun rochtain chothrom ar luchtú baile a leathnú.	Árasáin agus coimpléisc chónaithe

Ainm na Scéime	Méid an Mhaoinithe	Cuspóir	Suíomhanna ar Díríodh Orthu
Treoirscéim do Luchtú Comhroinnte	€<1 mhilliún	Tugtar deis d'úinéirí tí luchtairí príobháideacha a roinnt trí aip shoghluaiste le tiománaithe feithiclí leictreacha eile sa cheantar, agus fócas ar cheantair fo-uirbeacha nó tuaithe nach bhfuil bonneagar poiblí iontu.	Ceantair chónaithe
Scéim Deontais Bonneagair eSPSV	€1.5 milliún	Suiteáladh pointí luchtaithe tiomnaithe ag mór-mhoil iompair ar fud na tíre, lena n-áirítear stáisiúin traenach agus aerfoirt, chun tacú le flíteanna tacsaithe a leictriú. Ó 2020 i leith, tá moil i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus sa tSionainn feistithe, agus tá maoiniú á chur ar fáil do leathnú leanúnach ar shuíomhanna breise Iarnród Éireann.	Mór-mhoil iompair
Feithicil Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha – Scéim Deontais um Bonneagar Athluchtaithe	Athraíonn an méid ón Státchiste	Tacaíonn sé le bonneagar luchtaithe ag iostaí agus ionaid lóistíochta d'fheithiclí leictreacha tromshaothair (m.sh., HDVanna, busanna).	Iostaí
Scéim Ceann Scríbe Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath	TBC	Tá mórchlár á stiúradh ag Comhairle Contae Fhine Gall chun 200 pointe luchtaithe nua a shuiteáil i 50 suíomh a roghnaíodh go straitéiseach. Leis an tionscnamh sin, cuirfear thart ar 8,900kW d'acmhainn luchtaithe nua ar fáil, rud a neartóidh an cumas freastal ar an éileamh atá ag méadú ar fheithiclí leictreacha go mór. Chun freastal ar réimse leathan riachtanais úsáideoirí, lena n-áirítear comaitéirí, cónaitheoirí agus flíteanna tráchtála, áireofar leis an rolladh amach bonneagar luchtaithe ardchumhachta idir 50kW agus 200kW.	Suíomhanna luchtaithe ceann scríbe
Treoirscéim Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	€>1 mhilliún	Tacaíonn sé leis na hoibreacha sibhialta agus bonneagair is gá chun stáisiúin luchtaithe a shuiteáil ag 13 shuíomh ar fud na cathrach agus an chontae. Áirítear leis an imscaradh dhá luchtaire déag SD 100kW agus luchtaire amháin SA 22kW, a sholáthraíonn 1,200kW breise d'acmhainn luchtaithe le chéile.	Suíomhanna luchtaithe ceann scríbe

Tábla 5. Forléargas ar Thacaíocht Mhaoinithe Phoiblí Roimhe Seo agus Reatha do Bhonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar fud na hÉireann

3.3.2 Infhaighteacht Luchtaithe Phoiblí d'Fheithiclí Tromshaothair

Cé go bhfuil bonneagar d'fheithiclí paisinéirí ag leathnú, tá easnamh mór fós ann maidir le luchtú ardchumhachta suite go straitéiseach do HDVanna. Tá an t-imscaradh tite siar maidir le spriocanna náisiúnta. Ós rud é go bhfuil ós cionn 99% de na HDVanna fós faoi thiomáint díosail, meastar go bhfuil sé deacair an earnáil a dhícharbónú. Sa Mheabhrán Tuisceana Domhanda maidir le Feithiclí Meánshaothair agus Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha, is é an sprioc go mbeidh 30% ar a laghad de dhíolacháin nua busanna agus trucailí glan-nialasach faoi 2030 agus 100% faoi 2040.

Osclaíodh an Scéim Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha (ZEHDV), a riarann BIÉ thar ceann ZEVI, i mí Feabhra 2024 chun tacú le cuideachtaí agus fiontair ar mian leo HDVanna astaíochtaí nialasacha a cheannach. Dreasaítear leis an scéim an t-aistriú ó innill dócháin go HDVanna astaíochtaí nialasacha trí dheontas ceannaigh suas le 60% den difríocht praghais idir an dá rogha a thairiscint. In 2025, d'fhógair ZEVI scéim deontais cheannaigh ZEHDV-I chun deontas ceannaigh a chuimsiú le haghaidh bonneagar luchtaithe chun cuidiú le freastal ar an éileamh ar luchtú iosta agus poiblí do HDVanna.

Moladh an deontas breise sin chun cuidiú le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar an deontas ceannaigh feithiclí an rogha a bheith acu a luchtú iosta féin a shuiteáil agus ar leithligh chun luchtú poiblí thart ar nóid uirbeacha agus ar chalafoirt a éascú, ach níl siad teoranta dóibh sin. I dtaca leis an scéim ZEHDV leathnaithe, le scéim dearbhán, arna riar ag SEAI, tugtar deis do FBManna rochtain a fháil ar iniúchadh flít chun tacú le haistriú feithiclí amach anseo.

Ciallaíonn achair ghearr tiomána in Éirinn, an dlúthghréasán bóithre agus an easpa tráchta HDVanna ar idirthuras go bhféadfadh baol rósholáthair bheith i gceist le luchtú poiblí forleathan HDVanna, toisc gur féidir formhór na bhfeithiclí a athluchtú ag iostaí. Déantar formhór na ngluaiseachtaí lastais laistigh d'Éirinn go réigiúnach nó is cinn ghearraistir iad, rud a chiallaíonn gur dócha go bhfreastalóidh luchtú thar oíche iosta-bunaithe ar fhormhór an éilimh fuinnimh. Dá bhrí sin, beidh bonneagar luchtaithe phoiblí HDVanna teoranta go straitéiseach do phríomhphointí feadh an Ghréasáin TEN-T, na nód uirbeach, na mol lóistíochta agus calafort ina bhféadfadh údar oibríochtúil a bheith le luchtú nó barrlíonadh deise. Beidh cur chuige sonraíbhunaithe faoi threoir éilimh riachtanach chun sócmhainní tréigthe a sheachaint agus oibleagáidí AFIR á gcomhlíonadh fós. Sna blianta atá amach romhainn, stiúrfaidh ZEVI infheistíocht chéimnithe spriocdhírithe, nuálaíocht theicneolaíoch agus comhoibriú tionscail sa réimse sin.

3.3.3 Príomhghníomhaithe agus Dinimic an Mhargaidh sa Líonra Luchtaithe Phoiblí

Tá athrú tapa ag teacht ar éiceachóras luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann, á spreagadh ag tacaíocht ghníomhach ón rialtas, rannpháirtíocht mhéadaithe na hearnála príobháidí, agus éileamh tomhaltóirí atá ag méadú
ar shoghluaisteacht leictreach.

Tá líon atá ag méadú d'oibreoirí príobháideacha i ndiaidh dul isteach sa mhargadh sa tréimhse 2022-25, rud a sholáthraíonn iomaíocht, nuálaíocht agus infheistíocht – go háirithe i lárionaid uirbeacha agus i gcinn scríbe ardtrách ina bhfuil an t-éileamh ag luathú i gcónaí. Beidh méadú ar an iomaíocht san earnáil luchtaithe feithiclí leictreacha ríthábhachtach chun feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara agus ar inacmhainneacht.

Tá an láithreacht mhargaidh sin atá ag méadú ag cur le líonra luchtaithe níos athléimní agus níos freagrúla. Mar sin féin, mar gheall ar bhacainní ar luchtú poiblí feithiclí leictreacha a shuiteáil agus a choinneáil ar bun in Éirinn, tá bac curtha ar an rolladh amach. Tá bacainní le sárú ag CPOnna amhail moilleanna ar luachana agus ar sholáthar maidir le ceangal leis an eangach, costais arda caipitil agus neamhchinnteacht maidir le héileamh fadtéarmach agus toradh ar infheistíocht. Déan na dúshláin sin a phlé go mion i gcaibidil a sé thíos.

Tá éagothroime gheografach ann fós, agus tá roinnt ceantar íseal-dlúis nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu fós mar gheall ar chásanna tráchtála níos laige, agus tá an t-éileamh uirbeach ag dul ar aghaidh. Chun rochtain chothrom a chinntiú ar fud na réigiún uile, beidh gá le hinfheistíocht phoiblí leanúnach agus comharthaí beartais shoiléire chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i gceantair dhúshlánacha a dhí-rioscú.

Chuige sin, bhí ról gníomhach ag cláir phoiblí faoi stiúir ZEVI agus BIÉ maidir leis na bearnaí sin a líonadh, go háirithe trí luchtú ar an mbealach a rolladh amach feadh an ghréasáin bóithre náisiúnta trí scéimeanna LDV1,2 &3 agus Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte. Soláthraítear leo sin tacaíocht shuntasach chaipitil tosaigh chun na costais arda a bhaineann le luchtairí ardluais feithiclí leictreacha a imscaradh a chúiteamh,
rud a chuidíonn le riosca airgeadais a mhaolú in áiteanna ina bhféadfadh úsáid i gcéim luath a bheith teoranta.

Agus earnáil luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann ag aistriú ó imscaradh luathchéime go céim níos dinimiciúla agus níos iomaíche, beidh sé ríthábhachtach go leanfar le hailíniú straitéiseach gníomhaithe rialtais náisiúnta agus áitiúla le fóntais fuinnimh, oibreoirí eangaí agus CPOnna príobháideacha.

3.4 Dúshláin agus Deiseanna ar an mBóthar Romhainn

Agus teicneolaíocht na bhfeithiclí leictreacha ag dul chun cinn agus an t-éileamh ag fás, beidh bonneagar luchtaithe fós ina chumasóir ríthábhachtach san aistriú chuig soghluaisteacht leictreach. Sainaithníodh ceithre phríomhchatagóir bonneagair luchtaithe do thiománaithe feithiclí leictreacha LDV, a fhreastalaíonn siad ar fad ar riachtanais éagsúla úsáideoirí, ag brath ar an áit agus an uair a chaithfidh daoine a gcuid feithiclí leictreacha a luchtú:

- Luchtú tí/árasáin (luchtú SA – príobháideach den chuid is mó)
- Luchtú comharsanachta cónaithe (luchtú SA, ag leanúint roghanna luchtaithe le linn uaireanta seachbhuaice do dhaoine nach bhfuil rochtain acu ar phointe luchtaithe baile)
- Luchtú cinn scríbe (SD tapa)
- Luchtú ar mhótarbhealaí/ar an mbóthar (luchtú ardchumhachta SD)

Sna blianta atá amach romhainn, meastar go n-éireoidh roinnt réimsí dúshlánacha tábhachtacha níos práinní, agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag sin ar luas agus ar chothromas an aistrithe sin. Tugtar na dúshláin sin isteach anseo chun an cúlra a leagan amach do na trí chaibidil seo a leanas ina bpléitear deiseanna chun aghaidh a thabhairt orthu sin amach anseo.

3.4.1 Spriocanna Líonra a Bhaint Amach

Imríonn dhá phríomhspreagadh beartais tionchar ar spriocanna bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha poiblí na hÉireann:
spriocanna laghdaithe astaíochtaí CAP maidir le hiompar agus ceanglais AFIR maidir le bonneagair luchtaithe poiblí. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, beidh dúshlán ann fós maidir le spriocanna aschuir cumhachta an bhonneagair luchtaithe de 214MW agus 712MW a bhaint amach faoi 2025 agus 2030 faoi seach.

Cé go bhfuil bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha d'úsáideoirí príobháideacha feithiclí paisinéirí ag leathnú i gcónaí,
tá bearnaí i soláthar luchtaithe phoiblí do HDVanna agus d'fheithiclí tráchtála amhail tacsaithe agus veaineanna seachadta. Níl an líonra luchtaithe poiblí atá ann cheana cumraithe go maith chun tacú le riachtanais spáis nó cumhachta HDVanna.

Mar an gcéanna, tá tiománaithe feithiclí tráchtála ag brath ar bhonn díréireach ar bhonneagar poiblí, go háirithe i ndlúthcheantair uirbeacha. Cuideoidh leathnú ar rochtain ar luchtú tapa, iontaofa, go háirithe i lár cathracha, in aice le stadanna tacsaithe agus ag moil iompair ghnóthacha, le héifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus tacóidh sé le tiománaithe tráchtála. Beidh ról ríthábhachtach ag luchtairí ardchumhachta atá suite go straitéiseach ar fud na tíre chun aistriú cothrom forleathan a éascú.

Cé go leagtar síos in AFIR sainorduithe maidir le dáileadh luchtaithe feadh an ghréasáin TEN-T, sna blianta atá amach romhainn, tá gá le leathnú gníomhach ar luchtú i gceantair ísealdlúis agus ísealbhrabúis freisin.

3.4.2 Dáileadh Forleathan

I láthair na huaire, tá luchtairí poiblí comhchruinnithe i gceantair uirbeacha, agus ní dhéantar freastal ceart ar roinnt ceantar tuaithe. I bhfianaise na n-achar tiomána níos faide agus na spleáchas níos airde ar charranna i gceantair thuaithe, d'fhéadfadh leictriú soghluaisteachta sna ceantair sin cur le laghduithe suntasacha ar astaíochtaí.

Beidh sé ríthábhachtach dáileadh cothrom réigiúnach luchtairí a chinntiú chun tacú le hathrú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh (ICE), go háirithe i gceantair agus le haghaidh turas nach bhfuil roghanna iompair inbhuanaithe inmharthana iontu. Chun líonra forleathan a spreagadh, leithdháileadh spriocanna luchtaithe náisiúnta le haghaidh luchtú ceann scríbe agus cónaithe ar údaráis áitiúla sa Phlean Réigiúnach agus Áitiúil um Luchtú Feithiclí Leictreacha. Beidh tacaíocht leanúnach agus
comhordú le pearsanra na n-údarás áitiúil ríthábhachtach lena chinntiú nach bhfágfar bailte beaga, sráidbhailte agus pobail tuaithe ina ndiaidh sa phróiseas leictriúcháin.

3.4.3 Éileamh Náisiúnta ar Leictreachas, Acmhainneacht Eangaí agus Naisc

Agus líon na bhfeithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann ag méadú, cruthaítear dúshlán suntasach agus atá ag méadú ar an ualach breise ar líonra leictreachais na hÉireann. Tá brú méadaithe ar an eangach náisiúnta cheana
mar gheall ar an éileamh atá ag méadú ar fud earnálacha éagsúla, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú thart ar 45% ar an ídiú iomlán leictreachais sna deich mbliana atá romhainn.

D'fhéadfadh an t-éileamh atá ag fás, go háirithe ó mhoil luchtaithe bhraislithe, luchtairí tapa agus flíteanna tráchtála, strus a chur ar líonraí dáileacháin áitiúla nár dearadh do na hualaí sin ar dtús. Is dócha go mbraithfear na brúnna sin go míchothrom, agus go mbeidh agaí tionscanta naisc níos faide agus riachtanais uasghrádaithe níos airde roimh cheantair áirithe.

Cruthaítear dúshláin oibríochtúla don eangach freisin mar gheall ar bhainistiú athraitheacht agus chomhchruinniú an éilimh ar luchtú feithiclí leictreacha. Gan sonraí iompraíochta forleathana ar phatrúin luchtaithe, tá sé ina dhúshlán fós d'oibreoirí córais réamhaisnéis chruinn a thabhairt ar athraitheacht agus ar bhuaicphointí úsáide.

Bhíonn amlínte naisc le haghaidh bonneagar luchtaithe nua fada agus neamhchinnte go minic, rud a chruthaíonn moilleanna ar imscaradh agus a dhíspreagann infheistíocht. In go leor cásanna, bíonn srianta ar an eangach áitiúil ina mbac ar fhorbairt láithreáin, go háirithe i gcás iostaí luchtaithe ardchumhachta do scéimeanna lód níos mó. Agus an t-éileamh agus líon na luchtairí ag méadú, tá an baol ann go gcuirfidh na teorainneacha sin ar acmhainneacht an líonra moill ar leathnú foriomlán an bhonneagair.

Braithfidh baint amach spriocanna dícharbónaithe aeráide agus iompair na hÉireann ar phleanáil réamhghníomhach, réamhbhreathnaitheach agus ar chomhoibrithe láidre idir soláthraithe fuinnimh, oibreoirí líonra agus forbróirí bonneagair luchtaithe. Beidh bainistíocht fheabhsaithe thaobh an éilimh ríthábhachtach lena chinntiú go gcuireann méadú ar úsáid leictreachais ó fheithiclí leictreacha le córas fuinnimh athléimneach, ísealcharbóin seachas gan barraíocht brú a chur air. Beidh glacadh teicneolaíochtaí nuálacha agus beart,
amhail córais luchtaithe chliste, taraifí ama úsáide agus cumais ó fheithicil go heangach (V2G) a thacaíonn le húsáid níos solúbtha agus níos éifeachtaí na heangaí lárnach maidir leis sin.

3.4.4 Praghsanna ar Luchtú Poiblí

Chun fanacht iomaíoch ó thaobh costais de le feithiclí ICE (inneall dócháin inmheánaigh), ní mór d'fheithiclí leictreacha costais oibriúcháin fhadtéarmacha níos ísle a sholáthar ós rud é go bhfuil na praghsanna ceannaigh tosaigh le haghaidh feithiclí nua agus feithiclí athláimhe fós ard go leor. Is cuid shuntasach de chostais oibriúcháin iad costais luchtaithe; le go mbeidh feithiclí leictreacha iomaíoch, caithfidh an meánchostas athluchtaithe a bheith níos ísle ná an costas ar athbhreoslú le peitreal nó díosal.

Bíonn tionchar ag tosca éagsúla ar chostas leictreachais, lena n-áirítear an meascán fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh athnuaite agus struchtúr cánacha, tobhach agus fóirdheontas. I gcás úsáideoirí feithiclí leictreacha, braitheann costais luchtaithe chomh maith freisin ar luas an bhonneagair, cá ndéantar luchtú agus cé leis an bonneagar.

Is gnách go mbíonn luchtú poiblí níos costasaí ná luchtú baile toisc go léiríonn taraifí luchtaithe phoiblí raon costais bhunúsacha shonracha a sheasann CPOnna, lena n-áirítear praghsanna mórdhíola leictreachais, táillí naisc eangaí, cíosanna talún, costais trealaimh agus cothabháil leanúnach. Bíonn CPOnna faoi réir muirir líonra athfhillteacha freisin, amhail muirir acmhainne agus éilimh,muirir a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith ard i gcás suíomhanna luchtaithe thapa agus ardchumhachta mar gheall ar a riachtanais bhuaiclóid. Le chéile, méadaítear leis na tosca sin na taraifí i gcomparáid le luchtú baile.

Trí infheistíocht shuntasach chaipitil a sholáthar i luchtú poiblí, tá sé mar aidhm ag ZEVI soláthraithe nua a mhealladh agus ar an dóigh sin iomaíocht a mhéadú in earnáil na bpointí luchtaithe feithiclí leictreacha. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar an riachtanas maidir le rialuithe praghsála i gcásanna spriocdhírithe áirithe, amhail luchtú thar oíche a sholáthar d'úsáideoirí cónaithe nach bhfuil rochtain acu ar réitigh luchtaithe baile agus i scéimeanna luchtaithe árasán. Tá roghanna den sórt sin á dtabhairt isteach ag moil bhonneagair áirithe faoi stiúir údaráis áitiúil ar bhonn píolótach chun inmharthanacht a thástáil.

Ag féachaint chun cinn, d'fhéadfaí cuidiú le costais a laghdú d'úsáideoirí freisin trí phraghsáil sholúbtha agus dhinimiciúil a thabhairt isteach ar an líonra luchtaithe phoiblí. Trí tharaifí a ailíniú le tréimhsí praghsanna mórdhíola leictreachais níos ísle, is leis na bearta sin, is féidir luchtú poiblí a dhéanamh níos inacmhainne agus iomaíochas costais iomlán feithiclí leictreacha a fheabhsú.

Is ábhar tráchtála agus oibríochtúil do na cuideachtaí lena mbaineann é socrú praghsanna ag soláthraithe leictreachais agus ag oibreoirí pointí luchtaithe. Níl aon phlean reatha ann faoi láthair chun rialáil a thabhairt isteach maidir le costais luchtaithe laistigh den earnáil phoiblí luchtaithe feithiclí leictreacha. Mar sin féin, leanfaidh an Roinn léi ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí i margadh an luchtaithe feithiclí leictreacha, lena n-áirítear treochtaí praghsála agus an tionchar ar úsáideoirí a bhíonn ag brath ar shaoráidí luchtaithe poiblí, mar chuid dá rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus dá cuid oibre níos leithne chun líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a chur ar fáil atá cothrom, inrochtana agus iontaofa.

3.4.5 Eispéireas Úsáideora

Chomh maith leis an gcostas, tá úsáideoirí tar éis aird a tharraingt ar dhúshláin a bhaineann le córais íocaíochta ilroinnte, lena n-áirítear an gá úsáid a bhaint as feidhmchláir, cuntais nó modhanna rochtana iomadúla i measc soláthraithe luchtaithe éagsúla. D'fhéadfadh sé sin mearbhall a chruthú, an áisiúlacht a laghdú agus bheith ina bhac ar ghlacadh níos leithne feithiclí leictreacha. Tugann AFIR aghaidh go díreach ar na hábhair imní sin trí cheanglais maidir le híocaíocht ad-hoc, rochtain gan tadhall agus praghsáil thrédhearcach. Beidh sé ríthábhachtach cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas sin a chinntiú chun feabhas a chur ar eispéireas iomlán an úsáideora.

Éilítear le AFIR freisin ar Oibreoirí Pointí Luchtaithe sonraí dinimiciúla, nach mór fíor-am a roinnt maidir le hinfhaighteacht luchtaire, stádas, cineál an nascóra agus aschur cumhachta trí chainéil sonraí oscailte. Tá an oibleagáid sin ríthábhachtach chun dul i ngleic le hábhair imní maidir le hiontaofacht, ós rud é go gcuireann sí ar chumas tiománaithe a fheiceáil roimh ré an bhfuil stáisiún luchtaithe ag feidhmiú agus ar fáil, agus go dtacaíonn sí le forbairt uirlisí tríú páirtí agus le feidhmchláir pleanála bealaigh a neartaíonn muinín sa líonra poiblí luchtaithe.

3.5 Achoimre ar Éiceachóras Feithiclí Leictreacha na hÉireann

Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise seo agus a chinntiú go bhfuil sí freamhaithe agus réamhbhreathnaitheach araon, rinne ZEVI anailís Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (LLDB). Tugtar forléargas ardleibhéil san anailís sin ar na príomhláidreachtaí, príomhlaigí, príomhdheiseanna agus príomhbhagairtí a bhaineann le rolladh amach líonra luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann. Trí aird a tharraingt ar láidreachtaí, ar dhúshláin agus ar rioscaí nó ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn, tacaíonn an anailís LLDB le pleanáil agus cinnteoireacht éifeachtach, agus ag an am céanna cuireann sí trédhearcacht chun cinn maidir leis an timpeallacht chasta atá ag athrú i gcónaí a imríonn tionchar ar an straitéis seo agus a chuireann bonn eolais fúithi.

Tá an anailís LLDB bunaithe ar athbhreithniú ar an straitéis náisiúnta roimhe seo, a cur chun feidhme, agus ionchur ó pháirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha araon. Léirítear achoimre ar an anailís LLDB i dTábla 6

Láidreachtaí	Laigí
Comhoibriú láidir: Tá comhoibriú láidir cothaithe ag ZEVI le páirtithe leasmhara éagsúla chun a fheasacht a mhéadú ar dhúshláin agus ar dheiseanna chun an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha a spreagadh. **Ceannaireacht inrochtaineachta:** Thug ZEVI isteach na Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Bhonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha in 2024 chun tacú le rolladh amach luchtairí atá inrochtana go poiblí agus ar féidir le duine ar bith iad a úsáid, rud a chomhlíonann gealltanas ZEVI maidir le roghanna luchtaithe inrochtana agus cuimsitheacha a sholáthar. **Tacaíocht luath don mhargadh:** Cuireann infheistíocht i scéimeanna, amhail na trí scéim LDV, luchtú baile, agus luchtú árasán, tacaíocht luath don mhargadh ar fáil. **Aistriú ardmhíleáiste:** Tá go leor spéise feicthe sa scéim eSPSV, ag tacú le feithiclí beaga seirbhíse poiblí a bhfuil ardmhíleáiste acu (m.sh., tacsaithe) chun aistriú go feithiclí leictreacha. **Beartas cánach tacúil:** Tá níos mó cinnteachta fadtéarmach curtha ar fáil a bhuí le hathchóiriú rialtais ar chóras cánach BIK agus cuidíonn sé le glacadh feithiclí leictreacha ag cuideachtaí a dhreasú, rud a d'fhéadfadh margadh athláimhe a chur chun cinn. **Eispéireas feabhsaithe luchtaithe:** Le Rialacháin ón Rialtas, tá luchtairí feithiclí leictreacha á ndéanamh níos idir-inoibritheacha d'úsáideoirí feithiclí leictreacha – ó lár mhí Aibreáin 2024 i leith, ní mór do gach luchtaire nua 50kW nó níos mó luchtú ad hoc a éascú d'úsáideoirí.	**Castacht phleanála:** Mar gheall ar ceanglais chasta phleanála, cuirtear bac ar chur chun feidhmíonn nó moillítear é. **Bacainní rialála:** Rochtain theoranta ar luchtú baile dóibh siúd nach bhfuil páirceáil eas-sráide acu. **Éiginnteacht teicneolaíochta:** D'fhéadfadh teicneolaíocht fheabhsaithe ceallraí agus méadú ar raonta feithiclí leictreacha cur isteach ar an bpleanáil reatha maidir leis an ngá le líonra luchtaithe phoiblí ina bhfuil dlús mór. **Riosca tráchtála:** Tá inmharthanacht tráchtála luchtairí poiblí fós ina riosca do sholáthraithe. **Mífhaisnéis phoiblí:** Is féidir le faisnéis mhícheart faoi fheithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe bac a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha. **Aistriú mall flít feithiclí nach carranna paisinéirí iad:** Cé go bhfuil roghanna malartacha inmharthana ann seachas veaineanna tráchtála díosail agus peitril, tá an earnáil tite siar maidir le leictriú. **Difreálach Praghsála:** Costais bhreise luchtaithe a íocann daoine nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile. **Iontaofacht agus cothabháil:** D'fhéadfadh caighdeáin neamhréireacha maidir le haga fónaimh agus le cothabháil ar fud an líonra reatha muinín na n-úsáideoirí a chreimeadh agus bac a chur ar infheistíocht.

Deiseanna	Bagairtí
Praghsanna ceannaigh atá ag laghdú: Is rogha eile atá ag éirí níos tarraingtí iad feithiclí leictreacha seachas feithicil ICE nua a cheannach, rud a fhágann go bhfuil glacadh feithiclí leictreacha ag méadú. **Úsáid iomaíoch ó thaobh costais de:** Cuidíonn rátaí ísle luchtaithe oíche le costas iomlán úinéireachta a laghdú d'úinéirí feithiclí leictreacha, rud a fhágann go bhfuil feithiclí leictreacha níos iomaíocha ó thaobh costais de i gcomparáid le feithiclí ICE. **Leictriú an mhíle deiridh:** Trí fheithiclí an mhíle deiridh a leictriú, ar feithiclí iad a mbíonn míleáiste ard ag baint leo agus a chuireann go díréireach le hastaíochtaí CO_2 de ghnáth, d'fhéadfaí cuidiú le spriocanna CAP a bhaint amach. **Ceachtanna idirnáisiúnta:** Mhéadaigh go leor tíortha a rátaí glactha feithiclí leictreacha go rathúil agus d'fhorbair siad líonraí luchtaithe phoiblí fairsinge, rud a chuireann samplaí ar fáil ar féidir le hÉirinn foghlaim uathu. **Comhoiriúnacht raoin:** Bíonn achair tiomána in Éirinn laistigh de na raonta ceallraí reatha de ghnáth, le haghaidh gnáth-thuras agus turais níos faide araon. **Múnlaí luchtaithe comhroinnte:** Is féidir le nuálaíocht i luchtú comhroinnte múnla nua chun luchtairí a sholáthar a spreagadh, rud a laghdóidh an spleáchas ar luchtairí poiblí. **Teicneolaíochtaí tacaíochta eangaí:** Is féidir le teicneolaíochtaí nua, amhail luchtú déthreoch, tacú le hathléimneacht na heangaí. **Athruithe Ceadúcháin:** Tá athbhreithniú á dhéanamh ar dhíolúintí pleanála a bhaineann le luchtú feithiclí leictreacha poiblí agus tá reachtaíocht le teacht isteach in 2026. **Sainordú sonraí oscailte:** Ó Aibreán 2025 i leith, tá sé de cheangal ar CPOnna sonraí a roinnt go hoscailte, rud a éascóidh rochtain ar shonraí a theastaíonn chun tacú le riachtanais faisnéise úsáideoirí deiridh. **Conraitheoireacht bunaithe ar fheidhmíocht:** Tacaíonn úsáid PTFanna conarthacha i scéimeanna atá maoinithe go poiblí (m.sh., aga fónaimh, seisiúin luchtaithe rathúla, comhroinnt sonraí) le hiontaofacht, cuntasacht agus muinín infheisteoirí.	**Riosca maidir leis an slabhra soláthair domhanda:** Is féidir le héiginnteacht pholaitiúil dhomhanda cur isteach ar shlabhraí soláthair domhanda agus drochthionchar a imirt ar phraghsanna ceannaigh feithiclí leictreacha. **Éileamh ar veaineanna agus HDVanna:** Cé go bhfuil an t-éileamh ar fheithiclí leictreacha do phaisinéirí láidir, tá an t-éileamh ar chineálacha eile feithiclí níos laige, mar gheall go páirteach ar na múnlaí feithiclí agus an líon feithiclí atá ar fáil, rud a chuireann bac ar leictriú feithiclí níos truaillithe. **Éiginnteacht faoi luach athdhíola:** Luachanna athdhíola feithiclí leictreacha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar imní ar leith do ghrúpaí páirtithe leasmhara áirithe amhail cuideachtaí carranna ar cíos. **Riachtanais luchtaithe HDVanna:** Tá sé deacair agus costasach trucailí, busanna agus cóistí a bhfuil ardmhíleáiste acu a leictriú mar gheall ar riachtanais luchtaithe ag iostaí. **Srianta ar an acmhainn eangaí:** Is féidir le hacmhainneacht theoranta eangaí an t-am a theastaíonn agus costais chur chun feidhme luchtairí a mhéadú go suntasach mar gheall ar na huasghráduithe eangaí a theastaíonn. **Riosca um ró-ualaithe eangaí:** Éilítear le luchtairí feithiclí leictreacha, go háirithe luchtairí tapa agus sárthapa, cumhacht shuntasach a d'fhéadfadh ró-ualach a chur ar líonraí dáileacháin áitiúla nár dearadh do na hualaí sin ar dtús.

Tábla 6. **Anailís LLDB ar Imscaradh Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreach in Éirinn**

Caibidil 4 /

Feithiclí Saothair Éadroim: Spriocanna Líonra agus Straitéis Chur chun Feidhme



4. Feithiclí Saothair Éadroim: Spriocanna Líonra agus Straitéis Chur chun Feidhme

Is é príomhchuspóir na straitéise seo leanúint ag tacú le cur chuige comhordaithe agus pleanáilte maidir le seachadadh bonneagair luchtaithe LDVanna. Tacaíonn rolladh amach comhsheasmhach ar fud na tíre le suiteáil éifeachtúil pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, rud a éascaíonn forbairt luathaithe bonneagair luchtaithe atá inrochtana ag an bpobal agus atá ailínithe leis na bunphrionsabail.

Cuireann áiteanna atá inrochtana ag an bpobal amhail carrchlóis bailte, óstáin, cinn scríbe turasóireachta, agus moil phobail (lena n-áirítear scoileanna agus ionaid tuaithe) deiseanna ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla na n-úsáideoirí feithiclí leictreacha ar fad. Le linn thréimhse na straitéise seo, díreoidh ZEVI ar leathnú a dhéanamh ar na líonraí luchtaithe ceann scríbe poiblí agus comharsanachta ag na cineálacha suíomhanna sin, agus an rolladh amach á ailíniú le réamhaisnéisí éilimh ar fheithiclí leictreacha. Agus LDVanna á bplé, tagraítear go sonrach sa straitéis seo do ghluaisteáin agus veaineanna, mar aon leis an mbonneagar athluchtaithe tacaíochta atá riachtanach chun freastal ar an dá chatagóir feithiclí.


4.1 Riachtanais Úsáideoirí LDVanna

Is éard is riachtanais úsáideoirí ann ná na hionchais agus na riachtanais atá ag úsáideoirí éagsúla agus iad ag idirghníomhú le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha. Beidh riachtanais luchtaithe úsáideoirí feithiclí leictreacha éagsúil ag brath ar chuspóir a dturais, agus bíonn gá de ghnáth le bonneagar luchtaithe a bheith suite go háisiúil chun cur isteach ar thuras pleanáilte an úsáideora a laghdú agus chun cumhacht a sholáthar ar an leibhéal atá ag teastáil don tréimhse fanachta mheasta.

Mar shampla, ar thurais fhad-achair, is é príomhriachtanas an úsáideora tosú ag taisteal arís a luaithe is féidir, rud a fhágann gurb é an réiteach is oiriúnaí luchtairí ardchumhachta suite feadh mótarbhealaí agus bóithre náisiúnta. I gcás úsáideoirí feithiclí leictreacha a fhanann i saoráidí lóistín amhail óstáin nó tithe aíochta, cuireann luchtú SA níos moille ar chumas úsáideoirí luchtú thar oíche agus feithiclí leictreacha lánluchtaithe a bheith acu ar maidin, gan bheith orthu an fheithicil a bhogadh agus cur isteach ar a n-oíche.

Is sa bhaile den chuid is mó a luchtaíonn úsáideoirí LDVanna príobháideacha a gcuid feithiclí leictreacha. Ní bheidh úinéirí feithiclí leictreacha áirithe ábalta luchtú sa bhaile agus úsáid á baint as bonneagar luchtaithe a suiteáladh go príobháideach, mar gheall ar easpa páirceáil eas-sráide nó toisc nach bhfuil siad cóngarach d'áit oiriúnach le haghaidh luchtaire baile príobháideach. I gcás na n-úsáideoirí siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtú príobháideach, ba cheart luchtú inchomparáide a sholáthar más féidir.

Fuarthas na riachtanais úsáideoirí sin i bhFíor 5 ó anailís phearsanta agus léirítear leo na riachtanais éagsúla luchtaithe ar fud na hÉireann. Tá tuilleadh eolais ar na pearsana le fáil in Aguisín A.



Fíor 4. Gnáth-phríomhshuíomhanna luchtaithe agus tánaisteacha chun freastal ar riachtanais luchtaithe daoine

Chun tacú le Prionsabal 4 (*Maidir le formhór na n-úsáideoirí feithiclí leictreacha, is é luchtú baile an príomhréiteach luchtaithe a bheidh ann fós*) tá roinnt grúpaí úsáideoirí agus cásanna tábhachtacha ann a bhfuil luchtú atá inrochtana ag an bpobal ríthábhachtach maidir leo. Áirítear leo sin daoine aonair atá ina gcónaí in árasáin nó in áiteanna cónaithe nach bhfuil páirceáil eas-sráide ná páirceáil in aice láimhe acu, nach bhfuil an cumas acu luchtú sa bhaile.

Chomh maith leis sin, tá úsáideoirí ann a thaistealaíonn idir áiteanna don obair nó do chaitheamh aimsire a dteastaíonn barrlíonadh tapa ar a mbealach nó ag a gceann scríbe uathu. Ina theannta sin, tá úsáideoirí ann a thaistealaíonn idir áiteanna chun críche oibre nó caitheamh aimsire a bhfuil a dteastaíonn barrlíonadh tapa ar a mbealach nó ag a gceann scríbe uathu. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar úinéirí feithiclí leictreacha a bhfuil rochtain acu ar luchtú sa bhaile rochtain a bheith acu ar luchtú agus iad ar shiúl ón mbunáit. Is féidir na cásanna úsáide sin a nascadh go héifeachtach le pearsana sainithe chun pleanáil bonneagair agus soláthar seirbhísí saincheaptha a chinntiú.

Is riachtanas úsáideora trasghearrtha í an inrochtaineacht a bhaineann le gach suíomh luchtaithe, ní le grúpaí sonracha d'úsáideoirí amháin. Leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch na caighdeáin deartha agus oibríochtúla nach mór don bhonneagar luchtaithe a mhaoinítear go poiblí cloí leo, lena chinntiú gur féidir le daoine de gach aois, cumas agus riachtanas soghluaiseachta rochtain a fháil ar na luchtairí agus iad a úsáid. Cuirfidh rannpháirtíocht leanúnach leis na DPROnna eolas ar fáil d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm leanúnach na gcaighdeán sin ar fud an líonra.

4.1.1 *Ag Freastal ar Riachtanais Ilúsáideoirí*

Is féidir le suíomh amháin freastal ar riachtanais ilúsáideoirí trí luchtóirí iomadúla lena bhfuil leibhéil aschuir cumhachta éagsúla a sholáthar. D'fhéadfadh na riachtanais úsáideoirí sin a bheith scaipthe thar amanna éagsúla den lá. Trí bhonneagar luchtaithe a lonnú in áiteanna i gcás ina bhfuil riachtanais úsáideoirí thar oíche agus i rith an lae, is féidir úsáid an bhonneagair a bharrfheabhsú ar bhealach níos fearr gan cur isteach ar

infhaighteacht na luchtairí d'úsáideoirí. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag bonneagar luchtaithe atá maoinithe amach anseo teacht le fad fanachta measta úsáideoirí bunaithe ar na gníomhaíochtaí a dhéanann úsáideoirí ag suíomh ar leith.



Fíor 5. **Freastal ar riachtanais úsáideoirí**

4.2 Cur chun feidhme an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta


Tá sraith tosaigh deontas tugtha isteach ag ZEVI agus BIÉ faoin Scéim Deontais um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreach LDV ar an mBealach de chuid ZEVI, arna chur chun feidhme trí chur chuige seachadta trí chéim. Glacann an scéim cur chuige bunaithe ar líonra a thugann tús áite do chóras luchtaithe a fhorbairt atá stuama, iontaofa agus cuimsitheach ó thaobh na tíreolaíochta de. Thar na dtrí chéim dá cuid, tacaíonn an scéim le moil luchtaithe ardchumhachta agus tapa a imscaradh feadh an líonra bóithre náisiúnta.

Bronnadh an maoiniú ar na páirtithe rathúla tar éis próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil BIÉ. Maoiníonn an scéim formhór na ngnéithe caiteachais caipitil atá i gcomhréir le AFIR, lena n-áirítear oibreacha sibhialta, bonneagar leictreach, ceallraí (más infheidhme) agus luchtairí. Bhí roinnt ceanglais éigeantacha ann, lena n-áirítear leibhéal na hacmhainne luchtaithe a shuiteáiltear agus an Uasacmhainn Iompórtála (MIC), níorbh fholáir do gach ionad a bheith laistigh de 3km ó shlí amach an mhótarbhealaigh ba ghaire.

Nuair a chuirtear le chéile iad, cruthaíonn trí chéim na scéime LDV clár seachadta stuama comhlántach a bhogann ar aghaidh ó chonairí mótarbhealaigh a bhfuil ardéileamh orthu go dtí líonra náisiúnta luchtaithe atá curtha i gcrích go hiomlán. Bunaítear crann taca an chórais luchtaithe ardchumhachta le LDV1 feadh príomhbhealaí idiruirbeacha, leathnaíonn LDV2 an clúdach sin ar fud gréasán níos leithne TEN T, agus tugann LDV3 an córas chun críche trí dhul i ngleic le bearnaí réigiúnacha agus trí rochtain chothrom a chinntiú. Cinntíonn an cur chuige céimnithe sin go ndírítear ar imscaradh bonneagair agus go bhfreagraítear don éileamh atá ag athrú ar bhonn straitéiseach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an bpleanáil, le leithdháileadh an mhaoinithe agus le roghnú suíomhanna
agus fógraíodh 162 láithreán iarratais sna trí scéim. Cuirfidh na suíomhanna sin
71MW de chumas athluchtaithe ar fáil thar 516 pointe athluchtaithe.

Tá acmhainn eangaí riachtanach faighte ag an gcuid is mó de na scéimeanna sin anois, agus tá go leor láithreán beo nó á soláthar faoi láthair.




Fíor 6. **Léarscáil den Scéim LDV**

4.2.1 LDV1: Luchtú Ardchumhachta Mótarbhealaí agus in aice le Mótarbhealaí

Is í an chéad chéim den Scéim Deontas LDV (LDV1) príomhchrann taca an líonra náisiúnta luchtaithe, agus í dírithe ar na conairí bóthair is gnóthaí agus is mó éileamh in Éirinn. Sheol BIÉ agus ZEVI an chéad Scéim Deontais ZEVI do Bhonneagar Luchtaithe Feithiclí ar an mBealach do LDVanna – LDV1 i mí Feabhra 2024. I gcomhréir le hAirteagal 3 de AFIR, díríodh sa chéad scéim deontais sin ar an ngréasán mótarbhealaí/dé-bhealaí, lena chinntiú go soláthrófaí agus go suiteálfaí ionaid luchtaithe ardchumhachta a mbeadh aschur cumhachta 1200 kW acu gach 60 ciliméadar, agus ceithre phointe luchtaithe 150 kW ar a laghad i ngach grúpa. Dírítear sa scéim ar shaoráidí atá ar fáil don phobal laistigh d'achar tiomána 3km ó ghréasán na mótarbhealaí/dé-bhealaí amhail oibreoirí limistéar seirbhíse, óstáin agus ionaid mhiondíola.

I mí Iúil 2024, fógraíodh suíomhanna na 17 láithreán iarratais rathúla chun ionaid nua stáisiún athluchtaithe ardchumhachta a chur ar fáil ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta. Chun clúdach cothrom a chinntiú ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, seoladh an dara babhta de Chéim 1 go déanach in 2024, inar díríodh ar limistéir shonracha (fo-chriosanna) agus b'ionann líon iomlán na ndámhachtainí agus 19.


Ar an iomlán, tá sé mar aidhm leis an tacaíocht deontais a cuireadh ar fáil chun na 19 n-ionad luchtaithe ardchumhachta a fhorbairt, 149 pointe luchtaithe ardchumhachta agus acmhainn athluchtaithe de thart ar 29.120 kW (29 MW) a sholáthar.



Fíor 7. Léarscáil den Scéim LDV1

4.2.2 LDV2: Luchtú ar an mBealach ar Ghréasán Carrbhealaí Singile TEN-T

Leathnaíonn LDV2 soláthar luchtaithe ardchumhachta ar an mbealach thar an ngréasán mótarbhealaí agus isteach ar an 1,200km de bhóithre náisiúnta carrbhealaí singile atá mar chuid de ghréasán TEN-T na hÉireann. Cinntítear leis an scéim sin go mbeidh luchtóirí ardchumhachta iomadúla feistithe ar gach suíomh sna príomhchonairí, agus go mbeidh siad suite ag stáisiúin seirbhíse, óstáin agus carrchlóis mhiondíola atá ann cheana. Tacaíonn LDV2 le ceanglais Eorpacha atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh agus iontaofacht agus comhsheasmhacht an luchtaithe feithiclí leictreacha do gach tiománaí feithiclí leictreacha á bhfeabhsú.



Fíor 8. Léarscáil den Scéim LDV2

4.2.3 LDV3: Luchtú Ardchumhachta agus Tapa ar fud an Phríomhghréasáin Bóithre

Lainseáladh LDV3 i mí Feabhra 2025, agus tógtar ar na céimeanna níos luaithe trí mhaoiniú a thabhairt i gcomhair rolladh amach bonneagair luchtaithe ardchumhachta agus thapa feadh 3,000km de phríomhbhóithre agus bóithre den dara grád atá lasmuigh den ghréasán TEN-T. Díríonn an chéim sin ar bhearnaí geografacha suntasacha, go háirithe feadh bealaí a fhreastalaíonn ar bhailte, ar ionaid réigiúnacha agus ar thaisteal traschontae.

Trí luchtairí ardchumhachta agus tapa a sholáthar sna ceantair sin, feabhsaítear le LDV3 cothroime réigiúnach agus cinntítear leis gur féidir le pobail ar fud na hÉireann páirt iomlán a ghlacadh san aistriú chuig soghluaisteacht leictreach. Díríonn an scéim ar shuíomhanna ina bhfuil gá inléirithe áitiúil nó réigiúnach, ag tacú le tiománaithe príobháideacha agus oibreoirí tráchtála araon a bhfuil a mbraitheann a dturais ar na gréasáin bóithre sin. Tá ról ríthábhachtach ag LDV3 maidir le córas náisiúnta cothromaithe luchtaithe a bhaint amach agus tacaíonn sé le bonneagar luchtaithe atá suite go straitéiseach a sholáthar a chomhlíonfaidh an t-éileamh atá ag méadú ar fheithiclí leictreacha sna blianta atá amach romhainn.


I mí Dheireadh Fómhair 2025, fógraíodh suíomhanna na 90 láithreán iarratais rathúil. Ar an iomlán, dírítear sa tacaíocht deontais a cuireadh ar fáil chun na 90 ionad luchtaithe ardchumhachta agus tapa a fhorbairt ar 192 phointe luchtaithe ardchumhachta agus tapa a sholáthar, rud a chuirfidh acmhainn athluchtaithe de thart ar 22,000 kW (22 Meigeavata) ar fáil.

Soláthar Scéim LDV

Tacóidh an maoiniú sin a fuarthas faoin Scéim LDV le breis agus 70MW de chumhacht athluchtaithe a sholáthar ar fud Ghréasán Bóithre Náisiúnta na hÉireann.

Tá cur i bhfeidhm na scéimeanna LDV ar bun ar bhonn leanúnach agus níl sé curtha i gcrích go fóill. Rinneadh dámhachtainí do na trí scéim ar fad, agus tá cuid mhór den bhonneagar á thógáil nó á fhorbairt. Imríonn réimse tosca seachtracha tionchar ar amlínte soláthair i gcónaí lena n-áirítear srianta ar an nasc eangaí, próisis phleanála agus cheadaithe, ullmhacht láithreán, agus acmhainn an mhargaidh.

Ní bhainfear na leasanna uile as an scéim, i dtéarmaí clúdach líonra, iontaofachta agus eispéireas an úsáideora, ach de réir mar a rachaidh an cur i bhfeidhm ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Beidh comhordú leanúnach idir ZEVI, BIÉ, údaráis áitiúla, oibreoirí líonra agus comhpháirtithe soláthair ón earnáil phríobháideach ríthábhachtach lena chinntiú go soláthrófar an líonra go tapa.




Fíor 9. Léarscáil den Scéim LDV3

4.3 Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha na hÉireann

Tá spriocanna bonneagair feithiclí leictreacha na hÉireann ag teacht leis an uaillmhian náisiúnta maidir le haistriú 30% chuig feithiclí leictreacha a bhaint amach faoi 2030, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Faoi dheireadh 2030, is é an aidhm 712,395kW de bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha LDV atá inrochtana go poiblí a sheachadadh ar fud na tíre.[23]

Tá an sprioc náisiúnta iomlán do gach cineál feithicle dáilte thar dhá phríomhphlean soláthair a chruthaíonn, nuair a chuirtear le chéile iad, an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha. Is iad sin Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta agus an Plean Réigiúnach agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.

Léirítear le leithdháileadh na spriocanna náisiúnta i suíomhanna luchtaithe ar an mbealach, cinn scríbe agus comharsanachta an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir clúdach straitéiseach sna conairí ardthráchta uile agus rochtain áitiúil ar luchtú a sholáthar do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.



Fíor 10. Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta

23 Tá an sprioc reatha 712,395kW bunaithe ar riachtanais AFIR i gcás ina mbeidh 30% de fhlít LDV na hÉireann lánleictreach (BEVanna) faoi 2030. I gcás ina mbeidh 15% de fhlít na bhfeithiclí LDV comhdhéanta d'fheithiclí leictreacha agus go soláthraítear méid coibhéiseach luchtaithe chun go mbeidh sé i gcomhréir le AFIR, áfach, déanfar athbhreithniú ar an sprioc aschuir cumhachta níos mó sin. Déanfar athmheasúnú ar riachtanais soláthair luchtaithe bunaithe ar éileamh úsáideoirí agus ar mhonatóireacht sonraí ó úsáid na luchtairí reatha lena fháil amach cá háit a bhféadfadh níos mó luchtaithe a bheith ag teastáil chun freastal ar éileamh úsáideoirí agus cá bhfuil an bonneagar luchtaithe reatha leordhóthanach. I gcás ina bhfuil 15% de fhlít LDVanna na hÉireann comhdhéanta de BEVanna agus go meastar go bhfuil an bonneagar luchtaithe leordhóthanach, féadfaidh Éire iarratas a dhéanamh ar mhaolú i leith cheanglais AFIR.

4.4 Conas a Bhainfear Spriocanna Bonneagair Luchtaithe Phoiblí Feithiclí Leictreonacha Amach


Sna blianta atá amach romhainn, beidh gá aghaidh a thabhair ar roinnt dúshlán chun na spriocanna náisiúnta maidir le bonneagar luchtaithe phoiblí inrochtana a bhaint amach faoi 2030. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bonneagar luchtaithe a rolladh amach le tacaíocht luath ón margadh, go háirithe luchtú ar an mbealach. I suíomhanna agus i gceantair luchtaithe eile, tá moill fós ar imscaradh bonneagair luchtaithe phoiblí. Mar gheall ar inmharthanacht tráchtála theoranta, díspreagtar an margadh príobháideach roghanna luchtaithe phoiblí níos moille a shuiteáil i gceantair chónaithe, i gceantair níos iargúlta, agus i suíomhanna a bhaineann buaicthréimshí séasúracha leo (e.g. turasóireacht).

I measc na rioscaí eile maidir le hinmharthanacht tráchtála tá an dúshlán go ndéanfaí an bonneagar a sheachadadh roimh an éileamh, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar inmharthanacht fhadtéarmach an líonra araon. Tá gá le cothromaíocht chúramach a fháil idir imscaradh luath, atá riachtanach chun muinín an phobail san aistriú chuig feithiclí leictreacha i gcomparáid le réaltachtaí tráchtála maidir le maoiniú, oibriú, cothabháil agus leathnú an líonra a chothú.

Tá comharthaí cliste margaidh léirithe le samhail rolladh amach a dhíríonn go hiomlán ar an margadh le haghaidh bonneagar luchtaithe phoiblí feithiclí leictreacha. Nuair a fhágtar faoi fhórsaí tráchtála amháin é, ní shroicheann méid agus dáileadh na bpointí luchtaithe atá forbartha an méid is gá chun tacú le spriocanna náisiúnta maidir le glacadh feithiclí leictreacha. Tagann an tearcscholáthar sin as roinnt dúshláin struchtúracha aitheanta:

- **Seachtrachtaí dearfacha:**
  Ní ghabhtar na buntáistí níos leithne don tsochaí agus don chomhshaol a bhaineann le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha go hiomlán sna torthaí príobháideacha.
- **Éifeachtaí líonra agus comhordúcháin:**
  Méadaíonn luach an líonra luchtaithe de réir mar a thagann níos mó úsáideoirí agus pointí luchtaithe ar líne, ach ní chuireann ceannródaithe an tairbhe sin i gcrích láithreach.
- **Riosca agus éiginnteacht éilimh:**
  Bíonn éiginnteacht shuntasach roimh infheisteoirí luathchéime maidir le rátaí úsáide, cobhsaíocht ioncaim, agus forbairt fhadtéarmach an mhargaidh.

Bíonn na fadhbanna sin thar a bheith suntasach i mblianta tosaigh an aistrithe nuair a bhíonn treá na bhfeithiclí leictreacha íseal fós. Le glacadh teoranta feithiclí leictreacha, cuirtear srian ar inmharthanacht tráchtála na CPOnna, agus mar thoradh air sin ní shuiteáiltear a oiread pointí luchtaithe. Ag an am céanna, bíonn tionchar mór ag infhaighteacht agus infheictheacht bonneagair luchtaithe phoiblí ar chinntí tomhaltóirí maidir le feithicil leictreach a cheannach. Chun tacú le leathnú an líonra luchtaithe phoiblí le linn glacadh luath, tá gá le haistriú ó chur chuige faoi thionchar an mhargaidh go cur chuige pleanáilte, agus ina dhiaidh sin go cur chuige faoi thionchar éilimh.



Fíor 11. **Ag aistriú ó chur chuige margadh-dhírithe go cur chuige pleanáilte**

Chun freagairt go hinbhuanaithe d'éilimh an phobail ar luchtú sa tréimhse atá le teacht, beidh gá le bonneagar a choinneáil cothrom leis an éileamh ar luchtú agus leis an tírdhreach teicneolaíoch atá ag athrú go gasta araon. Leanfaidh BIÉ mar an príomh-rannán seachadta maidir le luchtú ar an mbealach, rud a spreagfaidh an Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta Beidh údaráis áitiúla chun tosaigh i leathnú luchtaithe cinn scríbe agus comharsanachta, i gcomhréir leis an Plean Réigiúnach agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.

Táthar ag súil le hathrú freagrachtaí i gcás ina mbeidh cineálacha suíomhanna ag forluí ar a chéile – amhail i gcás ina bhfuil suíomh cinn scríbe ar bhóthar náisiúnta. Ar fud na gcineálacha uile suímh luchtaithe, leanfaidh an earnáil phríobháideach le ról ríthábhachtach a bheith aici toisc go mbeidh an chuid is mó den bhonneagar luchtaithe suite ar shuíomhanna príobháideacha. Le comhordú idir údaráis áitiúla agus BIÉ, leanfar le bearnaí a aithint maidir le freastal ar riachtanais úsáideoirí i gcás ina mbeidh gá le bonneagar a sheachadadh ach nach féidir leis an earnáil phríobháideach an riachtanas a chomhlíonadh, rud a chinnteoidh go mbeimid breá ábalta freastal ar an éileamh atá ag méadú ar athluchtú poiblí feithiclí leictreacha.


4.5 Chur chun feidhme an Phlean Réigiúnaigh agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha

Tá straitéisí forbartha ag údaráis áitiúla, nó tá siad á bhforbairt faoi láthair, chun bonn eolais a chur faoi rolladh amach an luchtaithe comharsanachta agus cinn scríbe tríd an éileamh a shainaithint agus bonneagar feithiclí leictreacha a sheachadadh chun freastal ar riachtanais úsáideoirí ar fud a gceantar. Oibreoidh údaráis áitiúla leis an earnáil phríobháideach agus le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí chun seachadadh bonneagair feithiclí leictreacha ina gcontaetha a chomhordú chun freastal ar riachtanais úsáideoirí ag suíomhanna cinn scríbe agus comharsanachta. Pléitear sa chuid eile den roinn seo na scéimeanna réigiúnacha agus áitiúla atá maoinithe ag an Státchiste thar chúrsa na straitéise.

4.5.1 Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte

Scéim náisiúnta is ea Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte lena soláthraítear maoiniú chun líonra luchtairí tapa (50-100kW) atá inrochtana ag an bpobal a shuiteáil i bpobail trína gclubanna spóirt áitiúla. Feidhmítear an deontas sin, le maoiniú arna sholáthar trí Chiste an Oileáin Chomhroinnte de chuid an rialtais, ar bhonn uile-oileáin agus soláthraítear leis maoiniú deontais iomlán do chlubanna agus d'ionaid spóirt incháilithe chun an gcostas as suiteáil pointí luchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana ag an bpobal a chlúdach.

Maoinítear an Scéim €15m trí Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann agus trí mhaoiniú bonneagair ZEVI. Clúdaíonn sé an costas iomlán as pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil ag saoráidí club spóirt atá cleamhnaithe le comhlachtaí rialaithe náisiúnta aitheanta. Ar an iomlán, tá 225 club – 46 as gach cearn de Thuaisceart Éireann agus 179 as Éirinn – incháilithe anois chun iarratas a dhéanamh ar luchtairí agus bonneagar gaolmhar a shuiteáil. Is féidir le hiarratais faofa ag clubanna maoiniú 100% a tharraingt anuas chun luchtú feithiclí leictreacha a shuiteáil, faoi réir comhaontú oibriúcháin a bhaint amach le CPO ón bpainéal faofa. Soláthrófar leis sin méadú suntasach ar luchtú feithiclí leictreacha poiblí i bpobail áitiúla ar fud an oileáin agus cuirfidh sé an deis ar fáil do chlubanna ioncam a ghiniúint ó na suiteálacha sin. Críochnófar formhór na suiteálacha faoin scéim sin i 2027.



Fíor 12. Suíomhanna bonneagair luchtaithe Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte

4.5.2 Réitigh Luchtaithe Comharsanachta

Maidir le teaghlaigh nach bhfuil luchtú baile acu, soláthraíonn luchtú comharsanachta rochtain do chónaitheoirí ar phointí luchtaithe laistigh dá gceantar áitiúil. Bíonn níos mó tóir ar aonaid luchtaithe SA níos moille go ginearálta mar go soláthraíonn siad deiseanna luchtaithe mhall in uaireanta seachbhuaice in aice le tithe na gcónaitheoirí nuair nach mbíonn an fheithicil á húsáid thar oíche. Is féidir na pointí luchtaithe sin a sholáthar lena n-úsáid ag an bpobal ag bánna páirceála sráide nó is féidir iad a ghrúpáil mar mhol i gcás ina bhfuil páirceáil sráide teoranta.

I gcás nach bhfuil rochtain ag cónaitheoirí ar pháirceáil eas-sráide ach go bhfuil páirceáil sráide in aice láimhe acu, b'fhéidir go mbeadh luchtú traschosáin ina rogha inmharthana. Is gléas de chineál cainéil é luchtú traschosáin a shuiteáiltear i gcosán nó i bpábháil agus trínar féidir cábla príobháideach luchtaithe a leagan go sábháilte ó theach úsáideora trasna cosáin go dtí an fheithicil. Ní dhéantar luchtú traschosáin a rialáil in Éirinn faoi láthair, agus níl aon chórais i bhfeidhm chun toiliú ná cead a thabhairt ina leith. Mar sin féin, tá na gnéithe a bhaineann le rialáil an leictreachais á gcur ar bhonn foirmiúil trí reachtaíocht chun reachtaíocht a bhaineann le sreanga príobháideacha a leasú, agus bunaíodh grúpa oibre chun rialáil a dhéanamh ar réitigh luchtaithe a bhaineann le luchtú traschosáin, agus chun próiseas ceadaithe cuí a fhorbairt i gcomhthéacs na reachtaíochta maidir le hoscailt bóithre agus pleanáil, rud a chuirfidh ar a gcumas an méid sin a bhaint amach.



Cás-Staidéar

Léirítear leis an eispéireas i dTuaisceart Éireann agus i Sasana gur féidir le réitigh luchtaithe traschosáin feithiclí leictreacha ról spriocdhírithe a imirt i leathnú rochtana cothroime ar luchtú baile do theaghlaigh nach bhfuil páirceáil eas-sráide acu, go háirithe i gceantair uirbeacha agus fo-uirbeacha dhlútha.





Fíor 13. **Sampla de réiteach luchtaithe tras-chosáin feithiclí leictreacha**

Milton Keynes, Sasana:

I Sasana, reáchtáil roinnt údaráis áitiúla réitigh luchtaithe traschosáin feithiclí leictreacha ar bhonn píolótach mar chuid d'iarrachtaí níos leithne rochtain ar luchtú baile a réiteach i gceantair nach bhfuil cabhsaí príobháideacha acu. Tá dul chun cinn déanta ag Comhairle Cathrach Milton Keynes maidir le treoirscéimeanna ar scála beag agus tá sí ag leathnú na scéime anois chuig suas le céad cónaitheoir.

Faoin tsamhail sin, íocann cónaitheoirí táille suirbhéireachta tosaigh agus, faoi réir ceada, gheobhaidh siad cead ón údarás áitiúil cainéal cábla a shuiteáil sa chosán poiblí ag baint úsáid as conraitheoir arna fhaomadh ag an gcomhairle. Íocann an cónaitheoir na costais a bhaineann leis an tsuiteáil, agus coinníonn an t-údarás áitiúil freagracht as cothabháil agus dliteanas a bhaineann leis an gcainéal cábla féin, agus beidh an cónaitheoir fós freagrach as an bpointe luchtaithe agus as an gcábla luchtaithe.

I ndiaidh tréimhse trí bliana tosaigh, féadfar cead a athnuachan ar bhonn bliantúil ar tháille a chlúdaíonn árachas, cigireachtaí, cothabháil agus riarachán. I gcás nach ndéantar an cead a athnuachan,
féadfaidh an t-údarás áitiúil an cainéal a bhaint agus an cosán a chur ar ais mar a bhí, rud a chinntíonn smacht fadtéarmach ar an tsócmhainn phoiblí.

Cás-Staidéar

Béal Feirste, Tuaisceart Éireann: *Treoirthionscadal DFL*

Tá Tuaisceart Éireann ag oiriúnú de réir a chéile don mhóréileamh atá ag méadú ar fheithiclí leictreacha trí bhonneagar luchtaithe phoiblí a leathnú agus úsáid réiteach luchtaithe baile a spreagadh.

Do chónaitheoirí atá ina gcónaí i gceantair fho-uirbeacha agus thuaithe, is rogha áisiúil agus cost-éifeachtúil é stáisiún luchtaithe baile a shuiteáil. Maidir le cónaitheoirí i gceantair níos uirbí, áfach, amhail lár Bhéal Feirste, seans nach bhféadfadh luchtú baile a bheith chomh hindéanta céanna mar nach bhfuil páirceáil eas-sráide ag go leor tithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, suiteáladh an chéad réiteach luchtaithe traschosáin feithiclí leictreacha i dTuaisceart Éireann mar chuid de threoirscéim sé mhí a d'fhógair an Roinn Bonneagair (DfI). Tá an treoirscéim deartha chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh réitigh cainéil cábla traschosáin tacú le luchtú feithiclí leictreacha cónaithe do theaghlaigh nach bhfuil pháirceáil eas-sráide acu, agus sábháilteacht agus inrochtaineacht cosán á gcoinneáil.

Faoin treoirscéim, tá cur chuige éascaitheach glactha ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha trínar féidir le húinéir maoine cead a iarradh chun cainéal cábla a shuiteáil laistigh den chosán poiblí tríd an bpróiseas um Cheadúnas Oibreacha Sráide (SWL) atá ann cheana. Ceanglaítear ar iarratasóirí iarratas tosaigh a chur faoi bhráid Aonad Dícharbónaithe Iompair DfI chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an láithreáin.

I gcás ina meastar go bhfuil sé inghlactha, féadfaidh an t-iarratasóir dul ar aghaidh le hiarratas SWL, agus beidh na táillí, na costais soláthair, suiteála agus conraitheora go léir a bhaineann leis sin le híoc ag an gcónaitheoir. Is ar an iarratasóir a bheidh an fhreagracht as comhlíonadh, cáilíocht na suiteála agus oibriú leanúnach, rud a sholáthraíonn leithdháileadh soiléir ról agus dliteanas laistigh den réimse poiblí.



Fíor 14. **Sampla de réiteach luchtaithe tras-chosáin feithiclí leictreacha**

I gcás nach féidir le tiománaithe feithiclí leictreacha leas a bhaint as luchtú i dtithe príobháideacha nó as luchtú traschosáin,
is féidir freastal ar riachtanais luchtaithe úsáideoirí le dhá chur chuige maidir le soláthar luchtaithe phoiblí. Is é an chéad chur chuige agus
an cur chuige is fearr moil luchtaithe a sholáthar i suíomhanna áisiúla ina mbeidh luchtairí SA iomadúla, nó meascán de luchtairí SA agus SD. I gcás nach bhfuil moil indéanta, is féidir luchtú SA sráide
a mheas freisin chun freastal ar riachtanais luchtaithe comharsanachta. Tá inacmhainneacht na roghanna luchtaithe comharsanachta tábhachtach do ZEVI i gcomhthéacs aistriú cóir.




Luchtú Baile Eas-sráide

Tá rochtain ag úsáideoirí ar pháirceáil eas-sráide agus is féidir leo a bpointí luchtaithe féin a shuiteáil agus dá réir sin, ní gá le luchtú sráide.



Luchtú trí chainéal luchtaithe sráide agus / nó trí sheastán sráide

Tá rochtain ag úsáideoirí ar pháirceáil sráide in aice lena gcuid tithe agus, dá réir sin, is féidir leo córas luchtaithe trí chainéal a shuiteáil chun luchtú baile a éascú. Beidh cead ón údarás áitiúil de dhíth, i.e. ceadúnas chun bóthar a oscailt agus dearbhú maidir le dliteanas i leith an phobail agus freagrachtaí cothabhála. Mar mhalairt air sin, i gcás nach gceadaítear luchtú cainéal, féadtar féachaint ar roghanna luchtaithe poiblí sráide.



Ionad áitiúil eas-sráide

I gcás nach bhfuil rochtain ar roghanna luchtaithe príobháideacha ar fáil (luchtú eas-sráide nó trí luchtú cainéal), féadfar áit luchtaithe a chur ar fáil ag suíomh eas-sráide oiriúnach in aice láimhe.

Eochair na nDathan

Luchtú baile (príobháideach)

Luchtú SA (poiblí)

Fíor 15. Ordlathas suíomhanna luchtaithe

4.5.3 Luchtú Cinn Scríbe

Tá sé mar aidhm le luchtú cinn scríbe deiseanna áisiúla a sholáthar d'úsáideoirí feithiclí leictreacha lena bhfeithiclí a athluchtú agus iad páirceáilte agus i mbun gníomhaíochtaí eile, amhail siopadóireacht, ithe nó ag tabhairt cuairt ar nithe is díol spéise. Comhlánaíonn luchtú cinn scríbe luchtú baile, luchtú comharsanachta agus luchtú ar an mbealach trí bhearnaí sa líonra luchtaithe a líonadh, go háirithe ag láithreáin phoiblí agus phríobháideacha ar nós carrchlóis bhaile, ionaid siopadóireachta, páirceanna miondíola nó óstáin.

Agus luchtú cinn scríbe á phleanáil, ba cheart riachtanais úsáideoirí iomadúla a chur san áireamh, ós rud é go mbíonn suíomhanna cinn scríbe suite in aice le saoráidí nó limistéir eile a fhreastalaíonn ar riachtanais eile de ghnáth (m.sh., riachtanais oibre, chónaithe agus ar an mbealach). I suíomhanna a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí iomadúla, tá méadú ar an iomlán tagtha ar úsáid ag an suíomh sin, agus an tionchar ar an eangach agus ar an gcomhshaol á mhaolú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana ag an bpobal ag teastáil i ngach lonnaíocht. I mbailte agus sráidbhailte áirithe, áit a bhfuil rochtain iontaofa ag cónaitheoirí ar luchtú baile agus nach bhfuil aon éileamh comharsanacht ann, b'fhéidir nach mbeadh gá le luchtairí cinn scríbe. Is féidir freastal ar riachtanais laethúla trí luchtú baile agus/nó luchtú san ionad oibre, agus tacófar le turais níos faide trí luchtú ar an mbealach.

D'fhéadfadh sé go mbeadh bonneagar ag teastáil ón lonnaíocht chéanna má tá sí suite ar bhóthar náisiúnta nó má bhíonn turasóireacht shéasúrach inti, toisc go gcruthaítear éileamh ó chuairteoirí agus ó thréthrácht leis sin. Léirítear i bhFíor 12, ón bPlean Réigiúnach agus Áitiúil um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, samplaí de chineálacha lonnaíochta agus de riachtanais tháscacha bhonneagair. Is iad údaráis áitiúla, trína straitéisí agus a bpleananna cur chun feidhme, a chinnfidh an leibhéal bonneagair chuí a bheidh ag teastáil ar deireadh.

Tá údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i mbun bonneagar a sheachadadh ag suíomhanna cinn scríbe, agus tá na húdaráis áitiúla eile ag tabhairt a straitéisí agus a bpleananna cur chun feidhme chun críche faoi láthair chun réitigh shuntasacha luchtaithe comharsanachta agus cinn scríbe a sholáthar ar fud a gcontaetha, agus tá sé beartaithe go dtosófar é sin in 2027.



Fíor 16. Cumraíochtaí luchtaithe tháscaigh ag cineálacha éagsúla suíomhanna

Cás-Staidéar

Treoirthionscadal Ros Comáin

Le Treoirscéim um Luchtú Feithiclí Leictreacha Ros Comáin, léirítear conas is féidir réiteach nuálach agus inmharthana ó thaobh tráchtála de a sholáthar trí aistriú ó chur chuige faoi threoir an mhargaidh go cur chuige pleanáilte agus an t-éileamh agus riachtanais úsáideoirí araon á gcur san áireamh. Is féidir costais, tionchair chomhshaoil, agus tionchar na heangaí a mhaolú trí bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a dhearadh timpeall ar riachtanais úsáideoirí iomadúla. Freastalaíonn an láithreán ar fhormhór na riachtanas úsáideoirí agus luchtú cinn scríbe, luchtú comharsanachta, luchtú ar an mbealach agus luchtú san ionad oibre ar fáil ag an suíomh sin.

Trí réiteach taobh thiar den mhéadar a úsáid, baineann an tionscadal leas as taraifí leictreachais ísle atá ann cheana agus seachnaíonn sé an gá le nasc líonra nua costasach. Leis an gcur chuige sin, soláthraítear tairbhí suntasacha airgeadais, lena ndéantar laghdú thart ar €50-60,000 ar chaiteachas caipitil agus lena ndéantar laghdú €7-10,000 ar na muirir sheasta/acmhainne bliantúla a thabhófaí murach sin le soláthar nua. A bhuí leis an treoirscéim, éascaítear rochtain ar rátaí fabhracha leictreachais oíche freisin, rud atá ríthábhachtach do chónaitheoirí nach bhfuil cabhsa acu agus ar ceann de na príomhbhacainní é maidir le glacadh forleathan feithiclí leictreacha i gcomharsanachtaí.

Agus údaráis áitiúla ag ullmhú do rolladh amach suntasach bonneagair feithiclí leictreacha sna cúig bliana atá amach romhainn agus le ceanglais EPBD atá le teacht lena sainordaítear suiteáil ar shuíomhanna atá ann cheana, cuirtear sampla luachmhar ar fáil le tionscnamh Ros Comáin de conas is féidir bonneagar a sheachadadh chun freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla. Tá an tsamhail inscálaithe inti féin, toisc gur féidir luchtairí breise a shuiteáil de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh, ag baint leas as acmhainn bhreise agus comhtháthú féideartha fuinnimh in-athnuaite chun an brú ar an eangach náisiúnta a laghdú.



4.6 Tacaíocht a thabhairt d'Fhás an Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha

Ní mór leathnú líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a phleanáil i gcomhréir leis na spriocanna náisiúnta faoi AFIR agus leis an éileamh mar gheall ar riachtanais úsáideoirí agus aird chuí á tabhairt ar inmharthanacht tráchtála an bhonneagair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí machnamh cúramach ar shuíomhanna luchtairí, ar amlínte imscartha agus ar an úsáid réamh-mheasta chun cur rolladh amach cothrom inbhuanaithe a chinntiú.

Ba cheart saolréanna thionscadail na n-údarás áitiúil, roghnú láithreán, agus socruithe conartha le haghaidh láithreáin faoi úinéireacht phoiblí a shainiú go soiléir, agus d'fhéadfadh sásraí deontais saincheaptha tacú le bonneagar luchtaithe ar láithreáin phríobháideacha. Ba cheart roghnú agus cur chun feidhme suíomhanna ag údaráis áitiúla a bheith ag teacht le cuspóirí an phlean réigiúnaigh agus áitiúil agus le prionsabail bhunúsacha na straitéise seo, go háirithe Prionsabail 1, 2 agus 5 a dhíríonn ar inrochtaineacht, cuimsitheacht agus comhtháthú le spriocanna soghluaisteachta níos leithne a chinntiú.

Chun tacú tuilleadh le rolladh amach an luchtaithe cinn scríbe, tá ceanglais tugtha isteach le EPBD 2024 maidir le pointí luchtaithe bunaithe ar líon na spásanna páirceála ag foirgnimh neamhchónaithe. Tacóidh sé sin le hinfhaighteacht pointí luchtaithe i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana sna blianta atá amach romhainn.

4.6.1 Amchlár agus Céimniú

Leanfaidh ZEVI le cur chuige céimnithe a chur chun cinn maidir le bonneagar a fhorbairt. Leis an gcur chuige céimnithe sin, faightear cothromaíocht idir an gá le bonneagar luchtaithe atá fairsing go leor chun freastal ar riachtanais úsáideoirí agus spriocanna náisiúnta agus rósholáthar féideartha agus sócmhainní tréigthe á seachaint a d'fhéadfadh inmharthanacht tráchtála an líonra a lagú. Tugtar aird sa chur chuige sin freisin ar an méadú atá ag teacht ar acmhainn ceallraí agus dá bhrí sin ar na raonta reatha i bhfeithiclí leictreacha nua. Beidh trí chéim i gceist leis an gcur chuige sin.

Díríonn **Céim 1** (2025-2027) ar bhonneagar luchtaithe ardchumhachta ar an mbealach a sheachadadh, mar aon le roinnt treoirthionscadail cinn scríbe luatha. Soláthrófar luchtú ar an mbealach feadh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta trí shraith trí scéim LDV arna seoladh ag ZEVI agus BIÉ. I gCéim 1, seachadfar 90,000kW breise de bhonneagar luchtaithe – méadú 60% ar an mbonnlíne reatha de 150,000kW ó mhí Mheán Fómhair 2025.

Beidh roinnt príomhthionscadal i gceist le luchtú cinn scríbe:

- Scéim Spóirt an Oileáin Chomhroinnte
- Luchtú Cinn Scríbe na nÚdarás Áitiúil:
  - Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath
  - Scéim Ceann Scríbe Chathair agus Chontae Luimnigh
  - Treoirscéimeanna údaráis áitiúil

Tá na treoirscéimeanna údaráis áitiúil deartha chun léiriú a thabhairt ar an mbonneagar luchtaithe a chuirfear i bhfeidhm ar fud na n-údarás áitiúil. Cuimsítear sna treoirscéimeanna sin réitigh i gcás ina bhfuil bacainní ar shuiteáil, amhail acmhainneacht eagnaí.



Fíor 18. Gach Scéim atá Maoinithe ag an Státchiste – Suíomhanna Comhthiomsaithe Luchtaithe

	Suim an aschuir iomláin atá ar fáil	Scéim
●	25,520kW	LDV 1
●	20,040kW	LDV 2
●	25,520kW	LDV 3
●	8,950kW	Clubanna Spóirt Comhroinnte Éireann
●	1,200kW	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
●	8,200kW	Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath
●	4,739kW	Treorthionscadail Údaráis Áitiúil ZEVI
●	94,169kW	An t-aschur iomláin atá ar fáil

Tabharfar faoi **Chéim 2** (2027–2030) trí na húdaráis áitiúla. Is é is dóichí go roinnfear é idir luchtú sa chomharsanacht, dóibh siúd nach bhfuil cabhsaí ná luchtú cinn scríbe acu.

Luchtú cinn scríbe

Díreofar soláthar luchtaithe cinn scríbe ar láithreáin a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí iomadúla agus ar láithreáin a bhfuil tábhacht straitéiseach réigiúnach ag baint leo, amhail príomhchinn scríbe turasóireachta. Beidh an t-éileamh iomlán sainaitheanta i straitéisí na n-údarás áitiúil, agus beidh an bonneagar á sheachadadh go príomha ag údaráis áitiúla ar shuíomhanna na n-údarás áitiúil, chomh maith le suíomhanna faoi úinéireacht phoiblí i gcás ina mbeidh sé sin comhaontaithe. I Straitéisí na nÚdarás Áitiúil, chomh maith le cinn scríbe lonnaíochta agus riachtanas na gcomharsanachtaí a aithint, aithneofar ceantair a bhfuil éagsúlacht shéasúrach shuntasach ag baint leo agus cuirfear bonneagar ar fáil ina dhiaidh sin chun dul i ngleic leis an riachtanas breise sin.

Pléifidh na húdaráis áitiúla le húinéirí láithreán príobháideach freisin amhail óstáin, ionaid mhiondíola, ionaid siopadóireachta agus suíomhanna turasóireachta chun luas a chur leis an soláthar ar na láithreáin sin i gcás ina bhfuil riachtanas úsáideoirí aitheanta. De réir mar a mhéadóidh glacadh feithiclí leictreacha agus de réir mar a mhéadóidh an t-éileamh, meastar go mbeidh ról suntasach ag an earnáil phríobháideach trí bhonneagar luchtaithe a sheachadadh ag suíomhanna ceann scríbe ina bhfuil deiseanna tráchtála láidre.

Luchtú comharsanachta

Beidh gá aghaidh a thabhairt ar riachtanas na gcomharsanachtaí trí Straitéisí Bonneagair Feithiclí Leictreacha na nÚdarás Áitiúil agus trí phleanáil bhonneagair. Le haghaidh fhormhór na n-úsáideoirí,*is é an luchtú baile an rogha is fearr* toisc gurb é an réiteach luchtaithe is saoire agus is áisiúla ag a mbaile féin.. Beidh réiteach lasmuigh den bhaile ag teastáil ó ghrúpa mionlaigh. Bainfear úsáid as an ordlathas maidir le luchtú comharsanachta chun riachtanas na n-úsáideoirí agus an réiteach is fearr chun freastal ar riachtanas an ghrúpa úsáideoirí sin a chinneadh. D'fhéadfadh réitigh nuálacha eile dul i ngleic leis an bhfadhb sin le himeacht ama agus mar sin déanfar monatóireacht ghéar ar réitigh sa réimse sin agus déanfar iad a oiriúnú nuair is iomchuí

I gcás inar féidir, is é luchtú traschosáin an cur chuige is fearr i leith luchtú comharsanachta faoi réir leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá de dhíth agus toiliú ón údarás áitiúil. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear roghanna luchtaithe comharsanachta trí mhoil áitiúla luchtaithe nó luchtú SA sráide san áireamh.

Díreoidh Céim 3 (2030 agus ina dhiaidh)ar láithreáin *a mhéadú*i gcás ina bhfuil dtugtar údar leis sin leis an éileamh agus bonneagar a shuiteáil i suíomhanna inar aithníodh bacainní ar shuiteáil i gCéim 1. Sa chéim sin, roinnfear an seachadadh idir scéimeanna cinn scríbe agus comharsanachta agus áireofar leis leanúint le réiteach traschosáin le haghaidh luchtú comharsanachta a rolladh amach.

Aistreofar an cur chuige go seachadadh faoi threoir éilimh, agus cuirfear bonn eolais faoi sin leis an méid seo a leanas:

- Riachtanais agus éileamh úsáideoirí/spriocanna AFIR
- Rátaí glactha feithiclí leictreacha
- Luas sheachadadh na hearnála príobháidí
- Dul chun cinn teicneolaíochta amhail feabhsuithe ar theicneolaíocht ceallraí i bhfeithiclí leictreacha nua

Tá Céim 2 agus 3 ina gcéimeanna táscacha ag an bpointe seo den chuid is mó. D'fhéadfadh straitéisí agus pleananna cur chun feidhme na n-údarás áitiúil a dréachtaíodh ar dtús i gCéim 1 an cur chuige a glacadh i gCéim 2 agus 3 a athrú bunaithe ar mhonatóireacht ar úsáid pointí luchtaithe áitiúla agus ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma. Is féidir le tosca eile, amhail ráta glactha feithiclí leictreacha agus seachadadh na hearnála príobháidí, tionchar a imirt ar an gcur chuige straitéiseach agus pleanáilte ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. D'fhéadfadh dul chun cinn maidir leis an teicneolaíocht ceallraí le raon méadaithe an méid bonneagair feithiclí leictreacha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais úsáideoirí a íoslaghdú tuilleadh. Beidh sonraí a sholáthrófar maidir le ráta fóntais an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha atá ann cheana ríthábhachtach chun suíomhanna ina sáraíonn an t-éileamh an soláthar a shainaithint.

Le sonraí monatóireachta ó shuíomhanna Chéim 1 agus Chéim 2, tabharfar léargas ar úsáid pointí luchtaithe, rud a chinnteoidh go n-imscarfar bonneagar breise sna áiteanna is mó a bhfuil gá leis. Leanfar cur chun feidhme cur chuige incriminteach, lena dtabharfar tús áite do sholúbthacht agus do fhreagrúlacht d'éileamh atá ag athrú i gcónaí.



Fíor 19. **Spriocanna agus seachadadh bonneagair phleanáilte**

4.6.2 Athbhreithniú Meántéarma

Beidh 2026 ina sárbhliain maidir le bonneagar atá maoinithe ag an státchiste a sheachadadh in Éirinn agus meastar go gcríochnófar na scéimeanna éagsúla atá mionsonraithe thuas. Le linn na bliana 2027, cuirfidh an
Roinn Iompair tús le hathbhreithniú meántéarma ar an Straitéis seo. Úsáidfear sonraí arna soláthar ag CPOnna d'oifig sonraí BIÉ san athbhreithniú meántéarma
sin chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach ceann de na scéimeanna atá maoinithe ag an státchiste agus curtha i gcrích go dtí seo. Déanfar scrúdú san athbhreithniú freisin ar fheidhmíocht fhoriomlán an mhargaidh, déanfar anailís ar bhearnaí geografacha i suíomhanna nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, déanfar measúnú ar na feabhsuithe teicneolaíochta i bhfeithiclí leictreacha, go háirithe i dtéarmaí ceallraí agus dá bhrí sin raonta, agus tomhaisfear comhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch. Le haschur an athbhreithnithe sin, cuirfear bonn eolais faoi threo agus faoi chandam scéimeanna a bheidh maoinithe ag an státchiste amach anseo agus déanfar measúnú leis ar stádas an fháis faoi threoir éilimh.

Caibidil 5 /

Bonneagar Luchtaithe



5. Bonneagar Luchtaithe HDVanna

Is dúshlán casta agus práinneach é dícharbónú na hearnála HDVanna i bhfianaise an sciar a bhíonn ag earnáil an lastais ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is é an príomhchuspóir don straitéis seo tacú leis na céimeanna tosaigh i leictriú HDVanna trí chur chuige comhordaithe náisiúnta a fhorbairt maidir le bonneagar athluchtaithe HDVanna a sheachadadh.

Leagtar amach sa chaibidil seo spriocanna náisiúnta bonneagair luchtaithe HDVanna, déantar athbhreithniú ar stádas reatha imscaradh an bhonneagair agus leagtar béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le líonra luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann a leathnú, agus fócas ar leith ar réitigh luchtaithe ar an mbealach atá inrochtana ag an bpobal do HDVanna. Áireofar leis sin limistéir pháirceála shábháilte shlán, atá in ainm a bheith ag cur feabhais ar spásanna scíthe do thiománaithe agus chun iad a chosaint ar fhoréigean agus ar choireacht a bhaineann le lastas. Agus HDVanna á bplé, tagraítear go sonrach sa straitéis seo do bhusanna agus feithiclí earraí troma,
mar aon leis an mbonneagar athluchtaithe tacaíochta atá riachtanach chun freastal ar an dá chatagóir feithiclí.


Is cuid ríthábhachtach den aistriú níos leithne chuig iompar trom ísealcharbóin é leictriú flíteanna bus. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) freagrach as feithiclí flít na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) a sholáthar agus as an bonneagar gaolmhar luchtaithe iosta-bunaithe a sholáthar. I gcás busanna astaíochtaí nialasacha atá á n-oibriú go príobháideach, tá maoiniú deontais ar fáil trí scéimeanna ZEHDV agus ZEHDVI.

5.1 Spriocanna Bonneagair Leictrithe agus Luchtaithe HDVanna na hÉireann

5.1.1 Spriocanna Leictrithe HDVanna na hÉireann

Laistigh den earnáil iompair, tá HDVanna ina réimse fócais ríthábhachtach maidir le laghduithe astaíochtaí mar gheall ar a gcion suntasach atá ag méadú le hastaíochtaí iompair na hÉireann. Baineann HDVanna le 2% de fhlít feithiclí na hÉireann ach tá siad freagrach as 29% d'astaíochtaí iompair.[1] Is colún riachtanach de gheilleagar na hÉireann iad HDVnna agus mar sin tá sé ríthábhachtach go bhforbrófar conair chun dícharbónú na hearnála HDVanna a éascú, gan tionchar a imirt ar a gcion le fás agus forbairt eacnamaíoch ag an am céanna.

1 https://www.climatecouncil.ie/councilpublications/annualreviewandreport/AR2024-Transport-final.pdf



Fíor 20. Roinnt na nAstaíochtaí Feithiclí in Éirinn (2022)

Sa Straitéis Tarlú Bóthair 2022-2031, sainaithnítear leictriú mar theicneolaíocht roghnaithe chun an flít feithiclí HDVanna a dhícharbónú[2], agus ceanglaítear le rialachán feidhmíochta astaíochtaí CO_2 an Aontais go ndéanfar laghdú 90% ar astaíochtaí CO_2 ó HDVanna faoi 2040.

In 2022, shínigh Éire an Meabhrán Tuisceana Domhanda maidir le Feithiclí Meánmhéide agus Tromshaothair Astaíochtaí Glan-nialasacha. Comhaontaíodh leis an Meabhrán Tuiscint go ndíreofar ar:

- 30% de dhíolacháin nua le bheith saor ó astaíochtaí faoi 2030
- 100% de dhíolacháin nua le bheith saor ó astaíochtaí faoi 2040

Cé go bhfuiltear ag súil go laghdóidh astaíochtaí ó iompar paisinéirí de réir mar a théann an leictriú ar aghaidh, meastar go méadóidh gníomhaíocht lastais le himeacht ama agus mar sin, gan idirghabhálacha spriocdhírithe, meastar go mbeidh astaíochtaí ó HDVanna agus HGVanna freagrach as 52% d'astaíochtaí iomlána iompair de bhóthar faoi 2030 agus go n-ardóidh siad go 87% faoi 2050. Léirítear leis an athrú sin, ní hamháin an t-éileamh atá ag méadú ar lastas ach freisin luas níos moille an dícharbónaithe sa deighleog HDVanna i gcomparáid le feithiclí paisinéirí. Is rud riachtanach é an t-aistriú tapa chuig HDVanna ceallra-leictreacha, atá tacaithe ag bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha chun dul i ngleic leis an treocht sin agus spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach. Tugtar le fios in anailís ar dhícharbónú lastas bóthair na hÉireann le gur cheart go mbeadh thart ar 10% de thrucailí éadroma agus 4% de thrucailí troma sa fhlít feithiclí foriomlán faoi 2030.[3]

2 https://assets.gov.ie/static/documents/irelands-road-haulage-strategy-20222031-9750150b-53f9-4ce5-a5c0-592ea8a9f1ec.pdf

3 https://www.nature.com/articles/s41598-024-52682-4

5.1.2 Spriocanna Éigeantacha maidir le Bonneagar Luchtaithe HDVanna

Chun tacú le leictriú HDVanna, sonraítear in AFIR ceanglais éigeantacha bunaithe ar achar do chomhthiomsú luchtaithe HDVanna ardchumhachta feadh an ghréasáin TEN-T, lena n-áirítear an croíghréasán agus na líonraí cuimsitheacha araon. Caithfidh na comhthiomsuithe luchtaithe sin freastal ar iomlán na n-aschur cumhachta atá ag méadú agus ar acmhainn cumhachta íosta in aghaidh an phointe, rud a chinntíonn go mbeidh siad oiriúnach do riachtanais HDVanna.

Faoi AFIR mar atá leagtha síos faoi láthair, faoi dheireadh 2027, bheadh ar Éirinn comhthiomsuithe luchtaithe HDVanna tiomnaithe a sholáthar i ngach treo taistil feadh 50% den ghréasán cuimsitheach TEN-T. Feadh an chroíghréasáin, ba cheart go mbeadh aschur cumhachta 2,800kW ar a laghad ag gach comhthiomsú luchtaithe, agus dhá phointe luchtaithe ar a laghad a sholáthraíonn aschur cumhachta aonair de 350kW ar a laghad. Feadh an líonra chuimsithigh, bheadh aschur cumhachta de 1,400kW ar a laghad ag teastáil ag gach comhthiomsú luchtaithe, agus pointe luchtaithe amháin ar a laghad a sholáthraíonn aschur cumhachta aonair íosta de 350kW.

Mhéadófaí an t-aschur cumhachta ag na comhthiomsuithe luchtaithe sin faoi dheireadh 2030 ansin. Feadh an chroíghréasáin, bheadh gá le comhthiomsuithe luchtaithe gach 60km ar a laghad i ngach treo taistil agus ba cheart go mbeadh aschur cumhachta iomlán de 3,600kW ar a laghad ag na comhthiomsuithe luchtaithe sin. Feadh an ghréasáin chuimsithigh, méadaíonn an t-achar uasta idir comhthiomsuithe luchtaithe go 100km, agus aschur cumhachta de 1,500kW ar a laghad ag gach ceann acu.

Ba cheart go mbainfeadh nóid uirbeacha (is é sin, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach) acmhainn ardchumhachta chomhiomlánaithe amach (íosmhéid 1,800kW le híosmhéid 150kW ag gach stáisiún) faoi 2030 freisin. Caithfear dhá stáisiún luchtaithe HDV a chur ar fáil ag limistéir pháirceála shábháilte agus shlána faoi 2027 agus ceithre cinn faoi 2030.

Ar bhealaí ísealtráchta, féadfaidh Éire iarratas a dhéanamh ar mhaolú i dtéarmaí spásáil comhthiomsuithe luchtaithe agus leibhéil chumhachta. I gcás níos lú ná 2000 HDV a bheith ag taisteal go laethúil ar bhealaí Ten-T, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chomhthiomsú athluchtaithe aonair freastal ar an dá threo mura bhfuil údar eacnamaíoch le bonneagar ar leith a imscaradh. Féadfaidh na Ballstáit aschur cumhachta iomlán comhthiomsuithe athluchtaithe do HDVanna a laghdú suas le 50% freisin mura bhfreastalaíonn an comhthiomsú ach ar threo taistil amháin agus má chomhlíonann sé ceanglais tráchta eile.

Léirítear i ngrafaic (Fíor 20) na codanna den ghréasáin bóithre Ten-T a mheastar faoi láthair a bheith os cionn nó faoi bhun na tairsí turais HDVanna 2000 in 2025 agus tá roinnt codanna ar an M6, M7, M8, M11 agus M18 faoi bhun na tairsí sin faoi láthair.



Fíor 21. Bóithre Ten-T in Éirinn le 2000 nó níos mó idirthuras HDVanna in aghaidh an lae

5.2 Staid Reatha agus Treochtaí

Le HDVanna, cuirtear dúshlán casta agus deis nach bhfuil leas bainte aisti fós araon ar fáil chun astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar a laghdú trí leictriú an fhlít. Maidir le HGVanna go sonrach, in 2024 bhí os cionn 44,500 feithicil earraí tráchtála (níos mó ná 3.5 tona) agus níos mó ná 24,300 feithicil á n-oibriú ar cheadúnais um tharlú. As an 3,800 oibreoir tarlaithe bóthair atá ceadúnaithe in Éirinn, freastalaíonn 65% acu ar bhealaí idirnáisiúnta agus oibrítear 35% acu ar an leibhéal náisiúnta.

Ag an am céanna, tá ullmhacht oibríochtúil na deighleoige HDVanna chun aistriú go leictriú fós teoranta. Baineann HDVanna ceallra-leictreacha le thart ar 2% de fhlít náisiúnta na hÉireann agus tá bac curtha ar ghlacadh tráchtála mar gheall ar ardchostais tosaigh feithiclí, infhaighteacht theoranta feithiclí, srianta ar raonta agus ar phálastaí agus easpa bonneagar luchtaithe phoiblí leordhóthanach.

Cur Síos	Líon atá Cláraithe	Sprioc CAP 2030
N2 3,500kg–12,500kg	115	3,500
N3 12,500kg +	50	
Busanna Leictreacha in PSO	546	1,500

Tábla 7. **Staidreamh um Chomhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) maidir le HDVanna leictreonacha atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann (Deireadh 2025)**

Is ionann é sin agus cás "an sicín agus an ubh" i gcás ina bhfuil leisce ar oibreoirí iompair infheistíocht a dhéanamh in HDVanna ceallra-leictreacha gan roghanna luchtaithe le feiceáil agus níl na CPOnna sásta bonneagar a shuiteáil in éagmais éileamh leordhóthanach ar luchtú ó HDVanna agus ón earnáil i gcoitinne.

Is gnách nach n-úsáideann HDVanna an bonneagar luchtaithe céanna a úsáideann LDVanna, rud a léiríonn na riachtanais oibríochtúla, méideanna feithiclí agus grúpaí úsáideoirí atá difriúil go bunúsach. Díreach mar nach n-úsáideann trucailí
agus carranna an caidéal breosla céanna ag stáisiún peitril, teastaíonn bonneagar tiomnaithe ó HDVanna i dtéarmaí leagan amach, spáis, acmhainn cumhachta, rochtana agus saoráidí, ag moil lóistíochta nó feadh conairí lasta go minic.

In Éirinn faoi láthair, níl aon stáisiúin luchtaithe tiomnaithe ar an mbealach atá inrochtana ag an bpobal agus atá ábalta freastal ar HDVanna. Tá srian ar roinnt bealaí ar luchtairí poiblí LDVanna atá ann cheana amhail aschur cumhachta agus dearadh láithreáin, agus cuireann an dá rud sin teorainn le hinúsáidteacht na láithreán reatha do HDVanna.

Thosaigh Scéim Deontais Bonneagair ZEHDV, atá á riar ag BIÉ thar ceann ZEVI, ag tacú le bonneagar príobháideach iosta-bunaithe d'oibreoirí lastais agus bus chomh maith le réitigh faoi bhealach atá inrochtana ag an bpobal. Mar sin féin, go dtí seo, bhí na hiarratais ar mhaoiniú do bhonneagar iosta-bhunaithe amháin.

5.2.1 Grúpa Oibre um Chonair Leictrithe HDVanna

Chun tacú le leictriú fhlít na HDVanna in Éirinn, bhunaigh ZEVI an Grúpa Oibre um Chonair Leictrithe HDVanna in 2025. Tá ionadaithe ó ghrúpaí lena n-áirítear an earnáil iompair de bhóthar agus lóistíochta, oibreoirí pointí luchtaithe, monaróirí feithiclí, ionadaithe ón tionscal mótarfheithiclí, an lucht acadúil agus oifigigh beartais phoiblí sa Ghrúpa Oibre.

Is é cuspóir an Ghrúpa:

- A chinntiú go mbeidh ionchur láidir ón tionscal i bhforbairt na Conaire Leictrithe HDVanna;
- Eolas agus ceachtanna a roinnt d'fhonn leictriú HDVanna a chur chun cinn;
- Imscrúdú a dhéanamh ar bhacainní maidir le glacadh HDVanna astaíochtaí nialasacha;
- Na láidreachtaí agus na deiseanna a bhaineann le rolladh amach bonneagair HDVanna a bhunú; agus
- Cás-staidéir intíre agus idirnáisiúnta a shainaithint lena soláthraítear deiseanna chun tuilleadh eolais a roinnt.

Cuireadh de chúram an Ghrúpa Oibre tuarascáil maidir le conair a ullmhú don Aire Iompair. Fuarthas an anailís LLDB ar leictriú in Éirinn as Tuarascáil an Ghrúpa Oibre. Is é is cuspóir don Tuarascáil, a foilsíodh in R1 2026, tacú le leictriú an fhlít HDVanna in Éirinn agus réitigh phraiticiúla agus treochlár i dtreo 2040 a chur ar fáil.



Láidreachtaí	Laigí
Costas agus Éifeachtúlacht • Costais chothabhála agus oibriúcháin níos ísle. 30% de choibhéis ICE • An réiteach is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de do HDVanna **Tairbhí comhshaoil** • Laghdú suntasach ar lorg carbóin • Feabhas ar cháilíocht an aeir agus laghdú ar thorann **Ailíniú Straitéiseach** • Tacaíonn sé le spriocanna CAP agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip • Feabhsaíonn sé feidhmíocht agus dea-cháil ESG/CSR corparáideach **Buntáistí Geografacha** • Oireann méid agus achair ghearra choibhneasta na hÉireann do raonta feithiclí leictreacha **Fuinneamh agus Teicneolaíocht** • Acmhainneacht maidir le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite le haghaidh luchtú inbhuanaithe • Deiseanna le haghaidh V2G agus aisghabháil fuinnimh **Tairbhí Oibríochtúla** • Oiriúnach dá lán oibreoirí, go háirithe bealaí intuartha • Tionchar dearfach ar leas an tiománaí/an phaisinéara	**Ardchostais Tosaigh** • Éilítear infheistíocht shuntasach chaipitil le bonneagar feithiclí agus luchtaithe **Bearnaí sa Bhonneagar** • Bonneagar luchtaithe phoiblí teoranta • Amlínte pleanála agus seachadta fada le haghaidh uasghráduithe iostaí **Infhaighteacht Feithiclí** • Infhaighteacht theoranta feithiclí agus agaí feithimh fada le haghaidh seachadta **Bearnaí Eolais** • Easpa feasacht oibreoirí agus taithí oibríochta feithiclí leictreacha. **Rialáil agus Pleanáil** • Srianta meáchain bóithre agus dúshláin phleanála bonneagair **Tacaíochtaí** • Tacaíocht deontais neamhleor d'oibreoirí beaga agus meánmhéide
Deiseanna	**Bagairtí**
Comhlíonadh Rialála agus Íomhá • Íomhá dhearfach fheabhsaithe agus buntáistí /dea-cháil comhlíonta • Iontráil in CAZanna **Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** • Glacadh cumas V2G • Cláir phíolótacha chomhoibríocha agus trialacha teicneolaíochta • Úsáid luchtairí – comhroinnt luchtaithe srl. **Suíomh ar an Margadh** • An cumas tionchar a imirt ar insint agus ar chaighdeáin an tionscail • Slabhra soláthair – éileamh custaiméirí, go háirithe laistigh den earnáil ríomhthráchtála **Oideachas agus Forbairt an Lucht Saothair** • Oideachas poiblí maidir le tairbhí agus oibríochtaí	**Riosca Airgeadais** • B'fhéidir nach mbeadh an t-aistriú cost-éifeachtúil gan deontais • Luachanna iarmharacha neamhchinnte HDVanna **Dúshláin an bhonneagair** • Ábhair imní faoi chobhsaíocht na heangaí agus faoi mheascán fuinnimh • Acmhainne eangaí - iosta • Costais arda agus luas mall nó rolladh amach luchtaithe phoiblí **Rioscaí Margaidh agus Teicneolaíochta** • Rioscaí dífheidhmeachta á gcruthú le hathruithe tapa teicneolaíochta **Tosca seachtracha** • Luaineacht praghsanna fuinnimh agus luchtaithe • Slabhra soláthair mianraí agus srianta geopholaitiúla • RGCS agus saincheisteanna bainistíochta sonraí le haghaidh teileamaitice **Tionchar ar Ghnólachtaí Beaga** • Téann ardchostais tosaigh i bhfeidhm go díréireach ar FBManna

Tábla 8. Anailís LLDB ar Leictriú HDVanna in Éirinn[4]

4 https://www.iea.org/reports/global-ev-outlook-2025/trends-in-heavy-duty-electric-vehicles?utm_source=chatgpt.com

5.3 Freastal ar Riachtanais Luchtaithe Úsáideoirí

De ghnáth, bíonn sé mar chuspóir ag oibreoirí flít aga fónaimh feithiclí a íoslaghdú agus costais oibriúcháin a bharrfheabhsú, agus dá réir sin is fearr le formhór na n-oibreoirí flít stóras luchtaithe thar oíche a úsáid mar an príomh-mhodh luchtaithe do HDVanna, rud a éascaíonn feithiclí lena n-oibríochtaí laethúla a thosú le ceallraí lánluchtaithe.

Mar sin féin, níl an cumas an rogha sin a bhaint amach mar an gcéanna ar fud na hearnála. Baineann srianta ar an acmhainn eangaí, tréimhsí fada ullmhúcháin le haghaidh nascachta, agus an costas ard tosaigh a bhaineann le bonneagar ardchumhachta a shuiteáil, le timpeallachtaí iosta díreach mar a bhaineann siad le láithreáin luchtaithe atá inrochtana ag an bpobal. I gcás roinnt oibreoirí, go háirithe FBManna agus na cinn atá lonnaithe i gceantair a bhfuil acmhainn líonra srianta acu, b'fhéidir nach mbeidh luchtú iosta indéanta ach go páirteach sa ghearrthéarma go dtí na meántéarma, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh cur chuige cumaisc ag teastáil a nascann luchtú iosta le luchtú ar an mbealach nó luchtú deise atá inrochtana ag an bpobal.

Dá réir sin, meastar go mbeidh ról comhlántach níos suntasaí ag luchtú deise (nuair a thógann tiománaithe HDVanna am chun luchtú ar an mbealach ag moil luchtaithe phoiblí) ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, go dtarlóidh sé le linn sosanna éigeantacha tiománaithe, ar thurais níos faide, i gcás ina bhféadfadh an turas tionscnaimh a bheith i dtír dhifriúil, agus i gcás nach féidir le luchtú iosta freastal ar an éileamh oibríochtúil iomlán atá ag flít mar gheall ar shrianta eangaí nó suímh.

Ba cheart go mbeadh pointí luchtaithe HDVanna ar mhéid a oirfidh do gach cineál HDV, agus ba cheart go mbeadh na bánna mór go leor le go bhféadfadh úsáideoirí dul isteach i bhfeithiclí agus teacht amach astu go héasca. Bheadh sé ina chuidiú le freastal ar riachtanais shonracha tiománaithe HDVanna, pointí luchtaithe áirithe do HDVanna amháin a ainmniú. Tá riachtanais úsáideoirí do chineálacha éagsúla tiománaithe HDV mionsonraithe thíos agus léiríonn siad an raon éagsúil d'eispéiris tiomána HDVanna in Éirinn.

5.3.1 Luchtú Iosta

Is é luchtú iosta an modh is fearr le haghaidh leictriú HDVanna na hÉireann, ach ní féidir breathnú air mar réiteach réamhshocraithe atá ar fáil do gach oibreoir. Chun an rogha sin a bhaint amach ar scála mór, beifear ag brath ar dhul i ngleic leis na fadhbanna struchtúracha céanna a théann i bhfeidhm ar an ngréasán poiblí luchtaithe i gcoitinne, go háirithe an acmhainn eangaí, amlínte nascachta agus an costas ar neartú an ghréasáin.

In áiteanna a bhfuil luchtú iosta indéanta, beidh bogearraí bainistithe bogearraí riachtanach do fhlíteanna a bhraitheann ar iosta chun luchtú thar oíche agus cobhsaíocht na heangaí a bharrfheabhsú. Is féidir le hardáin bhainistithe neálbhunaithe monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla go héifeachtúil anois, lena chinntiú go mbeidh HDVanna luchtaithe go leordhóthanach dá mbealaí sceidealaithe laistigh den nasc acmhainne atá ar fáil.

I gcásanna inar féidir luchtú ag an ionad a bhaint amach go hiomlán, cuirtear roinnt buntáistí ar fáil:

Tacaíonn sé le haistriú níos éifeachtaí trí úsáid a bhaint as timpeallachtaí luchtaithe príobháideacha, rud a chabhróidh le neart a bhailiú, éileamh margaidh a chruthú le haghaidh HDVanna agus an cás gnó a neartú chun líonraí luchtaithe phoiblí a leathnú le himeacht ama.

Is féidir leis costais oibriúcháin a laghdú – go háirithe costais fuinnimh agus an costas iomlán úinéireachta a fheabhsú, rud a fhágann go bhfuil HDVanna níos iomaíche i gcomparáid le comparáidí breoslaí iontaise toisc go bhfuiltear ag súil go mbeidh an costas aonaid in aghaidh an kWh ag iostaí príobháideacha níos ísle ná na rátaí tráchtála reatha ag bonneagar atá ar fáil go poiblí.

Le luchtú iosta thar oíche, is féidir le hoibreoirí tús a chur leis an lá go háisiúil le feithicil lánluchtaithe nó feithicil a bhfuil go leor cumhachta aici.

Mar sin féin, léirítear i dtaithí na hearnála go dtí seo nach féidir glacadh leis go mbeidh na buntáistí sin ann do gach oibreoir. Beidh tionchar ag infhaighteacht na hacmhainne eangaí, costas agus ag amlíne na nasc nua nó na nasc uasghrádaithe, srianta an láithreáin agus oiriúnacht na n-ionad reatha do luchtú ardchumhachta ar fad ar an gceist an mbeidh oibreoir in ann brath ar luchtú iosta, agus a mhéid a mbeidh sé in ann brath air. I gcás oibreoirí nach bhfuil luchtú iosta inmharthana iontu sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le meascán de luchtú ar an mbealach atá inrochtana go poiblí, luchtú deise ag moil lóistíochta agus múnlaí comhroinnte iosta chun tacú le leictriú flíteanna.

Tá cosúlachtaí ag n gcur chuige le luchtú baile d'fheithiclí paisinéirí, rud a chuidigh le glacadh feithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann a luathú trí rochtain áisiúil agus iontaofa níos saoire ar luchtú a chur ar fáil. Mar aon le luchtú baile, áfach, ní bheidh rochtain ag roinnt mhaith oibreoirí HDVanna ar an rogha sin, agus beidh gá le réitigh mhalartacha a bheidh inrochtana ag an bpobal a bheith ar fáil taobh le taobh.

Tacaíocht do Luchtú Iosta: Scéim ZEHDV-I

Osclaíodh an Scéim Deontais um Bonneagar Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha (ZEHDV-I) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Deonaítear deontais ón Scéim chun cuidiú le cuideachtaí agus fiontair ar mian leo a gcuid pointí luchtaithe féin a shuiteáil agus éascaítear léi luchtú timpeall, ach gan bheith teoranta do sin, ar mhoil lóistíochta agus i nóid uirbeacha, i measc áiteanna eile. Tá Scéim Deontais ZEHDV-I maoinithe ag an Roinn Iompair

5.3.2 Luchtú ar an mBealach ar Ghréasán Bóithre Náisiúnta

Braitheann aistriú na hÉireann chuig iompar lastais astaíochtaí nialasach go mór ar fhorbairt bonneagair luchtaithe phoiblí cuimsitheach, ardchumhachta do HDVanna, go háirithe do HDVanna ceallra-leictreacha. Tá bonneagar luchtaithe ar an mbealach atá inrochtana ag an bpobal do HDVanna fós le forbairt, agus níl aon mhol luchtaithe tiomnaithe do HDVanna in Éirinn faoi láthair. Tá an baol ann mar gheall air sin
go gcuirfear moill ar dhícharbónú na hearnála lastais agus ar bhaint amach spriocanna náisiúnta foriomlána aeráide.

Is cumasóir ríthábhachtach iad moil luchtaithe atá suite go straitéiseach feadh príomhchonairí iompair agus cuirfidh siad ar chumas tiománaithe HDVanna a bhfeithicil a athluchtú i lár an bhealaigh. Beidh na moil sin riachtanach do naisc lastais idirnáisiúnta na hÉireann trí Ros Láir, Calafort Bhaile Átha Cliath, Bhéal Feirste agus príomhacomhail mhótarbhealaigh. Ba cheart go mbeadh na moil sin neodrach ó thaobh díoltóirí de agus inrochtana ag trucailí agus busanna leictreacha agus go hidéalach ba cheart go mbeadh saoráidí eile ag gabháil leo amhail seomraí folctha agus stadanna bia le go mbeidh tiománaithe ábalta a sos éigeantach a ghlacadh agus a bhfeithicil á luchtú acu. Tá ZEVI ag obair faoi láthair chun roghanna a mheas agus a chostáil maidir le himscaradh mol luchtaithe HDVanna atá comhlíontach le AFIR ar roinnt bealaí mótarbhealaigh in Éirinn.



Cás-Staidéir: *Luchtú ar an mBealach*

Comhfhionar Daimler/Traton/Volvo

Mol luchtaithe feadh conair iompair

Ar fud na hEorpa, táthar á léiriú le moil luchtaithe tiomnaithe HDVanna conas is féidir le bonneagar ardchumhachta cuidiú leis an aistriú chuig lastas astaíochtaí nialasacha a luathú. Is gnách go mbíonn na moil sin suite in aice le limistéir pháirceála trucailí atá ann cheana agus comhcheanglaítear iontu luchtú tapa le saoráidí slána scíthe dea-choinnithe do thiománaithe.

I measc na samplaí le déanaí tá sraith moil phoiblí HDVanna arna bhforbairt ag Milence, oibreoir príobháideach a bhunaigh monaróirí móra trucailí. Áirítear ar an imscaradh suntasach moil mhóra san Ísiltír, sa Fhrainc, agus i gCalafort Antwerp-Bruges, áit a dtacaíonn luchtairí CCS ardacmhainne (suas le 400kW in aghaidh na bá) le hagaí slánúcháin gasta d'oibreoirí fadaistir. Tá na moil lán-idir-inoibritheach, agus tá roinnt Soláthraithe Seirbhíse Soghluaisteachta leictreonaí comhtháite iontu agus tá na gnáth-tharaifí thart ar €0.40/kWh (mar shampla VAT).

Léirítear le gnéithe deartha coiteanna, amhail rochtain shlán, soilsiú agus CCTV, saoráidí sláintíochta, Wi-Fi, agus roghanna bunúsacha bia agus deochanna, conas is féidir an t-aga stoptha luchtaithe a ailíniú le sosanna tiománaithe riachtanacha tiománaithe.

Le pleananna foilsithe Milence chun 284 pointe luchtaithe a imscaradh i 71 suíomh i 10 dtír san Aontas faoi 2027, tugtar léargas úsáideach ar an dóigh a bhféadfadh líonraí luchtaithe HDVanna bunaithe ar chonairí forbairt ar fud na hEorpa.

Príomhthátal:

Beidh na moil bunaithe ar chonairí sin riachtanach do naisc lastais idirnáisiúnta na hÉireann trí Ros Láir, Calafort Bhaile Átha Cliath agus príomhacomhail mhótarbhealaigh.

Cás-Staidéir: *Luchtú ar an mBealach*

ABB E-Mobility and Man, an Ghearmáin

Taispeántas córais luchtaithe meigeavatanna ar thrucailí leictreacha

In 2024, léiríodh céim mhór i dtreo luchtú ardchumhachta do HDVanna trí thástáil chomhpháirteach a rinne ABB E-mobility agus MAN Truck & Bus. Le fréamhshamhail an Chórais Luchtaithe Meigeavatanna (MCS), soláthraíodh níos mó ná 700kW agus 1,000A do thrucail leictreach, arbh é sin an chéad chás poiblí inar luchtaíodh HDV ag an leibhéal cumhachta sin. Le linn na tástála in München, luchtaíodh an ceallra ó 10% go 80% i gceann thart ar 30 nóiméad, rud d'éascaigh raon breise 300-400km laistigh de shos caighdeánach tiománaithe.

Tá innealtóireacht á déanamh ar an gcaighdeán MCS atá ag teacht chun cinn chun tacú le hacmhainn luchtaithe suas le 3.75MW (3,000A) atá thar chumas luchtairí CCS an lae inniu, arb é 400kW a mbuaicphointe faoi láthair. Soláthraítear leis an taispeántas sin léargas luath ar an dóigh a laghdóidh luchtú ar scála meigeavatanna agaí stoptha agus a thacóidh sé le lastas fadaistir astaíochtaí nialasacha de réir mar a bhogann an teicneolaíocht i dtreo imscaradh tráchtála.

Príomhthátal:

Beidh MCS ríthábhachtach do bhealaí fadaistir agus ba cheart é a chomhtháthú i bpleanáil bonneagair luchtaithe amach anseo do chalafoirt agus do mhótarbhealaí na hÉireann.

Conas a Bhainfear Spriocanna Luchtaithe Phoiblí Feithiclí Leictreonacha Amach

Is dócha gurb iad gnólachtaí a bheidh sna chéad ghlacóirí, gnólachtaí a dhéanann turais a gcomhlíonfar a riachtanais luchtaithe trí luchtú iosta agus nach mbeidh orthu brath go mór ar bhonneagar luchtaithe phoiblí. Mar sin féin, beidh gá le bonneagar luchtaithe phoiblí tiomnaithe do HDVanna chun leictriú níos leithne a éascú do HDVanna.

Tá leictriú earnáil HDVanna na hÉireann ina dhúshlán suntasach agus ina dheis uathúil araon. In ainneoin na dtairbhí iomadúla, tá bacainní suntasacha ann maidir le leictriú na hearnála HDVanna amhail ardchostais tosaigh, bonneagar agus acmhainneacht eangaí theoranta, méadrachtaí úsáide neamhchinnte amach anseo agus costais leanúnacha oibriúcháin (OPEX). Ní tharlóidh leictriú as féin. Éilítear cur chuige córais iomláin leis lena n-ailínítear teicneolaíocht feithiclí, bonneagar luchtaithe, soláthar fuinnimh, rialáil agus ullmhacht an lucht saothair.

Cé nach bhfuil daonra idirthurais HDVanna in Éirinn, táthar ag súil mar sin féin go mbeidh inmharthanacht tráchtála luchtaithe phoiblí HDVanna chomh láidir agus is féidir leis a bheith ag moil ard-tréchuir ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta agus ar ghréasán TEN-T, i gcás ina bhféadfadh éileamh níos airde agus pointí bealaigh flít tacú le leibhéil úsáide láidre atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de.

Tréithe d'eacnamaíocht luchtaithe ardchumhachta HDVanna is ea infheistíocht shuntasach tosaigh in acmhainneacht eangaí, i dtrealamh leictreach lena n-áirítear luchtairí agus costais forbartha agus fála láithreán, le saolréanna fada sócmhainní agus ioncam a bhraitheann ar thréchur fuinnimh inbhuanaithe. Dá bhrí sin, beidh meánchostais iomlána arda in aghaidh an aonaid fuinnimh a sheachadfar agus tréimhsí aisíocaíochta níos faide mar thoradh ar úsáid íseal i gcéimeanna luatha fhorbairt an mhargaidh, rud a chuirfidh srian ar an inghlacthacht infheistíochta príobháidí.

I bhfianaise idirnáisiúnta, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le húsáid chun inmharthanacht tráchtála a fheabhsú. Léirítear in anailís a rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, má mhéadaítear ráta úsáide na luchtairí trucailí leictreacha ó thart ar 5% go 30%gur féidir meánchostais iomlána an bhonneagair in aghaidh na cileavatuaire a laghdú faoi thart ar 80% agus gur féidir an costas foriomlán breosla in aghaidh an chiliméadair i gcás HDVanna ceallra-leictreacha a laghdú faoina leath a bheag nó a mhór. [1]

Tacaíonn treo reatha an bheartais le haistriú i dtreo úsáid fheabhsaithe agus cinnteacht an éilimh, agus tá obair ar siúl chun creat a sholáthar le haghaidh rolladh amach comhordaithe le tacaíocht ón Rialtas. Mar sin féin, tá dúshláin struchtúracha ann fós, lena n-áirítear costais leictreachais réasúnta ard na hÉireann, rud a chuireann le praghsanna arda ar luchtú poiblí agus a d'fhéadfadh glacadh luath HDVanna leictreacha a mhaolú. Le himeacht ama, táthar ag súil, leis na spriocanna leictriúcháin atá ag méadú, go méadófar leibhéil úsáide, go bhfeabhsófar éifeachtúlacht costais, agus go laghdófar riosca infheistíochta, rud a thacóidh le comhtháthú luchtaithe phoiblí HDVanna i mbonneagar náisiúnta níos leithne na hÉireann agus i gcuspóirí dícharbónaithe lastais.

1 https://www.iea.org/reports/global-ev-outlook-2025/trends-in-heavy-duty-electric-vehicles

Tá na huaillmhianta straitéiseacha seo a leanas ag ZEVI don tréimhse 2026-28 don earnáil HDVanna,
a dhíríonn ar leictriú an fhlít:

- **Tacú le tionscnaimh faoi stiúir na hEarnála Príobháidí agus deontais** spriocdhírithe mar an tsamhail imscartha roghnaithe. Is le deontais spriocdhírithe a chuirtear an rolladh amach is tapúla agus an tsolúbthacht is mó ar fáil, agus maoirseacht phoiblí á coinneáil trí thairiscintí iomaíocha agus ceanglais feidhmíochta.
- **Rolladh amach céimnithe bonneagair luchtaithe phoiblí atá ailínithe le ceanglais AFIR a chur chun feidhme.**
- **Príomhtháscairí feidhmíochta conarthacha láidre a shainiú le haghaidh maoiniú deontais** (aga fónaimh ≥98%, seisiúin luchtaithe rathúla ≥95%, íosmhéid an sciar fuinnimh in-athnuaite, comhroinnt shoiléir sonraí, méadracht sástachta custaiméirí, srl) chun iontaofacht agus luach ar airgead don státchiste a chur chun cinn.
- **Comhordú náisiúnta a neartú** idir an Roinn Iompair, ZEVI, BIÉ, Fóntais, údaráis áitiúla, CPOnna agus oibreoirí HDVanna.
- **Nósanna imeachta maidir le ceadú agus ceangal leis an eangach a chuíchóirí** trí mhaoluithe breise pleanála agus trí amlínte ceangail soiléire agus ceanglais chaighdeánaithe a bhunú le ESB Networks agus EirGrid.
- **Oibriú le comhpháirtithe san earnáil phoiblí chun tacú le hullmhacht an lucht saothair** trí oiliúint spriocdhírithe do thiománaithe, do theicneoirí agus do bhainisteoirí flít, ag cinntiú go bhforbróidh
  Éire na scileanna chun an t-aistriú a choinneáil ar siúl. I dtaca leis sin, cabhraíonnn an Deontas Measúnaithe Flít Feithiclí Leictreacha,
  a seoladh go hoifigiúil i mí Iúil 2025, le gnólachtaí an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha a fhiosrú trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh measúnú neamhspleách ar an bhflít, rud a chaithfidh comhairleoir fuinnimh cáilithe a dhéanamh. Cuireann an measúnú athbhreithniú mionsonraithe ar fáil ar a fhlít reatha,
  lena n-áirítear míleáiste agus úsáid breosla, sainaithint bealaí agus feithiclí atá oiriúnach do leictriú agus treoir maidir le cineál agus scála an bhonneagair luchtaithe atá de dhíth. Tá an tacaíocht sin ar fáil d'fhiontair mhóra, bheaga agus
  mheánmhéide (FBManna) agus do chomhlachtaí leathstáit atá ag iarraidh a gcuid flíteanna feithiclí a dhícharbónú.
- **Fiontair a laghdaíonn astaíochtaí** iompair a dhreasú tuilleadh.

Cé go sainaithnítear leis na pointí thuas na céimeanna ríthábhachtacha chun tacú le leictriú na hearnála HDVanna, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ag an Rialtas maidir le himscaradh hidrigine agus roghanna breosla malartacha eile freisin, agus tá treoirthionscadal maidir le bonneagar athbhreoslaithe hidrigine á fhorbairt.



Caibidil 6 /

Éileamh ar an Líonra Leictreachais a Bhainistiú



6. Éileamh ar an Líonra Leictreachais a Bhainistiú

Tá éileamh leictreachais na hÉireann ag ardú faoi láthair, mar aon le hathrú ar phróifíl an éilimh leictreachais mar aon le haistriú suntasach i dtreo fuinneamh in-athnuaite inár gcóras. I measc na bpríomh-údar leis an méadú ar leictriú tá flít iompair ata á leictriú níos mó agus níos mó. De réir mar a leanann leictriú iompair ar aghaidh, cuirfear níos mó brú ar eangach leictreachais na hÉireann. Le bainistíocht chliste ar an éileamh sin ó leictriú, cuirtear deis ar fáil chun laghdú suntasach a dhéanamh ar an ualach breise ar an líonra a laghdú.

Mar thoradh ar an éileamh méadaithe, d'fhéadfadh sé a bheith deacair ceangail eangaí a fháil do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha in am agus i dtráth, go háirithe le haghaidh soláthar bonneagair luchtaithe ardchumhachta i gcás go mbíonn na hualaí níos airde de ghnáth. Tá dúshláin shuntasacha ag baint leis an aistriú sin sa lódphróifíl do líonraí giniúna, tarchurtha agus dáileacháin

Chun custaiméirí a spreagadh luchtú ag amanna a thacaíonn le cobhsaíocht an líonra agus a éascaíonn an t-éileamh atá ag méadú ar fheithiclí leictreacha, d'fhéadfaí samhlacha praghsála nuálacha, dinimiciúla a thabhairt isteach a spreagann luchtú le linn tréimhsí íseal-éilimh (m.sh., thar oíche) agus a dhíspreagann luchtú le linn tréimhsí ard-éilimh, nuair a bhíonn an eangach faoi strus. Ag féachaint chun cinn, le luchtú déthreoch beidh tiománaithe feithiclí leictreacha ábalta fuinneamh breise a stóráil agus é a dhíol ar ais leis an eangach le linn buaicthréimhsí. Leis an gcur chuige sin, déanfar úsáid na heangaí a bharrfheabhsú, laghdófar brú agus scaoilfear sruthanna luacha nua do thomhaltóirí agus do CPOnna.

Tá creat comhtháite agus réamhbhreathnaitheach á fhorbairt ag Éirinn chun tacú le glacadh feithiclí leictreacha, luchtú cliste agus comhtháthú eangaí. Tá ZEVI, SEAI, CRF, EirGrid agus ESB Networks ag comhordú tríd an Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh chun taraifí, tairiscintí ceangail agus infheistíochtaí teicniúla amhail fostáisiúin agus rialuithe cliste a ailíniú. A bhuí le hailíniú straitéiseach i bpleananna náisiúnta, rialacháin an Aontais agus nuálaíocht theicneolaíoch, tá feithiclí leictreacha ina mbunchloch d'aistriú na hÉireann chuig córas fuinnimh ísealcharbóin, solúbtha.

6.1 Éileamh ar Fhuinneamh Feithiclí Leictreacha go dtí 2030/2035

Le Straitéis um Leictriú Téimh agus Iompair (2021) ESB Networks [2]agus a Straitéis maidir le Gréasáin le haghaidh
Glan-Nialasachta (2023)[3], neartaítear ról na bhfeithiclí leictreacha maidir le húsáid breoslaí iontaise agus astaíochtaí a laghdú. Réamh-mheastar leis na straitéisí sin go dtiocfaidh méadú 53% ar an éileamh ar leictreachas faoi 2030 agus ardú 228% faoi 2050, rud a éilíonn infheistíocht leanúnach de bhreis agus €1 bhilliún ar bhonn bliantúil i mbonneagar eangaí. Tacaíonn Ráiteas Acmhainne (2022-2032) EirGrid leis na réamh-mheastacháin sin, agus béim á cur ar acmhainneacht theicneolaíocht na luchtairí feithiclí leictreacha chun tionchar ar an eangach a laghdú agus laghdú 8%
ar an mbuaic-éileamh trí sheirbhísí solúbtha á thuar.

2 https://esbnetworksprdsastd01.blob.core.windows.net/media/docs/default-source/publications/electrification-strategy-of-heat-and-transport-pdf-927-kb.pdf?sfvrsn=fe8f6867_1

3 https://www.esbnetworks.ie/docs/default-source/publications/networks-for-net-zero-strategy-summary.pdf

Bliain	2025	2026	2027	2028	2029	2030
Líon na BEVanna (000)	205	300	400	500	600	700
Éileamh Fuinnimh Measta* (GWh)	1,280	1,875	2,500	3,125	3,750	4,375

*Glactar le LDV amháin le meánmhéid ceallraí 60kWh á luchtú go hiomlán dhá uair sa tseachtain.

Tábla 9. Feithiclí Leictreacha agus an tÉileamh ar Fhuinneamh Gaolmhar

6.2 Infheistíocht Líonraí ESB

Mar fhreagairt do cheangail eangaí moillithe, rinne ESB Networks, i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF), soláthar a reáchtáil nó a léiriú le haghaidh solúbthacht éilimh mheántréimhse chun cuidiú le brú tráchta a mhaolú agus an gá le neartú daingean líonra a laghdú i roinnt ceantar. Idir an dá linn, tá imscaradh stórála ceallraí ag luathú mar gheall ar easpa acmhainne eangaí a bheith ar fáil, rud a mhéadaíonn meastachán agus agaí tionscanta ceangail ina dhiaidh sin.

Is é Athbhreithniú Praghsanna 6 (PR6) an creat rialála cúig bliana (2026-2030) trína ndéanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) infheistíocht in eangach leictreachais na hÉireann agus sa bhonneagar gaolmhar a mheas agus a cheadú. Clúdaítear sa phróiseas sin tograí ó ESB Networks agus EirGrid chun a chinntiú gur féidir leis an líonra freastal ar éilimh fuinnimh amach anseo agus tacú le cuspóirí náisiúnta dícharbónaithe. Tá PR6 ina bhunchloch maidir le líonra luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann a mhéadú.

Leis an gcinneadh deiridh ó CRF, éascaíodh infheistíocht bhonnlíne €13.8 billiún do ESBN agus EirGrid agus éascaítear leis an gcinneadh deiridh freisin go méadófar an infheistíocht sin go dtí thart ar €18.9 billiún le linn PR6, má bhíonn údar maith le maoiniú breise chun freastal ar riachtanais chórais atá ag teacht chun cinn a rachaidh chun tairbhe do gach tomhaltóir. Leis an bpacáiste PR6, éascófar ceangal suas le milliún feithicil leictreach faoi 2030, mar aon le 680,000 teaschaidéal agus 4.4GW de ghiniúint in-athnuaite. Éilítear leis sin:

- An acmhainn eangaí a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun tacú le moil luchtaithe ardchumhachta
- Fostáisiúin a uasghrádú agus os cionn 300km de chéblaí faoi thalamh agus 1,000km de línte lastuas a shuiteáil
- Teicneolaíochtaí eangaí cliste a chur chun feidhme chun an t-éileamh solúbtha ó luchtú feithiclí leictreacha a bhainistiú
- Comhordú le Plean um Líonra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta ZEVI agus straitéisí réigiúnacha lena chinntiú go n-imscarfar luchtairí sna háiteanna is mó a bhfuil éileamh.

Beidh ról lárnach ag ESB Networks maidir le luchtú feithiclí leictreacha a chomhtháthú i bpleanáil na heangaí, rud a chinntíonn athléimneacht agus idir-inoibritheacht ar fud an líonra. Tacaíonn an t-ailíniú sin le spriocanna CAP na hÉireann agus le ceanglais AFIR maidir le bonneagar luchtaithe inrochtana agus iontaofa.

Tá ESB Networks i gceannas ar roinnt treoirthionscadal freisin chun suiteáil bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha a luathú. Is é an chéad cheann díobh sin an réiteach teicniúil a reáchtáil ar bhonn píolótach chun go méadófar an teorainn ualaigh Ísealvoltais (LV) ó 200 – 300kVA. Le treoirthionscadal rathúil, beifear ábalta luchtú ardchumhachta a nascadh ag LV den chéad uair agus laghdófar an t-am agus na costais a bhaineann le ceangal Meánvoltais (10 & 20,000V) araon. Tá an treoirthionscadal sin á reáchtáil i gcomhar le trí CPO i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae. Táthar ag tástáil an réitigh theicniúil leis an dara treoirthionscadal chun go méadófar an teorainn ceangail reatha iomlán ó 50kVA go 69kVA. Má éiríonn leis, cuideoidh an treoirthionscadal sin go mór le ceangal luchtaithe sráide SA.

6.3 Luchtú Cliste

Le luchtú cliste, is féidir le feithiclí leictreacha freagairt do phraghsanna leictreachais, comharthaí am an lae agus stádas na gceallraí, rud a chuidíonn leis an éileamh a aistriú go tréimhsí seachbhuaice. Le teicneolaíochtaí luchtaithe déthreocha, Ó Fheithicil go hEangach (V2G), Ó Fheithicil go Teach (V2H) agus Ó Fheithicil go Luchtú (V2L), is féidir le feithiclí leictreacha fuinneamh a scaoileadh chuig an eangach, chuig tithe nó chuig fearais ar choinníoll go bhfuil bonneagar comhoiriúnach i bhfeidhm. Feabhsaítear an tsolúbthacht tuilleadh freisin le Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS) agus sásraí freagartha éilimh.

Tá tuilleadh taighde ar siúl maidir le luchtú déthreoch, chun tionchar an luchtaithe dhéthreoch ar cheallraí feithiclí leictreacha a shainaithint. Cuirfear bonn eolais leis an taighde faoi phleanáil le haghaidh forbairt agus dearadh bonneagair feithiclí leictreacha.

Mar a pléadh i gCaibidil 5, tá leictriú HDVanna ina dhúshlán mór d'Éirinn. D'fhéadfadh ceallraí móra agus patrúin úsáide intuartha HDVanna iad a dhéanamh oiriúnach d'fheidhmeanna V2G, go háirithe nuair a chuirtear le luchtú cliste agus stóráil fuinnimh iad.

Trí ligean d'fheithiclí leictreacha feidhmiú mar stóráil fuinnimh dáileacháin, cobhsaíonn an tionscadal an eangach agus roghanna iompair inbhuanaithe agus inacmhainne á gcur ar fáil do chónaitheoirí.

Trí V2G a threisiú, ní hamháin go bhfuil Utrecht ag laghdú astaíochtaí ach tá sé ag cruthú plean freisin do chathracha atá ag féachaint le cothromaíocht a fháil idir comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus riachtanais soghluaisteachta uirbí.

Cás-Staidéar: *V2G*

Utrecht Fuinnimhithe

Tá an Ísiltír ina ceannaire domhanda maidir le fuinneamh gréine agus gaoithe a imscaradh. Cé gur luathaíodh an t-aistriú chuig cumhacht ghlan lena gcuid iarrachtaí, thug siad dúshláin shuntasacha isteach maidir le bainistíocht na heangaí freisin. Gintear buaicphointí arda i soláthar le foinsí fuinnimh in-athnuaite, rud a éilíonn córais ar féidir leo oiriúnú go tapa do luaineacht i nginiúint agus in ídiú.

I mí na Samhna 2024, sheol Cathair Utrecht an chéad seirbhís chomhroinnte carranna lánfheidhmiúil le cuidiú V2G san Eoraip. Comhoibriú idir Renault Group, MyWheels agus We Drive Solar is ea an tionscnamh ceannródaíoch sin, rud a chruthaíonn éiceachóras uathúil lena gcomhcheanglaítear soghluaisteacht inbhuanaithe le cobhsaíocht eangaí fuinnimh. Leis an tionscnamh V2G sin téitear i ngleic le dúshláin fuinnimh in-athnuaite trí luchtú déthreoch a ionchorprú i gcóras soghluaisteachta leictreachais comhroinnte. Is féidir feithiclí fuinneamh gréine breise a stóráil agus cumhacht a thabhairt ar ais chuig an eangach le linn tréimhsí ard-éilimh dá bharr.

Tionchar agus Nuálaíocht

Léirítear leis an tionscnamh sin an dóigh a bhféadfadh méadú teacht ar shoghluaisteacht leictreach chomhroinnte agus ag an am céanna cur le hathléimneacht an chórais fuinnimh.

Caighdeáin Rialála agus Theicniúla maidir le Luchtú Cliste

Leagtar síos in AFIR caighdeáin theicniúla éigeantacha chun go gcinnteofar idir-inoibritheacht, inrochtaineacht agus féachaint chuige go seasfaidh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha an aimsir. Is riachtanas ríthábhachtach é glacadh ISO 15118 agus ISO 15118-20. Tá na caighdeáin sin mar bhonn faoi fheidhmeanna tábhachtacha amhail fíordheimhniú Plugáil agus Luchtú, luchtú cliste, comhtháthú V2G agus sreabhadh cumhachta déthreoch.

Amchlár Comhlíontachta:

- Ó shamhradh 2025 ar aghaidh, ní mór do gach luchtaire poiblí nua tacú le ISO 15118-1 go ISO 15118-5.
- Ó mhí Eanáir 2027, ní mór do gach pointe luchtaithe phoiblí nua agus athchóirithe agus do gach pointe luchtaithe príobháideach nua tacú le ISO 15118-20. Beidh ar phointí luchtaithe poiblí a thairgeann seirbhísí plugáil-agus-luchtaigh nó seirbhísí uathoibrithe comhchosúla tacú le ISO 15118-2 agus ISO 15118-20 araon freisin.

Le Plean Gníomhaíochta Mótarfheithiclí an Choimisiúin Eorpaigh (Márta 2025), neartaítear na cuspóirí sin trí luchtú cliste agus déthreoch a chur chun cinn, tacú le struchtúir phraghsála córa agus fáil réidh le cánachas dúbailte ar fhuinneamh stóráilte. Tugtar isteach leis freisin pleananna le haghaidh cód líonra ar fhreagairt d'éileamh agus tacaíonn sé leis na trreoirthionscadail a V2G trí bhoscaí gainimh rialála.

Faoin EPBD (an Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), leagtar amach ceanglais maidir le suiteáil pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh a bhfuil athchóirithe móra á ndéanamh orthu, chomh maith le i bhfoirgnimh neamhchónaithe atá ann cheana. Ní mór do na Ballstáit a chinntiú go bhfuiltear ábalta luchtú cliste agus, más cuí, luchtú déthreoch, a dhéanamh ag pointí athluchtaithe atá suiteáilte i bhfoirgnimh nua, i bhfoirgnimh ann cheana féin agus i bhfoirgnimh athchóirithe.

Tá na bearta sin ag teacht go maith le straitéisí leictriúcháin agus iompair na hÉireann, rud a chuireann feithiclí leictreacha chun cinn mar rannpháirtithe gníomhacha i solúbthacht na heangaí agus i ndícharbónú. Trí chaighdeáin maidir le luchtú cliste agus cumas V2G a leabú i bpleanáil bonneagair, is féidir le hÉirinn úsáid as an eangach a bharrfheabhsú, brúnna buaicéilimh a laghdú agus an t-aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin a luathú.

6.3.1 Ag Breathnú Chun Cinn

Ag breathnú chun cinn, déanfar tuilleadh nuashonruithe ar chlár luchtairí an SEAI ó thús na bliana 2027 chun luchtairí a chomhlíonann ISO 15118-20 a chur san áireamh ann. Bíonn cumas V2G níos fearr ag na luchtairí sin den chuid is mó. Agus luchtú déthreoch ag éirí níos coitianta, beidh ar an gclár cineálacha gléasanna comhoiriúnacha a aicmiú, íosriachtanais theicniúla a leagan amach, agus dearbhú a thabhairt go gcomhlíonann na luchtairí liostaithe caighdeáin sábháilteachta agus idir-inoibritheachta.

6.4 Cineálacha Bonneagair Luchtaithe agus Comhtháthú Eangaí

Cuimsítear i straitéis luchtaithe feithiclí leictreacha na hÉireann meascán éagsúil de réitigh luchtaithe, agus buntáistí agus impleachtaí ar leith ag baint le gach ceann acu don eangach leictreachais.

Faoi láthair, luchtaíonn thart ar 80% de thiománaithe feithiclí leictreacha in Éirinn a gcuid feithiclí leictreacha sa bhaile den chuid is mó.
Astú sin, luchtaíonn thart ar 80% a bhfeithicil leictreach thar oíche den chuid is mó. Le luchtú baile, cuirtear solúbthacht uaireanta seachbhuaice agus acmhainneacht V2G amach anseo ar fáil, ach tá an réiteach luchtaithe sin teoranta dóibh siúd a bhfuil a bpáirceáil eas-sráide féin acu. Le luchtú thar oíche, cuirtear acmhainneacht shuntasach ar fháil chun giniúint gaoithe thar oíche a úsáid, tréimhse nuair is ísle a bhíonn an t-éileamh foriomlán ar leictreachas de ghnáth.

Is féidir le luchtú san ionad oibre tacú leis an eangach leictreachais freisin toisc go n-ailíníonn sé le fuinneamh in-athnuaite i rith an lae, go n-ailíníonn sé le buaic na gréine, agus go dtacaíonn sé le bainistíocht éilimh.

Le luchtú ar an mbealach, éascaítear luchtú níos tapúla atá oiriúnach go háirithe do thaisteal fad-achair. Éilítear leis sin pleanáil chúramach maidir leis an eangach mar gheall ar an éileamh ardchumhachta a bhaineann leis.

6.4.1 Luchtú Cónaithe

Is é luchtú cónaithe an modh luchtaithe is coitianta agus is cost-éifeachtúla fós, agus is gnách go ndéantar thar oíche le linn uaireanta seachbhuacie é. Le Deontas Luchtaire Baile agus Deontas Luchtaire Árasán ZEVI, dreasaítear suiteálacha luchtaithe cliste, cuma bhfuil an chuid is mó de na córais reatha réidh do V2G/V2H go fóill. Beidh gá le nuashonruithe amach anseo ar Chlár SEAI agus ar scéimeanna deontais teacht leis an tábhacht le teicneolaíochtaí V2G atá ag méadú.

Cás-Staidéar

Tionscadal Leictriúcháin, Daingean Uí Chúis de chuid ESB Networks

Sampla suntasach de sholúbthacht intíre is ea Tionscadal Leictriúcháin Daingean Uí Chúisde chuid ESB Networks, treoirthionscadal trí bliana a bhfuil 35 rannpháirtí páirteach ann. Léiríodh leis an tionscadal freagairt rathúil don éileamh, agus feithiclí leictreacha ag scaoileadh fuinnimh isteach sa eangach laistigh de nóiméad amháin ó chomhartha. Luchtaigh formhór na rannpháirtithe thar oíche, ag ailíniú le taraifí ar chostas íseal agus le déine ísealcharbóin, rud a léiríonn an cumas atá ann maidir le solúbthacht feithiclí leictreacha ar leibhéal an phobail.

6.4.2 Luchtú san Ionad Oibre

Is féidir le luchtú san ionad oibre ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le tacú le fostaithe nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile, agus iad ag cur le heangach leictreachais níos athléimní ag an am céanna. Trí luchtú a aistriú go tréimhsí seachbhuaice agus trí chomhtháthú le giniúint in-athnuaite, cuidíonn luchtú san ionad oibre le borradh éilimh a mhaolú agus brú ar an eangach a laghdú. Chomh maith leis sin, toisc go n-úsáideann luchtú san ionad oibre rátaí luchtaithe níos moille i rith an lae de ghnáth, ailíníonn sé go maith le tréimhsí ardghiniúna gréine agus is féidir é a chur le stóráil ceallraí ar an láthair. Le scéimeanna amhail an Liúntas Caipitil Luathaithe (ACA), is féidir le gnólachtaí faoiseamh cánach a éileamh ar fheithiclí leictreacha agus ar threalamh luchtaithe atá cláraithe le SEAI, rud a fhágann go bhfuil luchtú san ionad oibre ina infheistíocht tharraingteach.

Le comhlíonadh ISO 15118, éascófar sceidealú cliste agus sreafaí fuinnimh déthreocha ag láithreacha ionad oibre, rud a chuirfidh ar chumas gnólachtaí luchtú feithiclí leictreacha a chomhtháthú i stóráil gréine agus ceallraí ar an láthair. A bhuí leis sin, tacaítear le solúbthacht thaobh an éilimh, laghdaítear strus ar an eangach le linn buaicuaireanta, agus cruthaítear deiseanna ioncaim trí sheirbhísí eangaí. Leis na ceanglais EPBD maidir le luchtairí feithiclí leictreacha in ionaid oibre ina bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála, tugtar deis do ghnólachtaí páirt a ghlacadh in V2G freisin.

6.4.3 Luchtú Cinn Scríbe

Is éard atá i luchtú cinn scríbe de ghnáth, ná agaí stoptha gairide go meánfhaid agus limistéir pháirceála a bhféadfadh roinnt pointí luchtaithe a bheith ag teastáil iontu. Is féidir éileamh suntasach a chruthú ar an eangach leictreachais de bharr braislí luchtairí, go háirithe toisc go bhféadfadh lóid shuntasacha lae a bheith ar na láithreáin sin cheana féin; murab ionann agus luchtú baile is féidir le luchtú cinn scríbe tarlú ag an am céanna le buaicphointí tráchtála déanach sa tráthnóna.

Cé go gcuirtear teorainn le deiseanna le haghaidh aistriú ualaigh leathnaithe nó luchtú déthreoch le hagaí stoptha níos gaire, is féidir luchtú cinn scríbe a bhainistiú fós chun tionchar ar an eangach a laghdú. Mura ndéantar é sin a bhainistiú, is féidir le luchtú a bheith ina chúis le buaicéileamh comhtheagmhasach ard ag láithreáin agus ar fhothairí áitiúla ESB Networks, rud a d'fhéadfadh uasghráduithe costasacha ar an líonra a bheith mar thoradh air. Cuidíonn straitéisí luchtaithe chliste (amhail comhroinnt ualaigh dhinimiciúil nó amanna tosaithe agaithe) le buaicéileamh a laghdú gan cur isteach ar eispéireas an úsáideora. Fiú le hagaí stoptha teoranta, is féidir éagsúlacht nádúrtha i bpatrúin teachta agus i staid luchta a threisiú chun strus ar an eangach a íoslaghdú.

6.4.4 Luchtú ar an mBealach

Tá luchtú ardchumhachta ar an mbealach ina chomhpháirt ríthábhachtach de Straitéis Bonneagair Feithiclí Leictreacha na hÉireann, ag éascú luchtú ardchumhachta feadh mótarbhealaí agus bóithre náisiúnta chun tacú le taisteal fad-achair agus HDVanna.

Cé go bhfuil luchtú ardchumhachta riachtanach maidir le háisiúlacht, táirgiúlacht agus muinín as raon, cuirtear dúshláin i láthair leis maidir le solúbthacht na heangaí i gcomparáid le luchtú níos moille, bainistithe i dtithe nó in ionaid oibre. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach i


líonraí tarchurtha agus dáileacháin chun freastal ar an ard-éileamh meandrach a bhaineann le moil luchtaithe ar an mbealach. Bíonn naisc ilmheigeavatanna de dhíth ag na láithreáin sin go minic, rud a d'fhéadfadh brú mór a chur ar an acmhainneacht eangaí áitiúil agus gá a bheith le hoibreacha athneartaithe mar gheall air, go háirithe i gceantair thuaithe nó i gceantair atá cóngarach do mhótarbhealaí. Bhí ESB Networks ag súil leis an infheistíocht sin ina thogra PR6 chuig an CRF agus cuireann ZEVI fáilte roimh chinneadh an CRF ina leith sin

Beidh ar mhoil luchtaithe ardchumhachta feithiclí leictreacha ISO 15118-20 a ionchorprú freisin chun V2G agus bainistíocht ualaigh dhinimiciúil a éascú. Cé go bhfuil dúshláin ag baint leis na láithreáin sin mar gheall ar an éileamh comhchruinnithe, is féidir le prótacail luchtaithe chliste agus réitigh stórála cuidiú le tionchar ar an eangach a mhaolú agus athléimneacht a fheabhsú.

6.5 Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS)

Ceallraí móra ina staid is ea Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS) ina stóráiltear leictreachas agus óna scaoiltear é nuair is gá. I bhfeidhmeanna luchtaithe phoiblí feithiclí leictreacha, is gnách gurb iad CPOnna a shuiteálann BESSanna agus bíonn siad comhlonnaithe ag moil níos mó nó i gceantair ina bhfuil an acmhainneacht eangaí srianta. Feidhmíonn BESS mar mhaolán idir an eangach leictreachais agus luchtairí feithiclí leictreacha, trí fhuinneamh ón eangach a ionsú nuair a bhíonn sé saor/flúirseach, trína chomhlánú le cumhacht in-athnuaite nuair atá sé ar fáil, agus leictreachas a scaoileadh ag amanna níos gnóthaí nuair a bhíonn níos mó tiománaithe ag luchtú. Le BESS, laghdaítear strus ar an eangach le linn buaicthréimhsí na heangaí agus éascaítear leo luchtú ardchumhachta i gcás ina bhfuil an acmhainneacht eangaí atá ar fáil níos ísle ná mar is gá.

Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le BESS i luchtú feithiclí leictreacha is ea buaicscamhadh. Éilítear le luchtairí ardchumhachta méideanna móra cumhachta, rud a d'fhéadfadh costais mhóra ceangail a éileamh agus moill a chur ar an gceangal tosaigh leis an eangach. Is féidir le BESS fuinneamh a stóráil agus é a sheachadadh le linn buaicthréimhsí luchtaithe, agus soláthraíonn an eangach leibhéal leanúnach níos ísle cumhachta. Leis sin, coinnítear próifíl an éilimh leictreachais níos réidhe agus teastaíonn Uasacmhainn Iompórtála (MIC) níos ísle uaidh, rud a sheachnaíonn luchtú acmhainne níos airde ón oibreoir córais dáileacháin (OCD).



Fíor 22. BESS le haghaidh Luchtú Feithiclí Leictreacha

Is féidir le BESS iontaofacht an bhonneagair luchtaithe a fheabhsú freisin. Le linn bristeacha eangaí nó luaineachtaí cumhachta, le BESS, is féidir luchtairí a choinneáil ag rith nó cumhacht a laghdú in ionad iad a dhúnadh go hiomlán. Agus glacadh feithiclí leictreacha ag méadú, is féidir le CPOnna an acmhainn luchtaithe a mhéadú trí níos mó stórála a chur ar fáil seachas ceangail eangaí níos mó a iarraidh agus a choimisiúnú. Is féidir le BESS páirt a ghlacadh i scéimeanna freagartha don éileamh freisin, rud a chuireann sruth ioncaim breise ar fáil do CPOnna.

Aithníonn ZEVI an tábhacht a bhaineann le BESS chun líonra náisiúnta luchtaithe feithiclí leictreacha a imscaradh agus tá siad ag obair faoi láthair le ESB Networks agus páirtithe leasmhara eile chun imscaradh níos leithne den teicneolaíocht sin a reáchtáil ar bhonn píolótach ag dhá shuíomh. Leanfaidh ZEVI leis an teicneolaíocht sin a chur chun cinn agus a mhaoiniú go gníomhach le linn thréimhse na straitéise seo.

6.6 Treoirscéimeanna Solúbtha maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha a Dhearadh

Chun comhtháthú feithiclí leictreacha i gcóras fuinnimh na hÉireann a luathú agus cuspóirí dícharbónaithe náisiúnta a chur chun cinn, tá cur chun feidhme treoirscéimeanna solúbtha ina thosaíocht straitéiseach. Forbrófar na treoirscéimeanna sin i gcomhar le ESB Networks agus ionchorpraítear iontu príomhtheicneolaíochtaí amhail stóráil ceallraí, micrighiniúint, bainistíocht fuinnimh chliste agus luchtú déthreoch. Trí na cumais sin a leabú i dtimpeallachtaí luchtaithe sa saol seo, beifear ábalta diantástáil a dhéanamh ar fheithiclí leictreacha mar shócmhainní fuinnimh dhinimiciúil, rud a sholáthróidh léargas ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi phleanáil agus beartas bonneagair amach anseo.

D'fhéadfaí go gclúdófaí i dtreoirscéimeanna réimse cásanna úsáide chun teacht le riachtanais éagsúla luchtaithe na hÉireann. Le treoirscéimeanna luchtaithe san ionad oibre, is féidir úsáid fuinnimh le linn uaireanta seachbhuaice agus comhtháthú gréine a iniúchadh, agus le treoirscéimeanna baile, is féidir ról na gcóras fuinnimh chliste tí agus feidhmiúlacht V2H/V2G a mheas. Le treoirscéimeanna ilúsáide (ina gcomhcheanglaítear suíomhanna miondíola, cónaithe agus oibre), is féidir bonneagar comhroinnte agus uasmhéadú fuinnimh i measc cineálacha úsáideoirí a mheas. Le treoirscéimeanna maidir le luchtú cinn scríbe, is féidir samhlacha ilúsáideoirí faoi chumhacht foinsí in-athnuaite a thástáil, agus le treoirscéimeanna maidir le hiostaí HDVanna, is féidir an acmhainneacht atá ann maidir le solúbthacht flíteanna ar scála mór agus luchtú thar oíche a scrúdú.

Tacóidh bailiú agus anailís sonraí láidir le gach treoirscéim chun inscálaitheacht, feidhmíocht agus iompar úsáideoirí a mheasúnú. Le léargas ó na treoirscéimeanna sin, cuirfear bonn eolais faoi phleanáil bonneagair agus forbairt beartais amach anseo, agus cuirfear bonn eolais faoi dhearadh scéimeanna deontais amach anseo. Trí sholúbthacht a leabú i ndearadh na treoirsceimeanna ón tús, is féidir le hÉirinn a chinntiú go mbeidh a bonneagar náisiúnta luchtaithe feithiclí leictreacha athléimneach, go seasfaidh sé an aimsire agus go mbeidh sé ailínithe le haistriú níos leithne an chórais fuinnimh. De réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht, déanfar athruithe ar scéimeanna maoinithe agus deontais chun imscaradh stórála ceallraí agus úsáid solúbthachtaí a spreagadh agus tacú leis sin.

Cás-Staidéar: *Grian agus Ceallraí*

Mol Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an Taoibh Thiar, Gaillimh

Is cur chuige ceannródaíoch i leith soghluaisteacht inbhuanaithe é Mol Luchtaithe feithiclí leictreacha an Taoibh Thiar, lena gcomhtháthaítear fuinnimh in-athnuaite agus ardréitigh stórála. Baineann an mol leas as cumhacht na gréine trí chóras fótavoltach (PV) 53kW atá suiteáilte in Ionad Pobail an Taoibh Thiar in aice láimhe.

Stóráiltear an fuinneamh ginte i gCóras Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS) 150kWh, a sholáthraíonn bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha an charrchlóis in aice láimhe. Chun seirbhís gan bhriseadh a chinntiú le linn buaicéilimh nó tréimhsí de ghiniúint íseal gréine, baineann an córas leas as acmhainn bhreise ó shaoráid club dornálaíochta in aice láimhe.

Cuireann an mol luchtú atá inrochtana don phobal ar fáil trí dé-luchtairí tapa SD (suas le 150kW) agus dé-luchtairí SA. Forbraíodh an réiteach mar fhreagairt do riachtanais chónaithe áitiúla, agus tugann sé aghaidh ar an dúshlán atá roimh theaghlaigh nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile. Idir 18:00 agus 08:00, tugtar tús áite do luchtairí SA do chónaitheoirí cathrach nach bhfuil roghanna luchtaithe baile acu. Le chois sin, baineann tiománaithe tacsaí tairbhe as rátaí luchtaithe SD ar lascaine, rud a thacaíonn leis an aistriú chuig flít tacsaithe níos glaise.

Dearadh an córas le haghaidh inscálaitheachta agus idir-inoibritheachta, agus is féidir leis freastal ar mhéaduithe ar an éileamh amach anseo. Leis an dearadh modúlach, éascaítear leathnú an chumais luchtaithe SA, giniúint ghréine, comhtháthú foinsí in-athnuaite breise agus méadú ar an gcumas stórála ceallraí, rud a éascaíonn imscaradh bonneagair ina bhfuil an acmhainn níos airde agus an luchtú níos tapúla de réir mar is gá.

Beidh léargas ón treoirscéim ina threoir d'údaráis áitiúla maidir le réitigh nuálacha luchtaithe feithiclí leictreacha a chur chun feidhme, go háirithe i gceantair ina bhféadfadh srian a chur le himscaradh luchtaithe ardluais mar gheall ar shrianta ar an acmhainneacht eangaí. Ina theannta sin, léirítear leis an scéim conas is féidir le húdaráis taraifí laghdaithe ar luchtú a chur ar fáil do chónaitheoirí agus inbhuanaitheacht airgeadais á coinneáil ar bun.



Caibidil 7 /

Bonneagar a Sheachadadh



7. Bonneagar a Sheachadadh

Tá an soláthar meántéarmach maidir le bonneagar luchtaithe phoiblí feithiclí leictreacha (2026–2028) ríthábhachtach chun móiminteam glactha feithiclí leictreacha a choinneáil ar bun. Beidh tionchar ag caighdeáin atá ag forbairt maidir le scéimeanna atá tacaithe ag an Rialtas ar an seachadadh, mar aon le hionstraimí maoinithe atá beartaithe. Díreofar na tacaíochtaí sin ar bhearnaí a sainaithníodh i margadh an bhonneagair feithiclí leictreacha agus tabharfaidh siad aghaidh orthu, agus luathófar an t-imscaradh leo. Is é is cuspóir foriomlán don tréimhse mhéadaithe sin de sheachadadh bonneagair coinneáil chun tosaigh ar an éileamh pleanáilte agus leanúint ag tacú le glacadh feithiclí leictreacha atá ag méadú agus glacóirí ionchasacha feithiclí leictreacha a chur ar a suaimhneas trí infhaighteacht bonneagair luchtaithe phoiblí.

Leagfar amach sa chaibidil seo an riachtanas maidir le bonneagar luchtaithe phoiblí feithiclí leictreacha sa mheántéarma (2026-28). Déantar iniúchadh inti ar chaighdeáin atá ag forbairt a bheidh i bhfeidhm maidir le scéimeanna atá tacaithe ag an Rialtas, soláthraítear inti nuashonrú ar thacaíochtaí atá ann cheana agus leagtar amach inti gníomhaíochtaí pleanáilte an Rialtais agus ionstraimí maoiniúcháin. Chun leanúint le tacaíocht a thabhairt don aistriú chuig feithiclí leictreacha, tá maoiniú leithdháilte do ZEVI faoi na codanna maidir le Gréasáin Bóithre agus Sábháilteacht ar Bhóithre sa Phlean Infheistíochta Earnála Iompair, Samhain 2025, a mhéadóidh go suntasach gach bliain thar na 5 bliana atá amach romhainn i gcomhréir leis na riachtanais infheistíochta mhéadaithe le haghaidh bonneagar luchtaithe. Chun tacú le feidhmiú céimneach na scéimeanna bonneagair a fógraíodh in 2025, tá méadú 20% ar mhaoiniú leithdháilte in 2026 ina mbeidh méadú 16% le haghaidh 2027.

Díreofar na tacaíochtaí sin ar bhearnaí a sainaithníodh i margadh an bhonneagair feithiclí leictreacha agus tabharfaidh siad aghaidh orthu. Is é is cuspóir foriomlán don tréimhse mhéadaithe sin de sheachadadh bonneagair coinneáil chun tosaigh ar an éileamh pleanáilte agus leanúint ag tacú le glacadh feithiclí leictreacha atá ag méadú. Comhaontófar leithdháiltí beachta maoinithe do ghníomhaíochtaí ZEVI ar bhonn bliantúil mar chuid den phróiseas Meastachán. Mar sin féin, déantar foráil sa Phlean Earnála Iompair maidir le méadú suntasach ar an maoiniú caipitil chun tacú le seachadadh an chláir infheistíochta uaillmhianaigh a leagtar amach sa straitéis seo.

Is é an uaillmhian sa straitéis seo leanúint le líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais agus riachtanais luchtaithe úsáideoirí feithiclí leictreacha agus a choinneoidh chun tosaigh orthu, rud a thabharfaidh aghaidh ar na bearnaí a sainaithníodh ó seoladh an straitéis roimhe seo 2022-2025.

Faoi threoir bunphrionsabail na straitéise agus tuiscint láidir ar riachtanais úsáideoirí,bunaítear seachadadh bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha ar roinnt tuiscintí tábhachtacha. Ar

an gcéad dul síos, níl aon réiteach luchtaithe amháin ann a oireann do gach úsáideoir feithicle leictrí. Braithfidh tiománaithe ar chineálacha éagsúla pointí luchtaithe ag brath ar a gcúinsí pearsanta agus ar riachtanais a dturais. Is é an rud tábhachtach meascán leordhóthanach de roghanna luchtaithe a sholáthar ionas gur féidir le gach úsáideoir a bhfeithicil a luchtú ar bhealach áisiúil, éifeachtúil agus cost-éifeachtúil.

Bonn lárnach den straitéis seo is ea úsáid a bhaint as pearsanra úsáideora mionsonraithe, lena mbunaítear cinnteoireacht ar thuiscint shoiléir ar fhíor-iompraíochtaí, ar fhíordhearcthaí agus ar fhíor-riachtanais luchtaithe. Tríd an léargas sin a leabú sa straitéis, cinntítear leis an gcur chuige go ndéanfar caighdeáin, tacaíochtaí rialtais agus ionstraimí maoiniúcháin a dhearadh timpeall ar fhíor-riachtanais úsáideoirí. Tá agus beidh an cur chuige úsáideoirlárnach sin ríthábhachtach maidir le forbairt caighdeán agus soláthar tacaíochtaí agus ionstraimí maoiniúcháin an Rialtais mar chuid den straitéis seo.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí fócais maidir le seachadadh bonneagair thar an tréimhse 2026–2028:

- **Luchtú Baile**
  Beidh luchtú baile ina phríomh-mhodh luchtaithe i gcónaí d'fhormhór úsáideoirí feithiclí leictreacha in Éirinn. Leanfaidh ZEVI le tus áite a thabhairt do shuiteáil luchtairí cliste baile agus forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí V2G a spreagadh más féidir. Leathnófar an straitéis seo freisin, más féidir, chun bonneagar cóngarach a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar pháirceáil eas-sráide.
- **Luchtú comharsanachta**
  Is minic a theastaíonn luchtú comharsanachta ó dhaoine nach bhfuil rochtain thiomnaithe acu ar pháirceáil eas-sráide. Tá ZEVI ag obair le gach údarás áitiúil ar fud na hÉireann chun réitigh luchtaithe áitiúla agus comharsanachta a sholáthar d'úinéirí feithiclí leictreacha nach bhfuil rochtain acu ar pháirceáil eas-sráide. Ceist bheartais eile is ea conas luchtú poiblí feithiclí leictreacha thar oíche a dhéanamh cost-éifeachtúil dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtaire baile.
- **Luchtú ar an mBealach**
  Is éard atá i gceist le luchtú ar an mbealach ná pointí luchtaithe ardchumhachta a sholáthar ag suíomhanna straitéiseacha ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Soláthraítear luchtú ar an mbealach i moil ina bhfuil luchtóirí iomadúla suite in aon suíomh amháin de ghnáth. Le luchtú ar an mbealach, soláthraítear na luasanna luchtaithe is tapúla atá ar fáil agus is féidir luchtú iomlán a chríochnú faoi cheann 30-40 nóiméad.
- **Luchtú cinn scríbe**
  Is gnách go mbíonn luchtú cinn scríbe le fáil in áiteanna amhail páirceanna miondíola, ionaid siopadóireachta, óstáin agus láithreacha turasóireachta. Is gnách go suiteálann úinéirí i gcomhar le CPOnna iad sin chun bealach áisiúil agus inrochtana a chur ar d'aíonna agus do chustaiméirí lena bhfeithiclí leictreacha a luchtú agus leas a bhaint as saoráidí an chinn scríbe.
- **Luchtú HDVanna**
  Déanfaidh ZEVI agus BIÉ bearta chun bonneagar luchtaithe phoiblí HDVanna a sholáthar agus a imscaradh.

7.1 Rochtain agus Úsáid Chothrom a Fheabhsú

Tá sé ríthábhachtach go gcinnteofar rochtain chothrom ar luchtú feithiclí leictreacha más mian le hÉirinn aistriú cóir agus cuimsitheach chuig iompar leictreach a bhaint amach. Dá réir sin, is riachtanas bunúsach í an inrochtaineacht i gcás gach bonneagair a chuirtear ar fáil faoin straitéis sin. Gan idirghabhálacha beartaithe, tá baol ann go bhféadfaí tairbhí an leictrithe a dháileadh go míchothrom. Ó foilsíodh an straitéis roimhe seo, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar eispéireas luchtaithe an úsáideora do chách.

Leis na Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch (UDG), a foilsíodh in 2024, soláthraítear creat náisiúnta chun bonneagar luchtaithe ionchuimsitheach soláimhsithe a sheachadadh agus treorófar dearadh bonneagair luchtaithe a bheidh maoinithe go poiblí amach anseo. Oibreoidh ZEVI le DPROnna agus le páirtithe leasmhara eile a bhaineann leis an inrochtaineacht lena chinntiú go n-athróidh na Treoirlínte maidir le UDGanna de réir riachtanais úsáideoirí agus na ndea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá comhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch éigeantach i gcás gach bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha atá maoinithe go poiblí agus léireofar é sin i dtéarmaí na scéime, i gceanglais chonarthacha agus i monatóireacht iarshuiteála.



Fíor 23. Dearadh Uilíoch

Tá roinnt dúshlán ann fós maidir le rochtain chothrom, dúshláin a thagann faoi dhá réimse fhorluiteacha den chuid is mó: rochtain gheografach agus éagothroime ioncaim agus tithíochta. Téann an éagothroime sin i gcion go háirithe ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh nach bhfuil rochtain acu ar dheiseanna luchtaithe phríobháidigh.

Ní leor na tacaíochtaí aonfhoirmeacha do dhaoine nach bhfuil páirceáil phríobháideach acu. Braitheann na daoine sin ar luchtairí comhroinnte nó poiblí, nach mbíonn ar fáil go minic agus atá níos costasaí ná luchtú baile. Is lú an seans go mbeidh cabhsaí príobháideacha ag tithe uirbeacha i gcomparáid le tithe tuaithe. Is mó seans go mbeidh cíosaithe i gceantair uirbeacha: faigheann duine as gach ceathrar teaghlach i gceantair uirbeacha a dtithe ar cíos.[4] Bíonn bacainní roimh an dá chineál teaghlaigh sin maidir le luchtú príobháideach baile a shuiteáil, bíodh sé mar gheall ar bhacainní rialála nó ar dhúshláin riaracháin.

Maidir le teaghlaigh ar ioncam íseal, bíonn an spleáchas ar luchtú poiblí níos casta fós mar gheall ar rochtain theoranta ar rátaí inacmhainne, toisc nach gcuireann soláthraithe tráchtála na taraifí níos ísle le linn uaireanta seachbhuaice atá ar fáil d'úsáideoirí baile ar fáil go minic. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar thrédhearcacht praghsanna ag pointí luchtaithe phoiblí agus ar roghanna íocaíochta ad hoc de réir cheanglais AFIR, mar a leagtar amach i gCaibidil a hAon, ní thugtar aghaidh leis sin ar an tsainceist bhunúsach maidir le hinacmhainneacht. Maidir le húsáideoirí nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile níos saoire, amhail cíosaithe, cónaitheoirí árasán agus daoine nach bhfuil páirceáil eas-sráide acu, d'fhéadfadh costais luchtaithe i bhfad níos airde a bheith mar thoradh ar spleáchas ar bhonneagar poiblí. Cruthaítear leis sin ualach costais míchothrom a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go díréireach ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus lena gcruthaítear an baol go méadófaí neamhionannas atá ann cheana san iompar agus i rochtain ar fhuinneamh. Cuireann ZEVI fáilte roimh bhearta chun an iomaíocht a mhéadú sa mhargadh luchtaithe feithiclí leictreacha agus déanfaidh sé measúnú ar thionchar threoirscéim na n-údarás áitiúil lena soláthraítear luchtú oíche ar chostas níos ísle do chónaitheoirí, d'fhonn a mheas an bhféadfaí scéimeanna den sórt sin a imscaradh ar bhonn níos leithne.

Is é príomhchur chuige an Rialtais maidir le hinacmhainneacht a chur chun cinn d'úsáideoirí feithiclí leictreacha an raon feidhme a leathnú do dhaoine chun luchtú baile nó gar-luchtú baile a úsáid mar rogha réamhshocraithe agus iomaíocht a spreagadh sa mhargadh CPOnna. Déanfaidh ZEVI athbhreithniú rialála ar earnáil an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar conas monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh CPOnna maidir le AFIR agus ceanglais eile. Beidh praghsáil i dtaca le hinacmhainneacht go háirithe d'úsáideoirí fadtéarmacha an bhonneagair phoiblí san oíche, trédhearcacht praghsála, inrochtaineacht agus inúsáidteacht san áireamh i raon feidhme an athbhreithnithe sin.

31 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-urli/urbanandrurallifeinireland2019/housing/

7.2 Rialacháin agus Reachtaíocht a mbeidh tionchar acu ar Sholáthar Bonneagair

7.2.1 Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Leis an EPBD, a thrasuífear i ndlí na hÉireann in 2027, beidh ar fhoirgnimh nua agus athchóirithe pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, réamh-chablú, duchtáil, córais bhainistíochta ualaí agus páirceáil rothar a shuiteáil, rud a chuirfidh feabhas suntasach ar ullmhacht an bhonneagair i bhfoirgnimh neamhchónaithe phríobháideacha agus phoiblí. Trí ailíniú le AFIR agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cinnteofar le hAirteagal 14 den EPBD go soláthrófar réitigh luchtaithe feithiclí leictreacha go forleathan, rud a spreagfaidh imscaradh pointí athluchtaithe phoiblí agus phríobháideacha agus a thacóidh le haistriú na hÉireann chuig iompar glan.

7.2.2 Luchtú Traschosáin

Mar a pléadh, luchtaíonn formhór thiománaithe feithiclí leictreacha na hÉireann a gcuid feithiclí sa bhaile den chuid is mó. Mar sin féin, tá líon suntasach úinéirí maoine agus/nó cíosaithe ann nach bhfuil an rogha acu luchtú sa bhaile mar gheall ar easpa cabhsa nó dearadh lochtán a maoine. Dá bhrí sin, braitheann na tiománaithe feithiclí leictreacha sin ar luchtú poiblí san ionad oibre nó ar luchtú sráide mar a bpríomh-mhodh chun a gcuid feithiclí leictreacha a luchtú.

Cé go bhfuil difríocht mhór sna taraifí luchtaithe a ghearrann CPOnna, is gnách go mbíonn an costas as feithicil leictreach a luchtú sa bhaile 3-4 huaire níos saoire ná an líonra poiblí a úsáid. Cuireann go leor soláthraithe leictreachais taraifí luchtaithe thar oíche an-iomaíoch ar fáil anois, chomh híseal le 8-9c/kWh. I gcomparáid leis sin, is gnách go mbíonn gnáth-tharaif poiblí SA idir 40-55c/kWh. Déantar laghdú suntasach leis sin ar an mbuntáiste eacnamaíoch a bhaineann le húinéireacht feithicle leictrí dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtú baile.

Tá líon atá ag méadú de réitigh theicniúla ar fáil agus suiteáilte i ndlínsí eile a chuireann ar chumas tiománaithe nach bhfuil cabhsa acu luchtú sa bhaile. Is gléas de chineál cainéil atá i bhformhór na réiteach atá suiteáilte i gcosán nó i bpábháil agus is féidir cábla luchtaithe a shuiteáil go sábháilte trasna cosáin agus an fheithicil leictreacha á luchtú. Ní dhéantar an cineál sin 'luchtaithe traschosáin' a rialáil in Éirinn faoi láthair, agus níl aon chórais i bhfeidhm chun toiliú ná cead a thabhairt ina leith.

Is rud ábhartha é sin freisin i gcomhthéacs thionchar an tsuímh is fearr do luchtairí poiblí sráide feithiclí leictreacha ag CPOnna toisc go gceanglaítear leis na rialacháin reatha go mbeidh an luchtaire feithiclí leictreacha agus an colún méadraithe ESBN suite taobh le taobh. Is féidir leis sin bac a chur ar shuíomh cuí an luchtaire, ar oibriú agus ar ghníomhaíochtaí cothabhála amach anseo agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh socrú fo-optamach troscáin sráide a bheith mar thoradh air sin.

I ndiaidh comhairliúchán fairsing leis an tionscal in 2023, chinn an rialtas go gceadófar luchtú traschosáin amach anseo in áiteanna ina bhfuil siad, i measc nithe eile, mar réiteach chun luchtú sráide feithiclí leictreacha a cheadú. Beidh sé sin ina chéim shuntasach agus dhearfach do thomhaltóirí feithiclí leictreacha agus tá sé beartaithe creat a sholáthar trína bhféadfar réitigh

theicniúla a chur chun feidhme, lena gcuirfear chumas tiománaithe feithiclí leictreacha, nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar luchtú baile, déanamh amhlaidh agus leas a bhaint as taraifí leictreachais tí níos saoire – go háirithe agus nuair a bheidh siad ag luchtú thar oíche.

Chun an ráiteas beartais ardleibhéil sin a chur i bhfeidhm, tá plé ar bun idir an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an Roinn Iompair lena chinntiú go dtacaíonn an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Línte Díreacha) 2026 leis an bprionsabal a bhaineann le luchtú traschosáin feithiclí leictreacha. Beidh gá freisin le rialacháin tacaíochta a shainmhíniú agus a ghlacadh chun caighdeáin agus próisis maidir le toiliú agus ceadú le haghaidh luchtú traschosáin (lena n-áirítear i gcomhthéacs reachtaíocht a bhaineann le hoscailt bóithre agus pleanáil).

Aithníonn ZEVI na tairbhí iomadúla a bheidh ag an tionscnamh sin don tionscal, a thionchar féideartha ar phleananna do luchtú comharsanachta i roinnt ceantar agus thar aon ní eile na tairbhí do thiománaithe feithiclí leictreacha nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar luchtú baile. Leanfaidh ZEVI ag obair leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear RAFC, CRF, údaráis áitiúla, SEAI agus ESB Networks, chun é a chur chun cinn agus a chur chun feidhme mar thosaíocht i gcéimeanna luatha thréimhse na straitéise seo.

Bunaíodh grúpa oibre cheana agus beidh ZEVI ina chathaoirleach air chun oibriú leis na páirtithe leasmhara uile chun réitigh luchtaithe traschosáin a rialáil agus chun próiseas ceadúnaithe agus seachadta cuíchóirithe a thabhairt isteach chun an bonneagar sin a shuiteáil. Cé go bhfuil reachtaíocht á forbairt, comhoibreoidh ZEVI le SEAI agus le húdaráis áitiúla chun teimpléad nós imeachta a sholáthar chun tacú leis an mbeart sin, trí dheontas feabhsaithe do luchtairí baile.

7.2.3 Ceadanna

Tá údaráis áitiúla, i gcomhréir leis an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2024, freagrach as ceadanna a dheonú i gcomhair tionscadail forbartha, lena n-áirítear bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha seachas in áiteanna a bhfuil siad díolmhaithe ar bhealach eile. Nuair a theastaíonn cead pleanála, is gnách go mbaineann an próiseas iarratais le pleananna mionsonraithe á gcur isteach, measúnuithe comhshaoil dhéanamh agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Trí na ceadanna agus na ceaduithe riachtanacha a fháil, is féidir le páirtithe leasmhara a chinntiú go bhfuil an próiseas roghnúcháin suímh do bhonneagar feithiclí leictreacha i gcomhréir leis an dlí, freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus ailínithe le rialacháin phleanála áitiúla.

Faoi na hachtanna agus na rialacháin um pleanáil agus forbartha, féadfar stáisiúin luchtaithe áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid cead pleanála a fháil. [I.R. 215/2021]. Ba cheart na díolúintí sin a bhreithniú i gcomhthéacs na dtionchar ar an gcomhshaol, ar limistéir chaomhnaithe agus ar oidhreacht chultúir agus ar an timpeallacht thógtha. Féadfaidh díolúintí a bheith i bhfeidhm maidir leis na míreanna thíos ar an gcoinníoll go ndéanann conraitheoir leictreach cláraithe an tógáil nó an t-oiriúnú leictreach sin de réir bhrí alt 9D den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23 de 1999). Clúdaítear leis na díolúintí sin dhá phríomhchatagóir:
pointí luchtaithe aonair agus moil luchtaithe.

- Maidir le pointí luchtaithe aonair, ní fhéadfaidh an struchtúr a bheith níos mó ná 0.75 méadar ciúbach os cionn na talún nuair atá sé suite ar bhóthar poiblí, ná 3.6 méadar ciúbach in áiteanna eile agus ceadaítear oiriúnuithe ar chuaillí soilsithe sráide nó meaisíní íocaíochta páirceála le haghaidh dé-úsáide freisin.
- Féadfaidh suas le ceithre phointe luchtaithe agus fostáisiún amháin a bheith i moil luchtaithe, ar an gcoinníoll go mbeidh siad suite i saoráidí páirceála atá ann cheana agus atá comhlíontach agus go mbeidh siad 500 méadar ar a laghad ó mhol eile.

Ní bhaineann na díolúintí sin, áfach, le struchtúir atá faoi chosaint, le limistéir chaomhnaithe, ná le suiteálacha níos mó amhail bonneagar luchtaithe mótarbhealaí agus débhealaí, saoráidí luchtaithe HDVanna, agus, i gcásanna áirithe, comhthiomsuithe luchtaithe níos lú, a d'fhéadfadh a bheith ina dtáirgí cosáin chriticiúla do thionscadail áirithe.

Tá ZEVI ag obair go gníomhach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hionchur ó pháirtithe leasmhara sa tionscal, chun an tsraith díolúintí pleanála is infheidhme maidir le suiteáil bonneagair luchtaithe agus bonneagair leictrigh ghaolmhair a fhorbairt agus a leathnú.

7.2.4 Athbhreithniú Rialála

Cuirfidh an Roinn Iompair tús le hathbhreithniú ar na struchtúir rialála maidir le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha in 2027. Tá an t-athbhreithniú sin riachtanach toisc go bhfuil na freagrachtaí rialála bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha in Éirinn roinnte idir roinnt comhlachtaí ar leith faoi láthair. Déanfar scrúdú san athbhreithniú ar fheidhmíocht chreataí beartais na hÉireann i réimsí éagsúla lena chinntiú go bhfuil seans réadúil ag Éirinn a hoibleagáidí ceangailteacha a chomhlíonadh. Díreofar san athbhreithniú rialála ar fhorfheidhmiú cheanglais AFIR a bhaineann le inoibritheacht íocaíochtaí (lena n-áirítear infhaighteacht íocaíochtaí gan tadhall, rochtain ad hoc agus trédhearcacht praghsála) agus le faisnéis faoi infhaighteacht fíor-ama. Cinnteoidh sé sin gur féidir le húsáideoirí bealaí a phleanáil go héasca agus rochtain a fháil ar sheirbhísí luchtaithe gan gá le feidhmchláir ná le conarthaí iomadúla. Áireofar ar na réimsí fócais san athbhreithniú:

- Praghsáil lena n-áirítear comhlíonadh AFIR maidir le nochtadh
- Inrochtaineacht – soláthar bonneagair a chomhlíonann UDGanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach le hEagraíochtaí Ionadaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Sonraí - Ceanglais sonraí oscailte agus sonraí oibríochtúla
- Comhtháthú V2G agus ullmhacht ina leith
- Freagrachtaí i Ranna, gníomhaireachtaí éagsúla etc.
- Maoirseacht rialála
- Iontaofacht agus méadrachtaí aga fónaimh líonra

7.3 Scéimeanna maidir le Bonneagar Luchtaithe

Áirítear le gach scéim maidir le bonneagar luchtaithe a fhaigheann maoiniú poiblí ceanglais chonarthacha feidhmíochta, a dearadh chun ardchaighdeáin iontaofachta agus eispéireas úsáideora a chinntiú. Féadfaidh oibleagáidí maidir le sonraí a roinnt agus ceanglais a bhaineann le UDGanna srl. a bheith san áireamh iontu sin. Tá na PTFanna sin ríthábhachtach chun luach ar airgead a chinntiú don Státchiste, chun muinín úsáideoirí a chothú agus chun creat feidhmíochta soiléir a sholáthar do CPOnna a oibríonn bonneagar atá maoinithe go poiblí.

7.3.1 Scéimeanna atá á Soláthar


Mar a tugadh chun suntais i gCaibidil 4, tá a n-iarratais dúnta ag na scéimeanna seo a leanas (más infheidhme) agus tá tús curtha acu le suiteáil bonneagair luchtaithe: Scéim Clubanna Spóirt an Oileáin Chomhroinnte, scéimeanna LDV ar an mbealach (LDV1, 2 agus 3), scéim Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Scéim Ceann Scríbe Chathair agus Chontae Luimnigh agus treoirscéimeanna na nÚdarás Áitiúil. Soláthrófar leis na scéimeanna sin an líon is mó riamh de bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha ar an mbealach, cinn scríbe agus comharsanachta ar fud na hÉireann faoi dheireadh 2026.

7.3.2 Scéimeanna Oscailte d'Iarratais

Tá na scéimeanna seo a leanas oscailte d'iarratais faoi láthair.

Deontas do Luchtairí Baile Feithiclí Leictreacha

Bunaíodh an Deontas do Luchtairí Baile Feithiclí Leictreacha in 2018 agus riarann an SEAI é, agus is scéim tacaíochta atá maoinithe ag an rialtas í a chuidíonn le cónaitheoirí agus úinéirí tí pointe luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil ar a maoin. Soláthraítear leis an scéim deontais dar luach suas le €300 chun luchtaire baile a cheannach agus a shuiteáil. Tá an deontas ar fáil do gach úinéir tí, bíodh feithicil leictreach acu nó ná bíodh. Ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith, ní bhaineann an Deontas do Luchtairí Baile Feithiclí Leictreacha ach le luchtairí cliste. Nuair a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn córais é, is féidir le luchtú cliste freastal ar threá níos mó de ghiniúint in-athnuaite trí chumas V2G a éascú, coigilteas costais a sholáthar d'úsáideoirí feithiclí leictreacha agus éifeachtúlachtaí a uasmhéadú ar fud an líonra dáileacháin leictreachais. Ó cuireadh tús leis an scéim sin in 2018, bronnadh breis agus 80,000 deontas le haghaidh suiteálacha tí.



Fíor 24. Suiteálacha luchtaire baile a fhaigheann tacaíocht ón deontas luchtairí baile, go bliantúil

Scéim Deontais do Luchtú Árasán

Tacaíonn an Scéim Deontais do Luchtú Árasán, atá á reáchtáil ag SEAI thar ceann ZEVI, le suiteáil bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha in árasáin agus i bhforbairtí il-aonad nach bhfuil páirceáil phríobháideach eas-sráide ag cónaitheoirí iontu. Caithfidh 2 aonad ar a laghad, saoráidí comhroinnte agus páirceáil chomhroinnte nó phríobháideach nach bhfuil laistigh de theorainneacha maoine aonair a bheith sna forbairtí. I gcás nach bhfuil aon chóras nó líonra luchtaithe feithiclí leictreacha ann cheana sa charrchlós, féadfaidh an chuideachta bainistíochta iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh costais bhonneagair agus pointí luchtaithe incháilithe.

I measc na n-iarratasóirí incháilithe tá cuideachtaí bainistíochta úinéirí, údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus tiarnaí talún nó forbróirí forbairtí il-aonad. Ag brath ar an gcineál iarratasóra, is féidir le tacaíocht deontais céatadán níos airde de chostais incháilithe a chlúdach (e.g. suas le 90% d'údaráis áitiúla nó do chomhlachtaí tithíochta, 80% do chuideachtaí bainistíochta úinéirí agus 60% do chuideachtaí bainistíochta “tóg le ligean”). Tá deontais suas le €100,000 ar fáil le haghaidh forbairtí, faoi réir uasteorann de €5,000 in aghaidh an tí chónaithe nó €100,000 – cibé acu is ísle.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag ZEVI agus SEAI ar an scéim sin faoi láthair agus go háirithe a hailíniú leis an Treoir EPBD. Nuair a chríochnófar an t-athbhreithniú sin, dúnfar an scéim d’iarratasóirí nua in 2026 agus seolfar an scéim arís in 2027.

Scéim Deontais le haghaidh Bonneagar Athluchtaithe ZEHDV

Cuidíonn an scéim um Fheithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha (ZEHDV) le cuideachtaí agus fiontair lena bhflíteanna a aistriú go flít astaíochtaí nialasacha. Síneadh ar an scéim ceannaigh feithiclí is ea an scéim sin, atá leathnaithe chun bonneagar luchtaithe a mhaoiniú freisin. Cuidíonn sé sin leis an mbacainn airgeadais a laghdú do chuideachtaí lastais agus lóistíochta maidir le HDVanna astaíochtaí nialasacha a ghlacadh trí chur leis an difríocht sa chostas idir trucail díosail agus a choibhéis leictreach agus an costas as bonneagar luchtaithe a shuiteáil araon.

Tá dhá leagan den scéim ann: an Scéim Deontais um Fheithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha - Bonneagar (ZEHDV-I) agus an Scéim Deontais um Fheithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha - Bonneagar Calafort (ZEHDV-IP). Maoiníonn an scéim ZEHDV-IP bonneagar atá inrochtana ag an bpobal i gcalafoirt intíre agus muirí agus ní féidir leis an Iarratasóir é a úsáid d'úsáid phríobháideach amháin. Maoiníonn an scéim ZEHDV-I bonneagar ag suíomhanna nach cuid de na calafoirt sin iad; is féidir leis an Iarratasóir na luchtairí sin a úsáid d'úsáid phríobháideach amháin agus/nó iad a chur ar fáil don phobal.

Braitheann an leibhéal beacht maoinithe ar thosca amhail méid an fhiontair agus an bhfuil an bonneagar i limistéar faoi mhíbhuntáiste (rud a d'fhéadfadh déine an chúnaimh a mhéadú).

Deontas um Measúnú Flíteanna Feithiclí Leictreacha

Tá suas le €8,000 á thairiscint ag SEAI do chuideachtaí ar mian leo a bhflíteanna a dhícharbónú. Le measúnú flíteanna feithiclí leictreacha SEAI, soláthrófar measúnóir seanbhunaithe don eagraíocht a scrúdóidh a bhflít reatha agus a chuideoidh le conair chuig leictriú flít a shainaithint. Féachfaidh an measúnóir ar fheithiclí leictreacha agus an bonneagar luchtaithe atá riachtanach chun tacú leo. Cuimsítear sa mheasúnú:

- Athbhreithniú ar an bhflít reatha, a mhíleáiste agus a ídiú breosla
- Moltaí maidir leis na bealaí/feithiclí atá oiriúnach chun críocha leictrithe
- Plean luchtaithe chun tacú leis na hathruithe atá beartaithe
- Cén bonneagair luchtaithe is gá

Scéimeanna um Maoiniú Bonneagair Amach Anseo

Leanfaidh ZEVI ag tacú le scéimeanna bonneagair ar fud na tíre de réir mar a athraíonn imscaradh bonneagair i dtreo réiteach faoi stiúir an éilimh. Úsáidfear sonraí ón athbhreithniú meántéarmach mar aon le sonraí fóntais sa leathnú leanúnach chun bonn eolais a chur faoin úsáid is fearr as cistí poiblí. Leanfaidh ZEVI ag obair le páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair luchtaithe i suíomhanna turasóireachta agus i suíomhanna cinn scríbe eile agus chun measúnú a dhéanamh an dteastaíonn tuilleadh tacaíochtaí. Oibreoidh ZEVI go dlúth le BIÉ agus le páirtithe leasmhara an tionscail freisin chun scéim luchtaithe phoiblí HDVanna a chur chun feidhme chun úsáid luathchéime HDVanna a spreagadh agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le bonneagair luchtaithe HDVanna amach anseo.

Treoróidh ZEVI an grúpa oibre chun réitigh inoibrithe, cost-éifeachtúla a dhearadh agus a chur chun feidhme chun bonneagar luchtaithe traschosáin sráide a éascú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla. Soláthrófar coigilteas costais agus leibhéil áisiúlachta níos airde leis sin dóibh siúd nach bhfuil ábalta rochtain a fháil ar an gcineál sin luchtaithe faoi láthair.

Ag críochphointe na straitéise seo in 2028, is é ár bhfís go mbeidh an tírdhreach luchtaithe feithiclí leictreacha do thiománaithe LDVanna agus HDVanna i bhfad níos fairsinge ná mar atá sé faoi láthair, le leibhéil níos airde inrochtaineachta agus trédhearcachta níos mó i maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil d'úsáideoirí. Beidh sraith níos cuimsithí de roghanna luchtaithe ar fáil do thiománaithe feithiclí leictreacha in Éirinn ar fud na tíre ná mar a bhí riamh. Freastalóidh an bonneagar luchtaithe ar an líon atá ag méadú d'fheithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann, idir LDVanna agus HDVanna araon, agus beidh sé deartha d'aon ghnó chun freastal ar chásanna úsáide éagsúla, rud a sholáthróidh eispéireas úsáideora a bheidh níos iontaofa agus ar chaighdeán níos airde.

7.4 Forfheidhmiú AFIR

Mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise sin, neartóidh ZEVI agus an Roinn Iompair an mhaoirseacht agus an forfheidhmiú maidir le ceanglais AFIR a bhaineann le:

- Infhaighteacht íocaíochtaí gan tadhall agus íocaíochtaí ad-hoc ag stáisiúin luchtaithe phoiblí;
- Praghsáil thrédhearcach a bheidh ar taispeáint go soiléir ag an bpointe úsáide;
- Idir-inoibritheacht na gcóras íocaíochta chun an spleáchas ar fheidhmchláir nó ar shíntiúis iomadúla a íoslaghdú.
- Sonraí dinimiciúla neas-fhíorama, a roinnt maidir le hinfhaighteacht luchtaire, stádas, cineál an nascóra agus aschur cumhachta trí chainéil sonraí oscailte;
- Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) conarthacha le haghaidh bonneagar luchtaithe a fhaigheann maoiniú poiblí, lena n-áirítear aga fónaimh íosta, seisiúin luchtaithe rathúla, comhroinnt sonraí agus méadrachtaí sástachta custaiméirí;
- Monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh na gceanglas sin maidir le CPO, trí oifig sonraí BIÉ agus tríd an athbhreithniú rialála.

Cuirfear na bearta sin chun cinn trí na próisis a bhaineann leis an bplean cur chun feidhme agus leis an athbhreithniú rialála, d'fhonn eispéireas luchtaithe atá comhsheasmhach agus éasca le húsáid a chinntiú ar fud an ghréasáin náisiúnta.

7.5 Rioscaí agus Spleáchais

Beidh sé thar a bheith dúshlánach Straitéis Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (go háirithe spriocanna bonneagair AFIR) a sheachadadh sa tréimhse sin agus beidh aistriú ar chórais agus ar phróisis atá ann cheana de dhíth. Tá rioscaí gaolmhara ann a mbeidh ar ZEVI agus ar phríomhpháirtithe leasmhara iad a bhainistiú agus a mhaolú chun go bhféadfar an straitéis a chur i gcrích. Léirítear i dTábla 10 thíos forbhreathnú ar rioscaí ardleibhéil agus ar spleáchas. Bainisteofar iad sin mar chuid den Phlean Cur Chun Feidhme ina ndéanfar grinn-anailís ar riosca agus ar spleáchas.

Cur Síos ar an Riosca	Maoluithe	Páirtithe Leasmhara
Infhaighteacht eangaí/cumhachta • Srianta acmhainneachta áitiúla MV/HV ag moil ar an mbealach, páirceanna miondíola agus criosanna dearga a chuireann moilleanna ar cheangail • D'fhéadfadh muirir líonra (muirir cheangail agus leanúnacha) atá ag méadú an bonn a bhaint d'inmharthanacht tráchtála	• Infheistíocht níos mó i neartú eangaí le linn thréimhse PR6 • Rannpháirtíocht luath le ESBN maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil • Imscaradh níos mó de luchtaithe cliste, bainistíocht éilimh agus praghsáil d'uaireanta seachbhuaice agus taraifí dinimiciúla chun ualach a aistriú	ZEVI ESBN BIÉ CRF Eirgrid
Pleanáil agus Ceadanna • Seachadadh áitiúil mall nó míchothrom; leagan amach bá, comharthaíocht agus inrochtaineacht neamhréireach • Ilroinnt idir údaráis bóithre, fóntais agus CPOnna	• Rannpháirtíocht luath le pleanálaithe • Maoluithe pleanála athbhreithnithe a dhíríonn ar bhonneagar feithiclí leictreacha in 2027	ZEVI BIÉ
Bearnaí sa chlúdach líonra (árasáin, sráid nó tuaithe) • Níl cabhsa ag thart ar aon trian de theaghlaigh • Bíonn fadhbanna ag úinéirí árasáin a bhaineann le méadrú, cáblú agus bainistíocht úinéirí • Inmharthanacht tráchtála láithreán tuaithe agus bailte beaga	• Deontas do Luchtú Árasán SEAI • Maoiniú a dhíriú ar luchtairí tuaithe agus bailte beaga a imscaradh trí phleananna seachadta na n-údarás áitiúil. • Ionchur do nósanna imeachta atá le teacht maidir le luchtú tras-chosáin • Deontas nua dreasachta do luchtairí baile a fhorbairt chun tacú le luchtú trascholbha i gcúinsí sainithe	ZEVI SEAI CPOnna

Cur Síos ar an Riosca	Maoluithe	Páirtithe Leasmhara
Eacnamaíocht & muinín infheisteoirí • Riosca éilimh ó ghlacadh míchothrom feithiclí leictreach • Íogaireacht i leith praghsanna mórdhíola agus muirir rialáilte	• Tacaíocht ón státchiste (m.sh. deontais ZEVI) a chumasc le caiteachas caipitil príobháideach • Deontais de réir a chéile do mhoil luatha; úsáid níos mó as an bhflít a spreagadh chun an t-éileamh a dhaingniú	ZEVI BIÉ CPOnna
Iontaofacht agus Idir-inoibritheacht • Muinín tiománaithe laghdaithe de bharr luchtairí briste nó gnóthacha, aipeanna neamh-chomhoiriúnacha, agus mearbhall maidir le praghsáil • Sean-luchtairí gan cumas íocaíochta ad hoc nó cárta	• Comhlíonadh iomlán cheanglais AFIR an Aontais maidir le teicneolaíocht íocaíochta, fánaíocht agus trédhearcacht a chinntiú • Praghsáil thrédhearcach, fánaíocht oscailte agus íocaíocht gan tadhall ar láithreáin nua • Aga fónaimh ard a choinneáil – PTFanna i dtionscadail mhaoinithe • Stádas fíor-ama ar DXP a fhoilsiú • Córas comhlíontachta a bhreithniú mar chuid d'athbhreithniú rialála ar sholáthar bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha	ZEVI BIÉ
Eispéireas an úsáideora, inrochtaineacht agus forfheidhmiú • Droch-inrochtaineacht d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, treochomharthaíocht neamhréireach	• A chinntiú gcloíonn scéimeanna atá maoinithe ag an státchiste le treoirlínte náisiúnta maidir le leaganacha amach inrochtana, taispeántais phraghsála shoiléire, agus íocaíocht gan tadhall (de réir AFIR) • Rialacha AFIR an Aontais i bhfeidhm (ón 13 Aibreán 2024) maidir le clúdach, íocaíocht, fánaíocht agus trédhearcacht	ZEVI
Cibearshlándáil • Le luchtairí líonra, bíonn oibreoirí neamhchosanta ar rioscaí íocaíochta agus córais rialaithe	• Cinntiú go dtugtar cosaint don bhonneagar ar chibearionsaí	CPOnna

Tábla 10. Rioscaí agus Maoluithe i soláthair na Straitéise Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha

Aguisín A /

Riachtanais Úsáideoirí



Anna Abbott



An Cíosaí Árasáin *Páirceáil Chomhroinnte*

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
27	Cathair na Gaillimhe	Singil, gan pháistí	Meánach

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sí?

Gach lá, ag dul ar an mbus chun na hoibre de ghnáth.

Cá hUair a Thaistealaíonn Sí?

Is gnách go taistealaíonn sí le linn buaicuaireanta ar maidin agus sa tráthnóna, nó ag an deireadh seachtaine le dul amach faoin tuath

Cén Fáth a dTaistealaíonn Sí?

Cé go n-oibríonn Anna ón mbaile cuid den tseachtain agus go dtéann sí ar an mbus ar na laethanta eile, braitheann sí ar a carr ó am go ham chun teachtaireachtaí a dhéanamh, amhail turas grósaera níos mó a dhéanamh, nó chun taisteal lasmuigh den chathair chun críocha fóillíochta nó sóisialta ag an deireadh seachtaine, nuair nach mbíonn na seirbhísí iompair phoiblí chomh rialta.

Príomhthréimhsí*Anna, an Cónaitheoir Árasáin*

Spreagadh

Cé gur féidir léi dul ó áit go háit ag siúl nó ar an mbus chuig formhór na n-áiteanna ina ceantar, is fearr léi a feithicil féin a bheith aici ionas gur féidir léi cuairt a thabhairt go minic ar theach a muintire sa tuath nó dul ar thurais spontáineacha le cairde.

Úsáid

Tá Anna ina cónaí i bhforbairt chónaithe ag a bhfuil a spás páirceála tiomnaithe féin, nach bhfuil luchtaire suiteáilte ann faoi láthair. Braitheann sí ar luchtú poiblí sráide timpeall a bloic nó ar luchtú ar an mbealach lasmuigh den chathair.

Ábhair imní

Mar chíosaí, d'fhéadfadh sé a bheith ina ualach riaracháin an tiarna talún agus an chuideachta bainistíochta a ghríosú chunluchtú a shuiteáil. Is féidir le roghanna malartacha luchtaithe phoiblí a bheith níos costasaí agus níos mí-áisiúla le húsáid. D'fhéadfadh níos mó pleanála a bheith i gceist le luchtairí sráide chun an carr a bhogadh nuair a bheidh an seisiún luchtaithe thart chun táillí breise a sheachaint. Tá imní ar Anna freisin go bhféadfaí briseadh isteach ina carr agus é páirceáilte agus á luchtú ar bhóthar poiblí.

Tacaíocht

Tá an chuideachta bainistíochta árasán do bhloc árasán Anna i mbun luchtairí feithiclí leictreacha a shuiteáil do na cónaitheoirí trí dheontas poiblí. Beidh rochtain iontaofa ar na luchtairí ag teastáil ó Anna. Chomh maith leis sin, ní mór di córas áirithinte iontaofa a bheith aici ar féidir léi rochtain a fháil air, mar go mbeidh na luchtairí i spásanna páirceála comhroinnte.

Turas Custaiméara*An Cónaitheoir Árasáin*

Maidin Dé Sathairn				Iarnóin Dé Sathairn	Tráthnóna Dé Sathairn
Tréimhsí					
Caithfidh Anna dul amach ag lón lena muintir sa Mhála Raithní. Is turas fillte thart ar 220 km é. Níl luchtaire ag tuismitheoirí Anna sa bhaile, mar sin caithfidh sí a chinntiú go mbeidh a carr lánluchtaithe sula n-imeoidh sí.	Níl aon luchtairí ag a hárasán. Tá tús curtha ag cuideachta bainistíochta a foirgnimh leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas do Luchtú Árasán agus beidh luchtairí acu faoi dheireadh na bliana.	Tá a carr leathluchtaithe, mar sin cinneann sí imeacht cúpla nóiméad níos luaithe ionas gur féidir léi luchtú ar an mbealach. Tá comhartha ann amach ón mótarbhealach a léiríonn go bhfuil luchtú feithiclí leictreacha ar fáil. Is luchtaire tapa é, agus mar sin tá sé ábhairín níos costasaí ná an méid ba mhaith léi a íoc, ach tá an t-athluchtú de dhíth uirthi.	Fanann sí thart ar 20 nóiméad sula luchtaíonn sí. Tá bialanna agus siopaí ag an réamhchúirt, mar sin faigheann sí caife di féin agus milseog don lón lena teaghlach.	I ndiaidh lón fada, tiomáineann Anna ar ais abhaile. Ba mhaith léi a carr a athluchtú thar oíche ionas go mbeidh sé luchtaithe go hiomlán sula mbeidh sé de dhíth uirthi arís. Cuardaíonn sí luchtaire mall sa cheantar cónaithe in aice lena foirgnimh.	Ar ámharaí an tsaoil, tá ceann de na luchtairí malla ina ceantar ar fáil. Plugálann sí a carr isteach, tosaíonn sí an seisiún luchtaithe, agus siúlann sí cúpla nóiméad chun filleadh ar a hárasán.
Buntáistí agus Míbhuntáistí					
Ar bís am a chaitheamh leis an teaghlach	Corraithe nach bhfuil rochtain éasca aici ar luchtaire ina foirgneamh go fóill	Trína chéile go gcaithfidh rogha luchtaithe eile atá níos costasaí a úsáid	Foighneach agus í ag fáil bia	Ghlac sí leis go mbeadh uirthi luchtaire a chuardach nuair a rachaidh sí abhaile.	Faoiseamh uirthi a fheiceáil go raibh luchtaire mall ar fáil.
					
Ceisteanna					

Caroline Connolly



An Carr-roinnteoir

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
30	Droim Conrach, Baile Átha Cliath	Singil	Íseal

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sí?

Taistealaíonn sí chuig an obair 2-3 huaire sa tseachtain ar rothar agus déanann sí turais áitiúla níos gairide ar laethanta a oibríonn sí ón mbaile

Cá hUair a Thaistealaíonn Sí?

Amanna buaicthrácht a taistil ar maidin agus tráthnóna agus roinnt turas ag am lóin nuair a oibríonn sí ón mbaile

Cén Fáth a dTaistealaíonn Sí?

Is ar rothar nó ar iompar poiblí a thaistealaíonn sí chun na hoibre den chuid is mó toisc gurb é sin an bealach is tapúla agus is saoire le taisteal de ghnáth. Úsáideann sí carr cúpla uair sa bhliain i gcás nach féidir léi an ceann scríbe a bhaint amach ar iompar poiblí nó nuair a bhíonn an iomarca le hiompar aici – amhail chun dul amach chuig páirceanna miondíola le haghaidh turais siopadóireachta níos mó nó le haghaidh turais deireadh seachtaine lasmuigh den chathair chuig ceantair níos iargúlta, amhail páirceanna náisiúnta.

Príomhthréimhsí*Caroline, an Carr-roinnteoir*

Spreagadh

Is féidir le Caroline rudaí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus níos eacnamaíche a dhéanamh trí úsáid a bhaint as comhroinnt carranna an cúpla uair a dteastaíonn carr uaithi i ndáiríre, seachas a carr féin a bheith aici agus a bheith á chothabháil. Ós rud é go bhfuil teorainn ama dhocht ag baint leis an gcomhroinnt cairr a chur in áirithe agus go bhfuil táillí pionóis ann as úsáid bhreise, ní mór di a bheith ábalta cuspóir a turais a chomhlíonadh san am teoranta atá aici.

Úsáid

Go ginearálta, bíonn níos mó ná 50% de luchtú sa charr – go leor chun a turas a chríochnú. Ach má théann an carr faoi bhun céatadán áirithe, caithfidh sí an fheithicil a athluchtú sula gcríochnóidh sí a háirithint. Cuardóidh Caroline luchtairí ag na cinn scríbe a bhfuil sí ag tabhairt cuairte orthu díreach lasmuigh den chathair, i mbailte comharsanacha, láithreáin nó páirceanna dúlra, nó b'fhéidir go mbeidh uirthi an carr a pháirceáil ag deireadh a háirithinte ag stáisiún luchtaithe sráide.


Ábhair imní

Tá imní uirthi má bhíonn uirthi an carr a luchtú, cá bhféadfaidh sí é a luchtú chun an táille phionóis a sheachaint. Caithfidh sí a bheith ábalta luchtairí a aimsiú go gasta laistigh de limistéir pháirceála níos mó chun nach n-ídeoidh sí a ham áirithinte. Ós rud é nach úsáideoir rialta feithicle leictrí í, d'fhéadfadh seisiún luchtaithe a thosú agus a stopadh a bheith mearbhlach. Níl sí ag iarraidh íoc as an seisiún luchtaithe as a póca féin, mar sin ní mór di a chinntiú go mbeidh an próiseas íocaíochta idir an luchtaire agus an próiseas comhroinnte cairr so-úsáidte.

Tacaíocht

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh sé éasca an luchtú a úsáid agus a aimsiú toisc nach n-úsáideoir rialta í Caroline. Teastaíonn luchtú tapa uaithi ag raon leathan ceann scríbe amhail páirceanna fóillíochta agus dúlra, chomh maith le hionaid siopadóireachta áitiúla.

Turas Custaiméara*An Carr-roinntear*

Pleanáil		An Turas			An Bealach Abhaile
Tréimhsí					
Tá Caroline díreach i ndiaidh bogadh agus ní mór di a cuid giuirléidí a bhogadh trasna na cathrach, ó Dhroim Conrach go Cill Mhaighneann. Cláraíonn sí le haip comhroinnte carranna ionas gur féidir léi a cuid giuirléidí a bhogadh agus turas a dhéanamh chuig an bpáirc mhiondíola chun roinnt maisiúcháin tí nua a cheannach.	Tá sé beartaithe ag Caroline carr leictreach a fháil, ós rud é gurb í an fheithicil is mó atá ar fáil in aice léi ar an mbus, maidin Dé Sathairn. Is tréimhse ghnóthach é sin de ghnáth, mar sin cuireann sí an carr in áirithe roimh ré ionas nach mbeidh díomá uirthi.	Glacann Caroline bus ar feadh cúpla stad chun dul go dtí an carr. Níl an carr ach páirt-luchtaithe, ach is leor sin chun an 50km a chaithfidh sí a thiomáint inniu a chlúdach. Pacálann sí gach rud sa charr agus déanann sí cúpla turas anonn is anall ón sean-árasán go dtí an t-árasán nua.	Tráthnóna Dé Sathairn, téann Caroline chuig an bpáirc miondíola. Caithfidh sí a chinntiú go bhfuil dóthain luchta sa charr chun táille phionóis a sheachaint nuair a fhilleann sí ar an láthair bhailithe. Ach tá a ham áirithinte teoranta, mar sin ní féidir léi am a chur amú ag seasamh thart agus an carr ag luchtú.	Níl Caroline eolach faoi sheirbhísí luchtaithe feithiclí leictreacha. Seiceálann sí ar líne agus aimsíonn sí luchtaire tapa sa pháirc miondíola. Tá sé san áireamh i líonra luchtaithe na cuideachta comhroinnte carranna, mar sin luchtaíonn sí an carr agus a cuid siopadóireachta á déanamh aici.	Tugann Caroline an carr athluchtaithe ar ais chuig an láthair bhailithe agus teann sí abhaile ar an mbun.
Buntáistí agus Míbhuntáistí					
Ar bís bogadh go dtí árasán nua	Faoiseamh uirthi gur chuir sí carr in áirithe	Tuirseach ó bheith ag bogadh thart an t-am ar fad	Imníoch faoi luchtaire a aimsiú chun luchtú go háisiúil agus í ag déanamh teachtaireachtaí	Faoiseamh uirthi gur éirigh léi an t-eolas a bhí uaithi a fháil	Sásta go raibh gach rud a bhí de dhíth uirthi déanta aici in am inniu
					
Ceisteanna					

Rachel Rooney



An Cónaitheoir Uirbeach ar Scor

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
67	Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	intreach, 2 mhac fhásta	Íseal

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sí?

Uair go dhá uair sa tseachtain

Cá hUair a Thaistealaíonn Sí?

Go luath ar maidin nó tráthnóna

Cén Fáth a dTaistealaíonn Sí?

Caithfidh Rachel turais ghairide a dhéanamh timpeall na cathrach. Téann sí chuig na siopaí, chun cuairt a thabhairt ar theaghlach, agus chuig coinní dochtúra den chuid is mó. Úsáideann sí cathaoir rothaí, mar sin braitheann sí ar fheithicil le dul timpeall toisc nach bhfuil dóthain cosán ar a bhfuil rampaí agus dóthain spáis ann agus bíonn na seirbhísí iompair phoiblí mírialta.

Príomhthréimhsí*Rachel, an Cónaitheoir Uirbeach ar Scor*

Spreagadh

Tá feithicil leictreach ag Rachel mar, de bhrí go bhfuil sí uathoibríoch, tá sé níos éasca tiomáint agus sábhálfaidh sí ar chostais bhreosla san fhadtéarma. Cé nach bhfuil rochtain aici ar a cabhsa féin inar féidir léi luchtaire príobháideach a shuiteáil, tá roinnt luchtairí poiblí ina ceantar agus tá sé beartaithe luchtairí breise a shuiteáil.

Úsáid

Tá Rachel ina cónaí i dteach sraithe atá teoranta leis an gcosán coisithe, áit a bpáirceálann sí a feithicil leictreach ar an tsráid. Ní féidir léi luchtaire príobháideach a shuiteáil faoi láthair mar go mbeadh gá an cábla a rith thar an gcosán poiblí. Caithfidh Rachel luchtairí poiblí a úsáid a fhreastalaíonn ar a riachtanais inrochtaineachta, go háirithe ina ceantar cónaithe. Mar shampla, caithfidh spás a bheith timpeall an chairr ionas gur féidir léi bogadh go compordach lena cathaoir rothaí. Mura mbíonn an luchtaire comharsanachta ar fáil, is gnách go ndéanann Rachel an luchtú ag a ceann scríbe - bíodh sé sin ag oifig an dochtúra nó san ollmhargadh.

Ábhair imní

Bíonn imní uirthi nach mbeidh an luchtaire mall sráide ina comharsanacht ar fáil nuair a bhíonn sé de dhíth uirthi. Tá sé tuirsiúil di má chaitheann dul lena sheiceáil an bhfuil an luchtaire ar fáil í féin. Nuair a bhíonn uirthi brath ar luchtaire poiblí, tagann imní uirthi mar nach bhfuil a fhios aici cad a bheidh roimpi nuair a shroichfidh sí luchtaire – an mbeidh áit inrochtana ann agus an mbeidh dóthain comharthaíochta ann chun cuidiú léi é a aimsiú?

Tacaíocht

Tá sé tábhachtach go dtaispeántar di conas aip luchtaithe feithiclí leictreacha agus na luchtairí a úsáid chun cuidiú le Rachel a neamhspleáchas a choinneáil agus í ag taisteal. Teastaíonn comharthaíocht leordhóthanach uaithi freisin chun na láithreacha cuí a aimsiú agus ba mhaith léi dá mbeadh níos mó spásanna luchtaithe atá inrochtana go hiomlán suiteáilte. Caithfidh sí a bheith ábalta a iarraidh go gcuirfear spás luchtaithe atá inrochtana go hiomlán ar fáil in aice lena teach.

Turas Custaiméara*An Cónaitheoir Uirbeach ar Scor*

Pleanáil				Luchtú	An Bealach Abhaile
Tréimhsí					
Caithfidh Rachel dul chuig coinne dochtúra. Tá sé 15 nóiméad sa charr go dtí an taobh eile den bhaile. Níl a cabhsa féin aici inar féidir léi luchtaire a shuiteáil, mar sin braitheann sí ar luchtú poiblí agus í ag déanamh teachtaireachtaí nó ar an luchtaire timpeall an bhóthair. Ar an dea-uair, ní bhíonn mórán gá aici lena carr.	Tá sí mall agus tuigeann sí go mb'fhéidir nach bhfuil aici ach go leor luchta chun dul chuig an dochtúir. Caithfidh sí athluchtú ar an mbealach nó ag oifig an dochtúra.	Teastaíonn áit inrochtana agus luchtaire tapa uaithi in aice le hoifig an dochtúra. Dúradh ar shuíomh gréasáin an chleachtais go bhfuil luchtaire poiblí sa charrchlós. Níl sí cinnte cad a bheith ag súil leis nuair a shroichfidh sí an áit.	Tá imní uirthi nach mbeidh sí ábalta an luchtaire a aimsiú. Níor pháirceáil sí ansin riamh cheana agus mar sin tá sí ag faire amach do chomharthaí.	Sroicheann sí cleachtas an dochtúra agus i ndiaidh cuardach ar feadh tamaill, aimsíonn sí an áit. Go hádhúil, tá sé in aice le spás páirceála atá inrochtana do chathaoireacha rothaí. Plugálann sí a carr isteach sa luchtaire tapa.	Tugann Rachel cuairt ar an dochtúir agus nuair a thagann sí amach tá neart luchta ina carr chun í a thabhairt abhaile.
Buntáistí agus Míbhuntáistí					
Tá muinín aici go bhfuil a fhios aici cá bhfuil sí ag dul	Tá sí neirbhíseach faoina raon.	Tá sí ar a suaimhneas gur dearbhaíodh ar an suíomh gréasáin go bhfuil luchtaire ann	Tá imní uirthi nach mbeidh sí ábalta an luchtaire a aimsiú.	Tá faoiseamh uirthi a fháil amach go bhfuil an luchtaire ar fáil i spás páirceála atá inrochtana do chathaoireacha rothaí.	Tá áthas orm gur éirigh léi a coinne a bhaint amach in am.
					
Ceisteanna					
Conas a d'fhéadfaimis tacú le tiománaithe nach bhfuil ábalta rochtain a fháil ar a gcéad rogha luchtaire?		Conas a d'fhéadfaimis luchtairí agus eolas inrochtana a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leis?	Conas a d'fhéadfaimis comharthaíocht chuí a sholáthar do luchtairí feithiclí leictreacha?	Conas is féidir linn leanúint le tacaíocht a thabhairt do rolladh amach luchtairí poiblí chomhlíonann UDG go hiomlán.	

Ruairí Reynolds



An Comaitéir Tuaithe

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
35	Dún Léire, Co. Lú	Athair singil, 1 iníon	Ard

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sé?

Gach lá.

Cá hUair a Thaistealaíonn Sé?

Le linn buaicuaireanta taistil ar maidin agus tráthnóna, agus ag an deireadh seachtaine de ghnáth chun a iníon a thiomáint chuig cluichí agus imeachtaí sóisialta.

Cad Chuige a Thaistealaíonn Sé?

Taistealaíonn Ruairí ar chúiseanna éagsúla, le dul chun na hoibre, in éineacht leis na páistí ar scoil, agus le rochtain a fháil ar sheirbhísí eile go príomha. Bíonn Ruairí ag taisteal ó am go chéile ag an deireadh seachtaine le haghaidh turasóireachta, caitheamh aimsire agus chun cuairt a thabhairt ar chairde agus ar theaghlach. Ós rud é go bhfuil an ceantar ina gcónaíonn sé giota maith amuigh faoin tuath, tá na roghanna iompair phoiblí teoranta chuig an gcuid is mó de na háiteanna, rud a fhágann gur riachtanas é an carr.

Príomhthréimhsí*Ruairí, an Comaitéir Tuaithe*

Spreagadh

Roghnaigh Ruairí feithicil leictreach chun leas a bhaint as costais luchtaithe níos ísle i gcomparáid lena umar a líonadh peitril. Cheannaigh sé feithicil leictreach athláimhe agus cé nach bhfuil raon a cheallraí chomh mór le raon ceallraí feithiclí leictreacha nua, is gnách gur leor é chun na hachair ghairide a thiomáineann sé de ghnáth a chlúdach, toisc go n-úsáideann sé na seirbhísí traenach comaitéireachta chun an chuid is mó den achar chun na hoibre a chlúdach.

Úsáid

Tá teach scoite ar cíos ag Ruairí nach bhfuil rochtain aige ar luchtaire príobháideach baile – níl suiteáil luchtaire ceadaithe ag a thiarna talún. Is minic a dhéanann sé dearmad a charr a luchtú idir a bheith déileáil le hobair agus a iníon a thiomáint timpeall na cathrach. Braitheann sé go mór ar luchtairí poiblí.

Ábhair imní

Tá imní ar Ruairí nach mbeidh luchtairí ar bith ann nuair a thaistealaíonn sé chuig cinn scríbe lena iníon, amhail í a thabhairt chuig oiliúint nó cuairt a thabhairt ar pháirceanna nó ar thránna. Na huaireanta a mbíonn air taisteal níos faide ón mbaile, bíonn imní air go rithfidh an luchtú amach agus nach mbeidh sé ábalta aon phointí luchtaithe a fháil ar an mbealach.

Tacaíocht

Tá rochtain ar luchtú cinn scríbe tábhachtach do Ruairí. Bheadh luchtú ar an mbóthar úsáideach freisin, ach ba mhaith le Ruairí an chuid is mó dá luchtú a dhéanamh ag luchtairí níos moille agus é i mbun gníomhaíochta eile ionas gur féidir leis na táillí níos airde ag na stáisiúin mearluchtaithe feadh na mótarbhealaí a sheachaint.

Turas Custaiméara*An Comaitéir Tuaithe*

Ag Fágáil ar Maidin		Ag Teacht chun na hOibre		An Bealach Abhaile	
Tréimhsí					
Inniu, tá Ruairí ag taisteal chun na hoibre i mBaile Átha Cliath. Caithfidh sé a bheith sa bhaile faoi 5pm lena iníon a thabhairt chuig traenáil camógaíochta. B'fhearr leis dul ar an traein chun go bhféadfadh sé roinnt oibre a dhéanamh le linn an taistil agus an obair a fhágáil beagán níos luaithe inniu.	Tosaíonn Ruairí ag tiomáint go dtí an stáisiún traenach i nDroichead Átha nuair a thugann sé faoi deara go ndearna sé dearmad a charr a luchtú le seachtain anuas. Beidh air a charr a luchtú sula bhféadfaidh sé tiomáint abhaile, a iníon a bhailiú, í a thabhairt chuig an oiliúint agus tiomáint ar ais abhaile fós.	Sroicheann sé carrchlós an stáisiúin traenach ach tugann sé faoi deara go bhfuil an dá spás luchtaithe gafa. Tá sé mall dá thraein cheana féin, mar sin níl am aige luchtaire eile a aimsiú.	Bíonn Ruairí i gcruinnithe an lá ar fad agus níl am aige plean a cheapadh chun an luchtú a charr athluchtú.	Faigheann Ruairí an traein abhaile san iarnóin agus téann sé isteach ina charr lena iníon a bhailiú, nuair a chuimhníonn sé go raibh air a charr a athluchtú. Beidh a dhóthain lucht aige faoi láthair ach tá imní air faoi fhilleadh ón bpáirc traenála.	Is cuimhin leis gur shuiteáil an club CLG áitiúil luchtaire ar an tailte. Bailíonn sé a iníon, páirceálann sé an carr agus tugann sé cuidiú ag an seisiún oiliúna agus an carr ag luchtú.
Buntáistí agus Míbhuntáistí					
Faoi strus faoi bhainistiú a chuid gealltanas go léir don lá	Trína chéile go ndearna sé dearmad a charr a luchtú ó d'úsáid sé an uair dheireanach é	Imní air mar nach bhfuil luchtaire ar fáil agus nach bhfuil am aige rogha eile a aimsiú	Imní faoi luchtú níos déanaí	Imní air faoin mbaile a bhaint amach i ndiaidh na hoiliúna	An-sásta go bhfuil luchtaire ag an bpáirc áitiúil
Ceisteanna					
Conas is féidir linn ordlathas	Conas a d'fhéadfaimis roghanna breise a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar luchtairí baile i gceantair thuaithe?	Conas a fhéadfaimis tacú le comhtháthú luchtaithe feithiclí leictreacha i roghanna malartacha	Conas a d'fhéadfaimis eolas a roinnt faoi roghanna malartacha luchtaithe i gceantair áitiúla?	Conas a d'fhéadfaimis tacú le húsáideoirí eile luchtairí poiblí a aimsiú amach ó na	Conas a d'fhéadfaimis tacú le saoráidí cinn scríbe i gceantair thuaithe chun luchtairí feithiclí leictreacha a shuiteáil?



Mike Murphy



An Tiománaí HGV

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
52	Port Láirge	Pósta, 2 pháiste fhásta	Meánach

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sé?

Gach lá i rith na seachtaine oibre.

Cá hUair a Thaistealaíonn Sé?

Go luath ar maidin go dtí go mall sa tráthnóna, ag tosú ag 4am go minic agus ag críochnú ag 2pm.

Cad Chuige a Thaistealaíonn Sé?

Tiomáineann Mike trucail mhór don chuideachta lóistíochta a n-oibríonn sé di, ag seachadadh earraí idir calafoirt agus ionaid dáileacháin ar fud na tíre. Ó am go chéile, seachadfaidh sé earraí ón ionad dáileacháin chuig ionaid mhiondíola éagsúla freisin.

Príomhthréimhsí*Mike, An Tiománaí HGV*

Spreagadh

Tiomáineann Mícheál tromfheithicil don obair. Thug a fhostóir roinnt HGVanna leictreacha isteach sa fhlít le déanaí le tacaíocht ón scéim phoiblí ZEHDV-I. Tá rochtain ar luchtairí poiblí, ardluais agus iontaofa ríthábhachtach do Mike, toisc go gcaithfidh sé cloí lena sceidil seachadta.

Úsáid

Tiomáineann Mike beagnach gach lá chun earraí a sheachadadh ar fud na tíre, agus tá na príomhphointí suite díreach amach ón ngréasán mótarbhealaí den chuid is mó. Bíonn brú ama air go minic. Cé go bhfuil luchtairí san iosta chun na HGVanna a athluchtú nuair nach mbíonn siad in úsáid, ar laethanta oibre níos faide, caithfidh Mike a HGV a athluchtú ag luchtairí poiblí ar an mbealach nó ag ionaid dáileacháin.

Ábhair imní


Tá imní ar Mike nach mbeidh sé ábalta luchtaire poiblí a aimsiú a bheidh oiriúnach don HGV. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh Mike ábalta a sprioc-amanna a chomhlíonadh, ach is féidir le héiginnteacht maidir le luchtú cur isteach ar a sceideal. Go sonrach, bíonn imní air faoi cad a dhéanfaidh sé má tá HGV ag úsáid an luchtaire a bhí sé ag pleanáil a úsáid agus sos éigeantach á ghlacadh aige – is gnách go mbailíonn go leor tiománaithe HGV sna háiteanna céanna ós rud é gurb iad sin na pointí is áisiúla feadh na mbealaí seachadta. Tá imní air go mbeidh tionchar ag an am feithimh ar a chumas a sprioc-amanna a chomhlíonadh.

Tacaíocht

Teastaíonn stáisiúin luchtaithe ardchumhachta ó Mike atá suite in aice le limistéir scíthe a chuireann saoráidí riachtanacha ar fáil amhail leithris agus roghanna bia agus deochanna. Ar thurais fhada, tá sé ríthábhachtach dó lántairbhe a bhaint as a shosanna éigeantacha. Is fearr leis an gcumas luchtaire a chur in áirithe roimh ré lena chinntiú go mbeidh sé ar fáil ar an mbealach atá pleanáilte aige. Mar sin féin, ós rud é nach féidir leis a fheithicil a bhogadh le linn an tsosa éigeantaigh—fiú má chríochnaítear an luchtú go luath—ní mór go mbeidh luas an luchtaithe ag teacht go mór le fad an tsosa. Ba mhaith le Mike rialacháin níos soiléire a fheiceáil freisin lena dtacaítear go sainráite le luchtú le linn sosanna.

Turas Custaiméara*An Tiománaí HGV*

Ag Fágáil ar Maidin		Ag Teacht chun na hOibre		An Bealach Abhaile
Tréimhsí				
Tosaíonn Mike an lá go luath. Bailíonn sé a leoraí ón iosta HGV lasmuigh de Phort Láirge. Mar gheall ar líon teoranta luchtairí, níor luchtaíodh ach go páirteach é thar oíche, ach ba leor é sin i gcónaí chun é a thabhairt chuig a chéad stad.	I ndiaidh dó dul chuig an gcalafort chun a lód a bhailiú, faigheann sé amach go bhfuil sé ag tiomáint go Gaillimh ar maidin. Tá sprioc-am docht aige, agus níl aige ach 5 uair an chloig chun dul ann, agus tá stad amháin le déanamh aige ag ionad dáileacháin lasmuigh d'aerfort na Sionainne.	Sroicheann sé an t-ionad dáileacháin áit ina seachadann sé an lód agus ina mbailíonn sé cúpla lastas eile. Plugálann sé isteach sa luchtaire tráchtála ar an láthair, a bhfuil conradh ag an gcuideachta lóistíochta leis. Agus an trucail ag luchtú, comhlánaíonn Mike an páipéarachas agus glacann sé sos déanach don bhricfeasta.	Téann sé ar ais ar an mótarbhealach agus éiríonn leis a sheachadadh i nGaillimh a dhéanamh in am. Déanann sé difear mór fágáil go luath agus an buaicthráth trachta a sheachaint.	Fágann sé an leoraí san iosta i nGaillimh lena luchtú thar oíche. Taifeadann sé sonraí an turais. Tá sé ag fanacht sa chathair, mar sin tiocfaidh sé ar ais agus baileoidh sé ar maidin é chun turas eile a dhéanamh abhaile amárach.
Buntáistí agus Míbhuntáistí				
Corraithe nach bhfuil an fheithicil luchtaithe go hiomlán	Ar bís an bóthar a bhualadh go luath	Faoiseamh air go raibh an luchtaire ar fáil	Muiníneach go gcríochnóidh sé a thuras in am	Sásta gan bheith ag tiomáint don chuid eile den lá
Ceisteanna				
Conas a d'fhéadfaimis tacú le rochtain ar bhonneagar luchtaithe do HDVanna chun go mbeidh sé ag teacht le hathruithe tiomána?	Conas a d'fhéadfaimis dlús a chur le rolladh amach bonneagair luchtaithe HDVanna ag	Conas a d'fhéadfaimis pleanáil flít agus cinnteacht maidir le rochtain ar lucht a éascú chun moilleanna gan ghá a sheachaint?	Conas a d'fhéadfaimis eolas a roinnt faoi roghanna malartacha luchtaithe i gceantair áitiúla?	Conas a d'fhéadfaimis tacú le húsáideoirí eile luchtairí poiblí a aimsiú amach ó na príomhbhóithre?



Tara Traynor



An Tiománaí Tacsaí

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
43	Tamhlacht, Baile Átha Cliath	Pósta, 3 pháiste	Meánach

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sí?

Ar a laethanta oibre (4-6 lá sa tseachtain).

Cá hUair a Thaistealaíonn Sí?

I rith an lae den chuid is mo déanann sí cúpla seal oíche ag an deireadh seachtaine corruair.

Cén Fáth a dTaistealaíonn Sí?

Cuireann Tara seirbhís tacsaí ar fáil i gceantar uirbeach,
rud a éilíonn gluaiseacht leanúnach, dhothuartha idir áiteanna éagsúla. Cé gur féidir léi rogha a dhéanamh glacadh le turais bunaithe ar láithreacha bailithe a oireann di, faigheann sí nuair a bhíonn an t-éileamh íseal, go nglacfaidh sí le turais chuig réimse láithreacha bailithe agus fágála. Ag tús an lae oibre, nó le linn tréimhsí nach bhfuil sé chomh gnóthach, athlonnóidh Tara í féin in áiteanna a bhfuil súil aici go mbeidh éileamh ar sheirbhísí tacsaí iontu, amhail an t-aerfort nó in aice le hionaid siopadóireachta.

Príomhthréimhsí*Tara, an Tiománaí Tacsaí*

Spreagadh

Cheannaigh Tara feithicil leictreach mar chuid den deontas eSPSV ós rud é go raibh a seanfheithicil ag briseadh síos i gcónaí agus cheap sí go bhféadfadh sí a costais oibriúcháin a laghdú, chomh maith le custaiméirí a bhfuil inbhuanaitheacht tábhachtach díobh a mhealladh.

Úsáid

Is maith le Tara luchtú sa bhaile nuair nach mbíonn sí amuigh ar seal chun leas a bhaint as rátaí leictreachais seachbhuaice níos ísle agus imeacht le luchtú iomlán nuair a fhágann sí le dul chun a cuid oibre. Le linn sealanna gnóthacha, b'fhéidir go mbeadh ar Tara a luchtú a bharrlíonadh ag baint úsáid as luchtairí poiblí. Is fearr léi é sin a dhéanamh in áit inar féidir léi leithreas a úsáid agus sos béile a bheith aici freisin.


Ábhair imní

Tá imní uirthi faoi infhaighteacht stáisiún luchtaithe tapa agus ardchumhachta – cé gur fearr léi sos a ghlacadh i gceantair a bhfuil éileamh níos airde iontu chun a seansanna a mhéadú go bhfaighidh sí custaiméir i ndiaidh a sosa, is gnách go mbíonn níos mó iomaíochta ann do na luchtairí ansin freisin. Ní féidir le Tara luchtaire mall a úsáid, mar ciallaíonn sé sin go mbeidh sí rófhada den bhóthar le linn a seala. Nuair a dhéanann sí seal oíche, bíonn sábháilteacht timpeall an stáisiúin luchtaithe an-tábhachtach di.

Tacaíocht

Caithfidh rochtain shábháilte éasca a bheith ag Tara ar luchtairí tapa, rud a chuirfidh ar a cumas a luchtú a athluchtú i lár a seala nuair is gá. B'éigean di íoc as a luchtaire baile féin a shuiteáil, rud a bhí ina chostas breise a raibh uirthi íoc as as a póca féin fiú leis an deontas SEAI sa bhreis ar an gcostas níos airde a bhain leis an bhfeithicil a cheannach.

Turas Custaiméara*An Tiománaí Tacsaí*

Pleanáil	An Chéad Seal – Ardtráthnóna			An Dara Seal Ag Teacht Abhaile
Tréimhsí				
Tráthnóna Dé Sathairn atá ann agus tá Tara ar a bealach lena céad áirithint den ardtráthnóna a ghlacadh. Braitheann daoine ar a seirbhís tacsaí le dul amach san oíche agus le dul abhaile. Tá sí ag súil le go leor turais ghairid agus níos faide: ar ghnáthoíche, d'fhéadfadh sí a bheith ag tiomáint breis agus 200 km idir na pointí bailithe agus fágála éagsúla ar fud na cathrach. Ní bhíonn sí cinnte choíche cad iad na hachair a bheidh le tiomáint aici, mar sin cinntíonn sí i gcónaí go ndéanann sí a carr a luchtú go hiomlán lena luchtaire baile ina cabhsa sula dtéann sí amach.	Tá sé 6 pm, agus tosaíonn sí an tráthnóna i dTamhlacht. Téann sí go hÁth an Ghainimh ar dtús, áit ar cuireadh turas chuig an aerfort in áirithe roimh ré. I ndiaidh di paisinéirí nua a bhailiú ag an aerfort, téann sí ar ais go lár na cathrach. Is oíche mhór amuigh i mBaile Átha Cliath é, mar sin tá go leor turas le déanamh ag Tara idir lár na cathrach agus na ceantair máguaird. Más gá di a feithicil a luchtú idir an dá linn, ní thig léi níos mó ná 10 nóiméad a chailleadh.	Tá sé díreach i ndiaidh 10pm., an t-am a bhíonn sos beag ann. Tá sí ag tiomáint le beagnach 4.5 uair an chloig agus caithfidh sí sos a ghlacadh. Tá géarghá aici freisin a carr a athluchtú. Cuardaíonn sí luchtaire tapa in áit shábháilte atá lasta go maith in aice le bialann mhearbhia, ionas gur féidir léi ithe agus an leithreas a úsáid.	Faigheann sí luchtaire i gceantar gnóthach atá lasta go maith, ach tá an luchtaire fós á úsáid ag feithicil leictreach a bhfuil a luchtú críochnaithe. Féachann sí thart le haghaidh luchtaire eile atá ar fáil agus i ndiaidh 15 nóiméad faigheann sí ceann. Glacann sí sos le haghaidh bia agus chun dul ag an leithreas agus a carr ag luchtú.	I ndiaidh a sosa 45 nóiméad, d'éirigh léi a carr a athluchtú go leor chun cúpla iarratas eile a bhailiú sna chéad trí huaire an chloig eile. Cuireann sí go leor iarratas ar thurais i gcrích idir na bruachbhailte agus ceantar lár na cathrach. I ndiaidh na dturas go léir, éiríonn léi an baile a bhaint amach ag 2 am. Plugálann sí a carr isteach ina luchtaire baile chun ligean dó luchtú thar oíche.
Buntáistí agus Míbhuntáistí				
Ullmhaithe don oíche atá amach roimpi	Imníoch faoi luchtaire tapa a aimsiú má bhíonn athluchtú tapa de dhíth uirthi	Imní uirthi faoi áit shábháilte a aimsiú lena carr a luchtú agus í ag glacadh sosa a bhí de dhíth uirthi go géar	Frustrachas uirthi gur chuir sí am amú mar gheall go bhfuil an luchtaire tapa á áitiú ag feithicil nach bhfuil ag luchtú	Faoiseamh gur éirigh léi a cuid turas go léir a chríochnú
				
Ceisteanna				

Clann Jackson



An Teaghlach Turasóireachta

Cúlra

Suíomh	Stádas	Ioncam
Portland, Oregon	Pósta, 2 pháiste	Meánach

Patrúin Taistil

Cé chomh minic agus a thaistealaíonn siad?

Tiomáineann siad gach lá le linn a dturais.

Cá huair a thaistealaíonn siad?

I rith an lae ach ar maidin den chuid is mó.

Cén Fáth a dTaistealaíonn siad?

Teastaíonn feithicil leictreach mhór ar cíos ó Chlann Jackson chun taisteal timpeall na hÉireann agus cuairt a thabhairt ar chinn scríbe éagsúla le linn a saoire. Leis an gcarr, is féidir leo a bheith solúbtha i gcónaí agus a sceideal agus a gclár taistil féin a chinneadh. Is féidir leo rochtain a fháil ar chinn scríbe níos iargúlta a bheadh níos deacra a bhaint amach le hiompar poiblí nó a bheadh níos costasaí a bhaint amach le turas eagraithe.

Príomhthréimhsí *Clann Jackson, an Teaghlach Turasóireachta*

Spreagadh

Tá John agus a bhean chéile Janet an-mheabhrach ar an gcomhshaol agus an tionchar a imríonn siad air. Mar sin féin, is féidir leis a bheith deacair an rogha is inbhuanaithe a roghnú uaireanta agus dhá pháiste óga agat. Caithfear tús áite a thabhairt do chostas agus d'áisiúlacht.

Úsáid

Ag tiomáint thart ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar feadh 10 lá. Beidh siad ag tiomáint feadh bealaí áille éagsúla agus feicfidh siad sráidbhailte, iontais nádúrtha agus láithreáin stairiúla feadh an bhealaigh.


Ábhair imní

Níl siad ró-eolach faoin gcóras anseo, mar sin tá siad buartha nach mbeidh siad ábalta luchtaire a aimsiú agus nach mbeidh a fhios acu go héasca conas luchtairí ó sholáthraithe éagsúla a úsáid. Ní mian leo go gcuirfí isteach ar a sceideal docht mar gheall go gcaithfeadh siad an carr a luchtú.

Tacaíocht

Tá bealach áisiúil ag teastáil ó Chlann Jackson lena fháil amach cá bhfuil luchtairí éagsúla ar a mbealaí pleanáilte, sula dtagann siad go hÉirinn agus fad is a bheidh siad sa tír, agus conas íoc as an luchtú. B'fhearr leo óstáin a aimsiú a bhfuil luchtairí ar fáil iontu, ach ní bhíonn sé sin indéanta i gcónaí. Mar gheall ar an easpa eolais faoi luchtú iontaofa feadh a mbealaigh roghnaithe, b'éigean dóibh cuid dá stadanna bunaidh a bhí níos faide amach a athphleanáil agus a bhaint chun an baol go rithfeadh an luchtú amach a sheachaint.

Turas Custaiméara*An Teaghlach Turasóireachta*

Pleanáil			An Turas	Luchtú		
Tréimhsí						
Tá an teaghlach ag iarraidh feithicil leictreach a fháil ar cíos ós rud é go bhfuil súil acu go sábhálfaidh sé sin costais as breosla orthu agus go bhfuil traiseoladh uathoibríoch uirthi. Cuardaíonn an teaghlach ar líne chun na bealaí is fearr a fháil amach, chomh maith leis na háiteanna is áisiúla chun luchtú feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.	Agus na hóstáin feadh an bhealaigh á gcur in áirithe acu, is fearr leis an teaghlach óstáin a chur in áirithe ag a bhfuil luchtú thar oíche, agus cuardaíonn siad iad sin ar líne.	Maidir le codanna níos faide dá dturas, mapálann an teaghlach pleanáil an t-achar atá beartaithe acu a thiomáint, agus cá háit a mbeadh orthu stopadh chun luchtú. Cuardaíonn siad na seirbhísí agus na saoráidí atá ar fáil ag na pointí luchtaithe.	Tá an teaghlach ag tiomáint na coda is faide dá dturas inniu, ón gClár go Ciarraí. Ní raibh spás luchtaithe ar fáil san óstán, mar sin chinn siad go stopfadh siad ar an mbealach chun luchtú.	Féachann siad ar líne lena fheiceáil cad iad na luchtairí atá ar fáil ar a mbealach agus ag áit ar spéis leo stopadh ann ar feadh tamall beag. Tá dóthain luchtaithe acu lena gcéad cheann scríbe eile a bhaint amach – páirc chósta álainn in aice le sráidbhaile.	Cuardaíonn an teaghlach luchtaire agus faigheann siad ceann atá ar fáil ó sholáthraí nár chonaic siad riamh roimhe seo. Mar úsáideoirí sách nua feithicle leictrí, glacann sé tamall orthu sraith treoracha nua a thuiscint chun tosú.	Páirceálann siad a bhfeithicil leictreach ar feadh trí huaire an chloig fad is atá sí ag luchtú, agus baineann an teaghlach taitneamh as siúlóid shocair agus roinnt sólaistí sa chaifé.
Buntáistí agus Míbhuntáistí						
Tá áthas orthu gur éirigh leo feithicil leictreach a fháil ar cíos laistigh dá mbuiséad	Míshásta leis an líon teoranta óstán atá ar fáil a bhfuil luchtú acu	Ar a suaimhneas gur cosúil go bhfuil luchtú ar fáil ar a mbealach	Díomá orthu nach raibh an luchtaire a theastaigh uathu a úsáid ar fáil	Imníoch faoi an mbeidh an luchtaire ar fáil lena úsáid nuair a shroichfidh an áit	Frustrachas orthu faoin am a cailleadh ag iarraidh formáid eile treoracha a aimsiú	Faoiseamh orthu go raibh rogha áisiúil eile ann
						
Ceisteanna						

Ronan Reilly



An Tiománaí Veain Tráchtála

Cúlra

Aois	Suíomh	Stádas	Ioncam
42	Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh	Pósta, 2 iníon óga	Meánach

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Thaistealaíonn Sé?

Gach lá i rith na seachtaine oibre.

Cá hUair a Thaistealaíonn Sé?

I rith an lae ach go luath ar maidin agus tráthnóna de ghnáth chun freastal ar orduithe lónadóireachta

Cad Chuige a Thaistealaíonn Sé?

Mar úinéir-thiománaí cuideachta bige lónadóireachta orgánaí, braitheann Ronan ar an veain chun rochtain a fháil ar sheirbhísí lónadóireachta agus iad a sholáthar in áiteanna éagsúla i gcontaetha in aice láimhe. Is féidir le láithreacha agus imeachtaí a bheith an-éagsúil, idir bhainis do bhreis agus 300 aoi ag tithe móra faoin tuath agus imeachtaí lónadóireachta níos lú ag ócáidí beaga pobail i mbailte. Caithfidh Ronan soláthairtí bia, trealamh cócaireachta agus trealamh eile a iompar a fhéadann an t-ualach a mhéadú.

Príomhthréimhsí*Ronan an Tiománaí Veain Tráchtála*

Spreagadh

Tiomáineann Ronan veain tráchtála gach lá don obair. Ba mhaith leis na costais oibriúcháin agus cothabhála a laghdú gan cur isteach ar sceidil dhochta. Tá suim aige i bhflít a sheasfaidh an aimsir a bheith aige chun cliaint atá meabhrach ar inbhuanaitheacht a mhealladh. Agus í ag luchtú, ba mhaith le Ronan a bheith ábalta sos a ghlacadh, scíth a ligean agus ithe fad is atá a veain a hathluchtú aige.

Úsáid

Bíonn laethanta oibre Ronain an-difriúil. Tiomáineann sé formhór na laethanta chun freastal ar imeachtaí sa cheantar áitiúil agus i gcontaetha comharsanachta araon. I rith na seachtaine, féadfaidh sé freastal ar imeachtaí beaga agus seachadtaí a dhéanamh chuig caiféanna áitiúla. Ag an deireadh seachtaine, freastalóidh sé ar imeachtaí móra, ar nós bainiseacha agus féilte. Luchtaíonn a veain thar oíche sa bhaile beagnach gach lá chun an ceallraí a choinneáil lán agus ar thurais fhada le haghaidh imeachtaí móra úsáideann sé luchtú ar an mbealach nó luchtú cinn scríbe lena luchtú a bharrlíonadh.


Ábhair imní

Caithfidh Ronan soláthairtí bia, trealamh cócaireachta agus trealamh eile a iompar a fhéadann a ualach a mhéadú. Bíonn imní air faoi theorainneacha raoin agus lánlód ina veain. Anuas air sin, nuair a bhíonn air luchtú ar an mbealach, tá líon teoranta luchtairí poiblí ann a fhreastalaíonn ar veaineanna tráchtála móra.

Tacaíocht

Mar úinéir gnólachta bhig, teastaíonn costais fuinnimh intuartha agus coigilteas cothabhála ó Ronan chun údar a thabhairt le costas ceannaigh tosaigh feithicle leictrí. Tá suim aige i luchtú cliste lena chinntiú go bhfuil a chostais oibriúcháin á n-íoslaghdú aige. Braitheann Ronan freisin ar luchtú inrochtana cinn scríbe agus ar an mbealach a fhéadann freastal ar a veain nuair is gá dó í a athluchtú agus é ag obair.

Turas Custaiméara*An Tiománaí Veain Tráchtála*

Pleanáil		Ag teacht chuig an mbainis		Le linn na bainise	An bealach abhaile	
Tréimhsí						
Tá Ronan ag freastal ar bhainis	Is turas fillte 250km achar na tiomána, achar atá gar don achar uasta a	Sroicheann Ronan an t-eastát le níos lú luchtaithe ná mar a bhí measta aige mar gheall ar a lód níos troime. I ndiaidh dó dhílódáil, cuardaíonn sé luchtaire poiblí, mar gur chuir an fhoireann in iúl dó go raibh ceann ar an áitreabh.	Aimsíonn Ronan luchtaire mall, ach tá a veain rómhór chun í a chur isteach sa spás luchtaithe atá fágtha, agus carranna páirceáilte ar gach taobh de. Páirceálann sé in áit éigin eile idir an dá linn.	Téann Rónán ar ais anois agus arís lena sheiceáil ar osclaíodh an spás páirceála in aice leis an luchtaire ionas gur féidir leis a fheithicil a chur ann ach ní raibh an t-ádh leis. Socraíonn sé luchtaire tapa a lorg ar a bhealach abhaile.	I ndiaidh dó an veain a lódáil i ndiaidh na hócáide, téann Ronan abhaile. Chuir sé cor bealaigh air féin den	Tiomáineann Ronan abhaile agus an veain sách luchtaithe. Tarraingíonn sé isteach ina chabhsa agus plugálann sé isteach a veain lena luchtú thar oíche roimh an gcéad ócáid eile amárach.
Buntáistí agus Míbhuntáistí						
Réidh don lá atá roimhe	Imní air faoi raon laghdaithe agus veain lánlódáilte aige.	Dóchas áirithe aige go mbeidh luchtaire ar fáil ag an ionad	Frustrachas air go bhfuil an spás luchtaithe róbheag le haghaidh veain	Cráite ag seiceáil an bhfuil an spás páirceála in aice láimhe oscailte chun níos mó spáis a chruthú	Faoiseamh air go bhfuil luchtaire ar fáil dó.	Áthas air go bhfuil thar oíche ar fáil go hiontaofa
						
Ceisteanna						
	Conas a d'fhéadfaimis imní a mhaolú maidir le himní faoi raon feithiclí móra?	Conas a d'fhéadfaimis	Conas a d'fhéadfaimis a chinntiú go mbeidh níos mó bánna luchtaithe inrochtana ann do veaineanna móra i gcás ina bhfuil gá leo?	Conas a d'fhéadfaimis eolas fíor-ama a sholáthar maidir le	Conas a d'fhéadfaimis eolas fíor-ama níos fearr a sholáthar maidir le costais luchtairí?	

Johanna Jennings



Oibreoir an Fhlít Cóistí

Cúlra

Aois	Suíomh	Méid Fiontair
48	Cill Airne, Co. Chiarraí	Flít meánmhéide (thart ar 12 bhus meánmhéide)

Patrúin Taistil

Cé Chomh Minic agus a Chuirtear Seirbhísí ar Fáil?

Gach lá.

Cá hUair a Chuirtear Seirbhísí ar Fáil?

Cuirtear na turais ar fáil i rith an lae de ghnáth

Cén Fáth a gCuirtear Seirbhísí ar fáil?

Cuireann flít Johanna turais chóiste lae ar fáil chuig cinn scríbe turasóireachta ar fud Mumhan, amhail Mórchuaird Chiarraí, Caisleán Áth Dara agus Caisleán na Blarnan, ag clúdach suas le 200km in aghaidh an lae corruair.
Bonn stadanna fada i gceist leis na turais sin go minic (thart ar 1 go 2 uair an chloig in aghaidh an láithreáin).

Príomhthréimhsí*Joanna, Oibreoir an Fhlít Busanna*

Spreagadh

Bainistíonn Johanna flít de bhusanna meánmhéide 25 suíochán d'oibreoir turas i gCiarraí. Ba mhaith léi costas iomlán na húinéireachta a laghdú agus busanna nua á gceannach aici agus a chinntiú go mbeidh a flít tarraingteach do thurasóirí atá meabhrach ar an aeráid i gcónaí. Ní mór di aon chur isteach ar oibríochtaí laethúla a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus feithiclí leictreacha á dtabhairt isteach aici.

Úsáid

Tá roinnt luchtaithe suiteáilte ag Johanna ag an iosta, ach níl dóthain ann chun go bhfuil luchtaire tiomnaithe ar fáil do gach bus. Ó am go chéile, beidh uirthi stad luchtaithe a phleanáil feadh an bhealaigh, go hidéalach ag ceann de na cinn scríbe phleanáilte chun an bus a luchtú.


Ábhair imní

Tá imní ar Johanna go bhféadfaí tionchar diúltach a imirt ar an gcumas an flít iomlán a úsáid le linn tréimhsí gnóthacha má thugtar busanna leictreacha isteach i bhfianaise na srianta luchtaithe ag an iosta. Caithfidh sí fios a bheith aici go bhfuil luchtairí oiriúnacha ag cinn scríbe feadh an bhealaigh pleanáilte ar féidir leis na busanna a úsáid más gá chun athluchtú.

Tacaíocht

D'fhéadfadh na costais tosaigh a bhaineann le bonneagar luchtaithe ardchumhachta a shuiteáil a bheith suntasach, ach d'fhéadfadh sé a bheith indéanta freisin mar gheall ar na srianta eangaí. Más gá athluchtú a dhéanamh ar an mbealach, ní mór do Johanna rochtain a bheith aici ar luchtú tapa nó ardchumhachta ag a gcinn scríbe.

Turas Custaiméara*Oibreoir an Fhlít Busanna*

An Flít a Ullmhú			Le linn an Turais		Deireadh a Chur Leis don Lá	
Tréimhsí						
Is é buaicshéasúr na	Mar gheall ar an líon teoranta luchtairí, níor luchtaíodh cuid de na busanna meánmhéide ach go páirteach thar oíche.	Sannann sí busanna do bhealaí áirithe bunaithe ar a leibhéal luchtaithe. Sannann sí ceann de na busanna nach bhfuil ann ach 60% de luchtú do bhealach níos gairide atá laistigh dá raon tiomána.	Meán lae, glaonn an tiománaí ar an mbealach níos gairide chun dúnadh bóthair gan choinne a chur in iúl do Johanna. Insíonn sé di gur cosúil go mbeidh air an bus meánmhéide a luchtú ag pointe éigin le linn an turais.	Is féidir le Johanna pointe luchtaithe thapa oiriúnach a aimsiú feadh an bhealaigh. I gceann de na bailte tá an grúpa ag stopadh le haghaidh lóin agus iarrann sí ar an tiománaí luchtú ansin. Cuirtear moill 30 nóiméad leis an am imeacht bunaidh mar go gcaithfear spás páirceála mór go leor a aimsiú agus fanacht go mbeidh an bus meánmhéide luchtaithe go	Tagann an bus meánmhéide ar ais chuig an stáisiún, 30 nóiméad níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí sé sceidealaithe an bus sin a luchtú ar dtús, ach tá a spás á áitiú ag bus eile anois. Caithfidh Johanna a sceideal luchtaithe a athrú chun freastal ar an athrú sin.	Nuair a bhíonn Johanna sásta go bhfuil na busanna
Buntáistí agus Míbhuntáistí						
Mothaíonn sí go bhfuil sí eagraithe don lá gnóthach amach roimpi	Frustrachas uirthi mar gheall ar an easpa pointí luchtaithe	Faoiseamh uirthi nach bhfuil gá le luchtú iomlán ar chuid de na bealaí	Cráite mar gheall ar imeachtaí gan choinne ar raon na mbusanna	Imní uirthi go mbeidh míshástacht custaiméirí mar thoradh ar an moill	Frustrachas uirthi go gcaithfear an tiománaí a íoc as ragobair	Tuirseach i ndiaidh di plean luchtaithe a fhlít a
						
Ceisteanna						



Department of Transport
gov.ie/transport

An Roinn Iompair
Department of Transport

zevi
Zero Emission
Vehicles Ireland